RTÉ

RADIO TELEFÍS ÉIREANN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA 2006

Is é fís RTÉ cur le muinín mhuintir na hÉireann as an tseirbhís mar fhoinse eolais agus inspioráide a léiríonn agus a shaibhríonn a saol

Is é misean RTÉ:

- **Éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú**
- **Cláir agus seirbhísí sainiúla uaillmhianacha de shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile**
- **Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an tseirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir**
- **Rannpháirtíocht náisiúnta i ngach mórimeacht a éascú**

Clár	Lch
Buaicphointí	1
Ár gcuid Oibre	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra	5
Athbhreithniú oibriúcháin	7
Athbhreithniú airgeadais	24
An tÚdarás	28
An Bord Feidhmeannais	30
Rialachas Corparáideach	32
Tuairisc chomhaltaí an Údaráis	35
Ráiteas faoi fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis	36
Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh	37
Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta	38
Ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa	40
Ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus caillteanas aitheanta	41
Gluaiseachtaí sa chuntas ioncaim agus caiteachais	41
Clár comhardaithe an Ghrúpa	42
Ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa	43
Clár comhardaithe RTÉ	44
Nótaí atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa	45
Cairt	79
Eolas staitisticiúil eile	87
Innéacs	90
Stair airgeadais	91

Údarás Radio Telefís Éireann
An séú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa is daichead do na 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2006, arna chur i láthair an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha de bhun ailt 25 agus 26 den *Acht um Údarás Craolacháin, 1960.*

Buaicphointí Feidhmíochta

Bhí 49 de na 50
clár ba mhó a raibh lucht féachana acu ar Theilifís RTÉ, agus léiríodh 43 acu in Éirinn

Bhí 17 de na 20
clár raidió náisiúnta ba mhó a raibh lucht éisteacha acu ar Raidió RTÉ



D'fhéach os cionn 1m
duine ar RTÉ Six One nó ar an Nine O'Clock News gach lá i 2006

€182.8m
Ioncam Ceadúinais, ardú de 7.5%

€222.2m
Ioncam Tráchtala, ardú de 11.2%

€10.2m
Glan-Bharrachas (roimh FRS 17), ardú de 10.3%



Ioncam tráchtála



Glan-bharrachas



Líon uaire na gclár baile de chuid Theilifís RTÉ
(a craoladh i mbuaicuaire)



Sciar iomlán lucht féachana Theilifís RTÉ
(buaicuaire)



Lucht éisteachta iomlán Raidió RTÉ ag an deireadh seachtaine

Ár gcuid oibre

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann. Is é ceannródaí mheáin chumarsáide na hÉireann é, a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer do phobal na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge. Is seirbhísí cuimsitheacha ardchaighdeáin iad atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhchlaonta freisin, de réir na gceangal reachtúil atá ar RTÉ. Ina measc sin tá:

Raidió

Tá ceithre stáisiún raidió á reáchtáil ag RTÉ.

RTÉ RADIO 1

RTÉ Radio 1, a bhfuil nuacht, eolas, gnéchláir, díospóireachtaí agus spórt mar dhúshraith faoi.

RTÉ 2fm

RTÉ 2fm, an príomhstáisiún náisiúnta cainte agus popcheoil don aoisghrúpa faoi 35.

Teilifís

Tá dhá chainéal teilifíse saor go haer á reáchtáil ag RTÉ, mar atá RTÉ One agus RTÉ Two, dhá chainéal a chomhlánaíonn a chéile.

RTÉ ONE

Is é RTÉ One an príomhstáisiún teilifíse seirbhíse poiblí in Éirinn, a sholáthraíonn nuacht údarásach agus a dhéanann clúdach ar chúrsaí reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireann sé raon cuimsitheach ábhar Éireannach ar fáil, idir scéalta fíora, siamsaíocht, dhrámaíocht agus chláir faoi stíleanna maireachtála agus roghnaíonn sé ábhair oiriúnacha ó fhoinsí eile chun freastal ar lucht féachana leathan.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Cuireann RTÉ cláir nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil sa dá theanga, i ngach ceann dá sheirbhísí, idir raidió, theilifís agus sheirbhísí ar líne. Bíonn na cláir sin neamhspleách, beacht agus neamhchlaonta.

Foilsitheoireacht

RTÉ GUIDE

Foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide, an iris sheachtainiúil is mó díol in Éirinn.

RTÉ AERTEL

Cuireann sé RTÉ Aertel ar fáil, an tseirbhís teilitéacs saor go haer is mó in Éirinn.

Líonra

Líonra RTÉ

Soláthraíonn RTÉ líonra tarchuradóireachta náisiúnta, le haghaidh a chuid stáisiún raidió agus teilifíse féin agus le haghaidh TV3 agus Today fm. Ligeann sé spás túir amach ar cíos do stáisiúin raidió áitiúla freisin agus do raon páirtithe a bhfuil baint acu le seirbhísí leathanbhanda, le líonraí fón póca agus leis na seirbhísí éigeandála srl.

Grúpaí Oirfide

Grúpaí Oirfide RTÉ

Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn, agus ritheann cúig cinn de Ghrúpaí Oirfide, lena n-áirítear:

- Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ
- Ceolfhoireann Choirme RTÉ
- RTÉ Vanbrugh Quartet
- Cór Fiolarmónach RTÉ
- Cór na nÓg RTÉ

Anuas air sin tá TG4, cainéal teilifíse náisiúnta a bhfuil cláir Ghaeilge ag croí a sceidil. Cuid de Ghrúpa RTÉ a bhí ann ó thosaigh sé ag craoladh sa bhliain 1996, agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh athbhreithniú ar a struchtúr úinéireachta curtha i gcrích ag an Rialtas. D'fhógair an Rialtas i mí Lúnasa 2006 go mbronnfar stádas neamhspleách reachtúil ar TG4 ó thus mhí Aibreáin 2007.



Is é Feidhmeannas RTÉ a bhainistíonn na Rannáin Chomhtháite Gnó agus Seirbhísí Comhroinnte an Ghrúpa ó lá go lá. Tuairiscíonn an Príomh-Stiúrthóir díreach d'Údarás RTÉ, ar chuir Rialtas na hÉireann de chúram air gníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ a mhaoirsiú.

1. Tá TG4 laistigh de Ghrúpa RTÉ go fóill. Tá sé sceidealaithe a bheith mar chomhlacht reachtúil neamhspleách ó mhí Aibreáin 2007.

RTÉ lyric fm

RTÉ lyric fm, ar cainéal ceoil chlasaicigh agus ealaíon atá ann.

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

RTÉ Raidió na Gaeltachta, a chuireann seirbhísí i nGaeilge ar fáil atá cosúil go leor le seirbhísí RTÉ Raidió 1 ó thaobh ábhair de. Cuirtear béim ar leith ar an gceol traidisiúnta, ar nuacht áitiúil agus ar chúrsaí reatha sna pobail Ghaeltachta éagsúla.

RTÉ TWO

Stáisiún ilchineálach/ilseánrach is ea RTÉ Two a fhreastalaíonn ar shainluchtanna féachana trasna an sceidil go léir. Is ar an stáisiún seo a chraoltar The Den, le haghaidh daoine óga, agus a chraoltar cláir Spóirt RTÉ sa lá. San oíche, díríonn an stáisiún ar lucht féachana a bhfuil meon na n-óg acu, le cláir nuálaíocha dhrámaíochta mar *Trouble in Paradise* agus chláir shiamsaíochta mar *The Podge and Rodge Show*. Ceannaítear cláir thábhachtacha mar *Desperate Housewives* agus *Prison Break* chun an sceideal a threisiú.

RTÉ.ie

Soláthraíonn RTÉ raon de sheirbhísí gréasán-bhunaithe saor in aisce ar RTÉ.ie, an láithreán gréasáin meán cumarsáide is mó éileamh in Éirinn.

Ráiteas an Chathaoirligh

Mary Finan Cathaoirleach

"Is údar mórtais é go leanann ár n-aschur, i ngach aon slí, de bheith i lár an aonaigh

Ba í 2006 an chéad bhliain iomlán agam mar Chathaoirleach ar Údarás RTÉ agus ba bhliain fhíor-dhúshlánach agus ghnóthach a bhí inti. I dtús báire, ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl do mo chomhghleacaithe eile ar an Údarás as a dtiomantas agus a ndúthracht den scoth go leanúnach. Is údar mórtais i ndáiríre é an oiread sin comhghleacaithe dílis a bheith agam.

Don ceathrú bliain as a chéile, sáraíodh an buiséad i 2006 agus tháinig ardú ar an Táille Cheadúnais, tar éis measúnú neamhspleách a bheith déanta maidir le conas ar chomhlíonamar ár dtiomantais agus mar a rinneadh bainistiú ar athrú. Chuidigh an t-ardú sin ar ioncam le comhdhlúthú ar ár gcuid caiteachais ar chláir de dhéantús Éireannach, ar cuireadh fáilte mhór roimhe. Leanann Teilifís RTÉ ag baint tairbhe as an infheistíocht sin agus, i gcomhar le sceidealú comhlántach, ba é an toradh a bhí air ná gur tháinig ardú ar líon an lucht féachana ar chainéil RTÉ One agus RTÉ Two araon agus, faoi dheireadh na bliana, bhí RTÉ Two ar ais ar an dara cainéal in Éirinn ba mhó a raibh lucht féachana aige.

I margadh baile atá plódaithe, chuaigh RTÉ i ngleic le príomhdhualgas a sheirbhísí raidió, agus táthar ag feidhmiú sraith athruithe atá leagtha amach chun tacú leis an dualgas sin atá orthu agus chun na seirbhísí a threisiú. Tá tugtha faoi ag Raidió RTÉ tionscnaimh thábhachtacha sa timpeallacht dhigiteach agus táthar ag obair i gcomhar le Foilsitheoireacht RTÉ anois, mar shampla, ar imreoir suntasach iad sa mhargadh nua podchraolta. Leanann Foilsitheoireacht RTÉ ag díriú ar mheán leictreonach agus ar chóipeanna crua araon agus tá ag éirí go han-mhaith leo. Ba mhaith liom aird a tharraingt ar athdhearadh RTÉ.ie agus ar an bhfás ollmhór atá tagtha ar an líon imprisean leathanaigh atá air agus ar na húsáideoirí ar leith. Sainmhínítear RTÉ agus déantar é a mheas ar an méid a chuirtear ar fáil don lucht éisteachta. Is údar mórtais é go leanann ár n-aschur, i ngach aon slí, de bheith i lár an aonaigh – cé go bhfuil an margadh fíor-phlódaithe agus go bhfuil níos mó agus níos mó ardán ag teacht chun cinn i gcónaí.

Leanadh leis an gcaidreamh maith oibre i rith na bliana leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl dá dtacaíocht leanúnach do RTÉ agus dhá réimse ar leith a aithint a dtugtar aghaidh go háirithe orthu i gcomhar leis an Roinn.

Ar an gcéad dul síos, réimse na reachtaíochta, atá ríthábhachtach i ngach aon ní a dhéanaimid. Mar eagraíocht neamhbhrabúsach a fhaigheann airgead poiblí ollmhór, tuigimid nach mór dúinn a bheith cuntasach, trédhearcach agus ag comhlíonadh ár bhfreagrachtaí reachtaíochta go hiomlán. I rith na bliana, d'fhoilsigh an Rialtas *Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin* agus *An Bille Craolacháin (Leasú) 2006.*

Ba í an *Scéim Ghinearálta* ábhar an chéad phróiseas ríomh-chomhairliúcháin riamh maidir le reachtaíocht na hÉireann, agus tá sin ag leanúint ar aghaidh fós. Bhí ról iomlán ag RTÉ sa phróiseas ríomh-chomhairliúcháin - lena n-áirítear aighneachtaí a dhéanamh, freastal ar éisteachtaí an Oireachtais agus an próiseas a chur chun cinn ar RTÉ.ie. Tá an *Scéim Ghinearálta* ag moladh Bille cuimsitheach agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh reachtaíocht mhaith mar thoradh ar an gcomhairliúchán agus a chuideoidh lena chinntiú go ndéanfar an earnáil chraolacháin a fhorbairt mar is ceart in Éirinn.

Tugann an *Bille Craolacháin (Leasú) 2006* aghaidh ar na saincheisteanna maidir le Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) mar aon le seirbhísí a chraoladh chuig pobail Éireannacha lasmuigh d'Éirinn.

Ar an dara dul síos, i mí an Mhárta 2006 chuireamar *Plean Corparáideach Straitéiseach RTÉ 2006-2010* faoi bhráid an Aire agus na Roinne. Tá an tÚdarás ag déanamh monatóireachta ar fheidhmiú an Phlean agus is féidir liom a rá go muiníneach go bhfuil tionchar ollmhór aige ar gach Rannán san eagraíocht – go háirithe ó thaobh an chleachtais maidir le pleanáil straitéiseach a neadú. Beimid ag cur an dara ghála den Phlean 5 bliana atá ag leathadh amach faoi bhráid an Aire níos déanaí i mbliana.

Luaigh mé i dTuarascáil Bhliantúil 2005 go mba léir dom sna chéad mhíonna mar Chathaoirleach ar an Údarás go raibh RTÉ dírithe ar dhea-rialachas, ar chláir agus ábhair d'ardchaighdeán agus ar éifeachtúlacht. Tá an bharúil chéanna sin agam ó shin. Táim bródúil as an Eagraíocht agus as an tiomantas ollmhór a léiríonn comhaltaí na foirne, an sócmhainn is tábhachtaí go fírinneach atá ag RTÉ agus táim fíorshásta aitheantas a thabhairt dó sin.

Tá tréimhse bhríomhar agus ghnóthach amach romhainn go léir sa chraoltóireacht. Táim muiníneach go gcomhlíonfaidh RTÉ an dúshlán agus go gcinnteofar go mbeidh Craoltóir Seirbhíse Poiblí ag muintir na hÉireann amach anseo a mbeidh siad bródúil as.

Mary Finan

Athbreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

Cathal Goan an Príomh-Stiúrthóir

"D'fhoilsigh RTÉ an chéad leagan de Phlean Corparáideach Straitéiseach rollach bliana, ina leagtar amach ár bhfís agus ár gcuspóirí go 2010, rud a bhí mar mhórfhorbairt chorparáideach."

Léargas ar 2006

Baineadh amach go leor nithe suntasacha do RTÉ i 2006. Ba bhliain í ar baineadh torthaí d'ardchaighdeáin amach ó thaobh foilsitheoireachta, clár agus déanamh ceoil. Atreisíonn sin ár dtiomantas maidir le sárchleachtas agus nuálacht a sheachadadh agus bhí toradh den scoth ar fheidhmíocht tráchtála freisin. Ba léir chomh maith agus a d'éirigh le feidhmiú na gclár mar fuair RTÉ 64 gradam náisiúnta agus idirnáisiúnta agus fuarthas 61 ainmniúchán eile feadh Raidió, Teilifíse, an láithreán gréasáin agus Foilsitheoireacht RTÉ agus bhain gach seánra clár ainmniúchán amach.

Bhí dúshláin nua romhainn i 2006 freisin. Tháinig meán craolacháin nua chun cinn in Éirinn agus tá na meáin ag éirí níos iomaíche i gcónaí. Forbairt chorparáideach shuntasach a bhí i gceist nuair a d'fhoilsigh RTÉ an chéad ghála de *Phlean Corparáideach Straitéiseach* 5 bliana atá leanúnach agus leagtar amach ár bhfís agus ár gcuspóirí go 2010 ann. Tá RTÉ tiomanta do phleanáil straitéiseach leanúnach agus foilseofar an dara gála den Phlean i 2007.

Mar a thug an Cathaoirleach le fios cheana féin, tugadh isteach dréacht-reachtaíocht thábhachtach nua i 2006. Foilsíodh dréacht-reachtaíocht nua, mar aon leis an *Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin*, chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann ardán Teilifíse Dhigiteach Trastíre (DTT) a bhunú d'Éirinn. Tá agus beidh tábhacht ollmhór ó thaobh RTÉ ardán DTT inmharthana d'Éirinn a bhunú toisc gurb é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí Náisiúnta na hÉireann saor go haer. Oibreoidh RTÉ go dlúth le gach príomhgheallsealbhóir lena chinntiú go mbunófar DTT ar shlí thráthúil a bheidh éifeachtach ó thaobh costais di le go mbeidh teilifís ilchainéal uilíoch poiblí saor go haer ar fáil don lucht féachana sula múchfar an analóig de réir an AE i 2012 mar atá socraithe.

Daoine

Bíonn sraith gníomhaíochtaí cruthaíocha agus casta i gceist sa chraoltóireacht. Is de bharr scileanna agus tiomantas na foirne agus na gcuideachtaí léirithe neamhspleácha éagsúla, a n-oibríonn RTÉ i gcomhar leo, ar éirigh chomh maith sin le RTÉ i 2006. Bíonn ár scileanna á n-athmheas go seasta agus táthar á bhforbairt go háirithe anois agus muid ag aistriú chuig timpeallacht iomlán dhigiteach. Tá RTÉ ábalta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu sa chóras meán atá ag athrú go síoraí seasta mar gheall go bhfuil meascán maith d'fhoireann intí thiomanta agus chruthaíoch in RTÉ i ngach gné den aschur agus go bhfuil borradh faoin earnáil léirithe neamhspleách freisin. Tá tacaíocht den scoth ag an bhfócas cruthaitheach sin ó bhuíon foirne cúltaca atá chomh dúthrachtach i Riarachán, Cumarsáid, Seirbhísí Dlí, Airgeadas, Maoin & Seirbhísí, HR agus Teicneolaíocht. Is mar gheall ar obair chrua agus ar fhuinneamh na ndaoine go léir atá rannpháirteach san fhiontar craolacháin seirbhíse poiblí in Éirinn a bhfuilimid ábalta aghaidh a thabhairt ar an todhchaí agus tacaíocht an phobail againn agus muid cinnte go mbeidh tábhacht ollmhór le hobair RTÉ i saol na hÉireann amach anseo.

Comhairle Lucht Éisteachta

Ag teacht le tiomantais fhoilsithe RTÉ, tháinig an Chomhairle Lucht Éisteachta le chéile den chéad uair i 2003. Tá achoimre ar a gcuid díospóireachta agus a gcuid cruinnithe i 2006 foilsithe in áit amach sa Tuarascáil seo. Is léir ón raon leathan ó thaobh ábhar a phléigh an Chomhairle gur léirigh a cuid comhalta spéis fhorleathan i go leor gnéithe d'aschur clár RTÉ. Tá comhalta ag Údarás RTÉ, Maria Killian, ar an gComhairle agus is é an dualgas atá uirthi a bheith mar nasc idir an tÚdarás agus an Chomhairle. Tá tuairisc freisin ar gach aon cheann de chruinnithe na Comhairle foilsithe ar láithreán gréasáin RTÉ. Lean an bhainistíocht eagarthóireachta shinsearach, mar a rinne i gcónaí, ag freastal ar na cruinnithe go léir chun tosaíochtaí clár a phléigh agus chun éisteacht le dearcaí agus le hábhar imní na Comhairle. Táim sásta a rá go raibh tionchar ag na tuairimí sin ar chinntí eagarthóireachta i rith na bliana.

Mar a luann an Chomhairle ina Tuarascáil, b'fhearr léi go mór go gcinnteofaí go gcoimeádfaí leanúnachas ó thaobh comhaltaí in aon reachtaíocht nua a chuirfear i bhfeidhm agus tacaíonn RTÉ leis an gComhairle ina thaobh sin.

Fáiltím roimh rannpháirtíocht leanúnach na Comhairle lena gcomhghleacaithe i BBC Northern Ireland.

Ó dheireadh bliana, d'éirigh an tUasal Mark Connolly as an gCathaoir agus tháinig an tUasal Paul Kinsella ina áit. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Uasal Connolly as an méid a rinne sé agus é mar Chathaoirleach agus guím gach rath ar an Uasal Kinsella sa bhliain seo amach romhainn.

Freagracht Chorparáideach

Tá cur chuige RTÉ maidir le Freagracht Chorparáideach bunaithe ar an mbuntuiscint mhorálta, go bhfuil sé d'fhreagracht orainn mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann an rud ceart a dhéanamh ó thaobh shochaí na hÉireann. Tá RTÉ dáiríre faoi Fhreagracht Chorparáideach, agus i 2006 d'eisíomar Tuarascáil maidir le Freagracht Chorparáideach. Ba shin í an chéad cháipéis inar aithníodh na príomhréimsí freagrachta, tugadh samplaí sonracha de ghníomhaíochtaí ó thaobh freagracht chorparáideach agus lorgaíodh aiseolas. Díreach mar a dhéantar ár bhfeidhmíocht airgeadais a thomhas agus a mheas, ba chóir go ndéanfaí amhlaidh maidir leis na gnéithe sóisialta agus timpeallachta dár gcuid gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, is í an tuarascáil sin an chéad mhórchéim den tiomantas poiblí atá againn maidir le freagracht chorparáideach. Tá cóip den tuarascáil sin ar fáil ar RTÉ.ie. Foilseofar Tuarascáil eile maidir le Freagracht Chorparáideach i 2007.

Neamhspleáchas TG4

Mar a ceapadh i dtús báire i 1994 nuair a threoraigh an Rialtas do RTÉ Teilifís na Gaeilge a bhunú, beidh TG4 mar chomhlacht reachtúil ar leithligh. Tá an 1 Aibreán 2007 ainmnithe anois mar an dáta a ndéanfar comhlacht reachtúil ar leithligh de TG4. Leanfaidh RTÉ ag soláthar uair a chloig amháin de chláir Ghaeilge in aghaidh an lae gan chostas chuig TG4 agus oibreoidh siad le TG4 chun aidhmeanna i gcomhar do Chraoltóireacht Seirbhíse Poiblí a chur ar aghaidh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gcathaoirleach Mary Finan agus le comhaltaí Údaráis RTÉ as a dtacaíocht chuiditheach agus airdeallach agus muid ag treorú forbairtí tábhachtacha. Bhí siad díograiseach agus d'oibríodar crua le tionchar a bheith acu ar an straitéis do thodhchaí RTÉ.

Cathal Goan

D'fhill *The Clinic* i 2006 agus roinnt daoine agus scéalta nua le sonrú air. Mar is gnáth, is minic le cleachtóirí an chlinic ar Shráid Clarence i mBaile Átha Cliath daoine eile a leigheas agus neamhaird a dhéanamh orthu féin.

D'éirigh an-mhaith le cláir de chuid Drámaíocht RTÉ i 2006 agus bhí drámaí nua air mar Stardust a bhí ar an cheann de na deich gclár ba mhó a raibh lucht féachanna aige i 2006.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Teilifís

Bliain rathúil a bhí i 2006 do Theilifís RTÉ. D'éirigh thar cionn le Teilifís RTÉ cé go raibh níos mó iomaíochta sa mhargadh baile agus sa mhargadh idirnáisiúnta. Idir Mhí na Nollag 2005 agus Mhí na Nollag 2006, tháinig ardú beagnach 1% ar sciar náisiúnta iomlán Teilifís RTÉ le linn buaicuaire (18:00-23:30) go 45%. Tharla sin i gcomhthéacs laghdú ar sciar iomlán iomaitheoirí trastíre RTÉ sa tréimhse chéanna.

Sna tithe sin a bhfuil fáil ar iliomad cainéal (an timpeallacht is déine iomaíocht) d'ardaigh sciar buaicuaire iomlán RTÉ 1% go 38.4%.

Sciar Náisiunta Gach Cainéil - an Lá Uile



Foinse: AGB Nielsen Media Research

Sciar Náisiunta Gach Cainéil le linn Buaicuaire



Foinse: AGB Nielsen Media Research

Ba é an ní ab fhearr faoin bhfeidhmíocht sin ná go raibh ardú ar sciar RTÉ Two. Rinneadh athbhrandáil ar an stáisiún sin agus athseoladh é 18 mí ó shin agus is é an dara cainéal is mó tóir in Éirinn anois é, tar éis RTÉ One.

Chraol RTÉ 19 as na 20 clár ba mhó tóir ar gach cainéal i 2006. Tá raon clár ar an liosta ón *Late Late Show* agus *Killinaskully* (bhí an dá chlár sin i measc na cúig chlár ba mhó tóir) go cluichí ceannais Uile-Éireann an CLG agus ar ndóigh Nuacht & Cúrsaí Reatha.

Tríd is tríd, lean Teilifís RTÉ ar bharr an liosta de na 100 clár ba mhó a raibh lucht féachana acu in Éirinn sa bhliain 2006. Chabhraigh an láidreacht sin ó thaobh sciar mhargaidh freisin le hardú leanúnach a bhaint amach ar ioncam fógraíochta.

Ba é seo an chéad bhliain le cúig bliana a raibh fáil ar urraíocht don *Late Late Show* agus shínigh Halifax comhaontú chun urraíocht a thabbhairt don seó don chéad dhá bhliain eile amach romhainn.

The Café

Spórt RTÉ - clúdach Chraobhchomórtas CLG 2006.

Athbhreithniú Oibriúcháin
Teilifís ar lean

Thug Podge and Rodge a gcur chuige féin chuig sceideal RTÉ Two, mar aon le *The Panel* agus *Naked Camera*.

The Panel

Naked Camera

Na cláir Theilifíse ba mhó a raibh lucht féachana acu (de réir 000aidí de lucht féachana)

Na 10 gclár* ba mhó a raibh tóir orthu i 2006

Bonn: Náisiúnta, Daoine 4 bliana d'aois +

Rang	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Am	TVR	000aidí	Sciar
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	01 Nol	21:35 - 23:45	29	1122	70.4
2	RTÉ News: Nine O'Clock	RTÉ One	Domh	26 Fea	21:00 - 21:18	22.3	854	55.3
3	You're A Star: Results	RTÉ One	Domh	05 Már	21:25 - 21:54	21.2	810	50.4
4	Killinaskully: A Christmas Concert	RTÉ One	Luan	25 Nol	21:41 - 22:09	20.7	799	48.6
5	All Ireland Hurling Final: Kilkenny v Cork	RTÉ Two	Domh	03 MF	15:27 - 17:31	20	774	70.4
6	Eurovision Song Contest	RTÉ One	Sath	20 Beal	20:00 - 23:02	19.9	762	58.3
7	Coronation Street	TV3	Luan	25 Nol	20:00 - 20:56	19.4	750	45.3
8	Rose Of Tralee 2006	RTÉ One	Máirt	22 Lún	21:33 - 23:15	18.5	707	51.6
9	All Ireland Football Final: Kerry v Mayo	RTÉ Two	Domh	17 MF	15:18 - 17:31	18.3	709	67.5
10	Stardust	RTÉ One	Domh	12 Fea	21:35 - 22:31	17.7	678	46.2

Foinse: AGB Nielsen Media Research

* An clár ba mhó a raibh tóir air. Clár rangaithe de réir Rátáil Teilifíse (TVR) D'athraigh an uilephobal iomlán i Meán Fómhair. Rogha ar an meán: Aon Lá, Aon Am (An Eipeasód is Fearr). Tá cláir nuachta san áireamh. An t-achar is lú 15 nóiméad.

D'éirigh an-mhaith le cláir de chuid Drámaíocht RTÉ i 2006 agus bhí drámaí nua ann mar *Stardust, Fallout* agus *Legend* i measc cinn eile. Bhí fáilte mhór ar ais roimh *The Clinic* (agus d'éirigh thar cionn leis), agus lean *Fair City* ag mealladh lucht féachana ollmhóra chuig RTÉ One.

Chuir RTÉ Fíorasach roinnt clár den scoth i láthair anuraidh. D'éirigh thar cionn leis an tsraith faisnéise mór le rá ar loslam agus ar shaol na *Junior Doctors*, mar aon le cláir fhaisnéise ar leith a bhí an-mhaith mar shampla *Arts Lives* agus *Hidden History*.

Lean an *Late Late Show* agus *Tubridy Tonight* mar chláir a raibh lucht féachana cinnte acu ar an deireadh seachtaine. Thug na réaltaí nua Podge and Rodge a gcur chuige féin chuig sceideal RTÉ Two, mar aon le *The Panel* agus *Naked Camera*.

Ba bhliain shuntasach a bhí ann freisin do Spórt RTÉ agus bhí imeachtaí ollmhóra mar Chorn Ryder agus Craobh an Domhain 2006 i measc na mbuaicphointí, mar aon le clúdach forleathan ar chraobhchomórtas an CLG, rugbaí na Sé Náisiún, sacar idirnáisiúnta agus rásaíocht chapall. Lean Teilifís RTÉ lena ngealltanas clúdach a thabhairt ar spórt mionlaigh freisin agus bhí clúdach rialta ar chispheil, ar haca, ar lúthchleasaíocht, ar Moto GP, rásaíocht na gcon agus railí na hÉireann ní nach beag.

Tá an margadh do chearta spóirt chomh iomaíoch agus a bhí riamh agus leanfaidh RTÉ ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin ollmhóra sna blianta amach romhainn agus déanfaimid iarracht a chinntiú go mbeidh rochtain saor go haer ag lucht féachana na hÉireann ar imeachtaí spóirt ollmhóra.

D'infheistigh RTÉ i roinnt imeachtaí aon uaire freisin i 2006 agus áiríodh orthu sin cláir ar Theilifís, ar Raidió agus Ar Líne. Bhí *Health Fix for 06* ann i dtús na bliana agus *Test the Nation* agus an *20 Years project* ina dhiaidh sin. D'fhéach an *20 Years project* ar an gcaoi ar athraigh Éire le scór bliain anuas. Cuireadh sraith nua Gaeilge *Oileán* ar éirigh go maith léi leis na cláir Ghaeilge *Léargas* agus *Scannal* agus cuireadh tús le clár nua *Seoige and O'Shea* i rith an lae.

Ar deireadh, bhí os cionn 650 uair an chloig de chláir i rannóg na gclár do Dhaoine Óga agus sin ceann de na codanna is iomaíche den sceideal. Áiríodh ar na tionscnaimh do 2006 cláir speisialta le linn laethanta saoire ón scoil, tionscnaimh rochtaine do lucht féachana, cláir réamhscoile, clár beochana agus ceoil.

Cláir a rinneadh in Éirinn ar Theilifís RTÉ le linn Bualcuaire de réir seánra



Foinse: RTÉ

Anailís ar ábhar na gclár buaicuaire ar Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Ioncam Tráchtála

Bliain eile den scoth a bhí i 2006 maidir le hioncam Teilifíse ar tháinig ardú 12% air. Is éacht suntasach é sin nuair a thuigtear go bhfuil ardú ollmhór ag leanúint ar aghaidh ar iomaíochas sa mhargadh.

Bhí toradh maith ó thaobh ioncam urraíochta freisin i 2006. Tháinig na harduithe sin ó ioncam ó Chorn Ryder agus ón gCorn Domhanda, mar aon le roinnt príomhurraíochtaí nua mar urraíocht ó Glanbia don chlár *The Weather* agus urraíocht ó Halifax don chlár an *Late Late Show.*

Is é an toradh a bhí ar níos mó aitheantais don tábhacht a bhaineann le réiteach-dhíol le cliaint ná go bhfuil níos mó infheistíochta á dhéanamh in acmhainní tiomanta Tras-Meán. Tugann an luach breise sin deis do RTÉ deiseanna chur chun cinn a thairiscint do chliaint feadh ardáin RTÉ go léir – Teilifís, Raidió, Foilsitheoireacht, Ar Líne agus Aertel.

Cúrsaí Oibriúcháin

Lean Teilifís RTÉ ag infheistiú go leor airgid i bpríomhthionscadail chaipitil. Lean an bogadh i dtreo thimpeallacht iomlán dhigiteach agus infheistíodh in iarléiriú digiteach agus córas bainistithe cainéal nua atá socraithe le teacht i bhfeidhm i 2007.

Uaire fotheidealaithe Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Cúrsaí Iomaíochta

Beidh dúshlán leanúnach i gceist i gcónaí mar gheall ar iomaíochas ó chainéil satailíte. Ceann de na freagraí atá ag RTÉ ná infheistíocht níos mó i gcláir Éireannacha, go háirithe i gcláir Dhrámaíochta agus Fhíorasacha. Is féidir a thomhas chomh maith agus atá ag éirí leis an straitéis ó thaobh ár gcumas leanúint ar aghaidh ag mealladh lucht féachana agus á gcoimeád mar gheall ar na nithe tarraingteacha a bhaineann leis na cláir a dhéantar in Éirinn.

Cuireadh tús le clár nua *Seoighe and O'Shea* i rith an lae.

Test the Nation

Seachadadh os cionn 650 uair an chloig de chláir ó rannóg na gclár do Dhaoine Óga agus sin ceann de na codanna is iomaíche den sceideal.

Thug RTÉ Radio 1 Macbeth chuig Muineachán. I mí na Nollag 2006, d'oibrigh RTÉ Radio 1 le ceithre scoil i gcontae Mhuineacháin chun Macbeth de chuid Shakespeare a thaifeadadh do Raidió RTÉ. Léirigh grúpaí Ardteistiméireachta ó Charraig Mhachaire Rois agus as Baile Mhuineacháin na róil dhúshlánacha faoi threoir stiúrthóir agus aisteoir stáitse, Alan Stanford.

Craoladh an sraith raidió ina raibh ceithre chlár, Macbeth in Monaghan, ar RTÉ Radio 1 thar cheithre Dhomhnach i mí Eanáir 2007.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Raidió

Na 20 Clár Raidió Náisiúnta Lán-Seachtainiúla is Mó Tóir – Eanáir go Nollaig 2006

Rang	Clár	Stáisiún	Bloc Ama	Tréimhse	% Aimsiú	Líon Daoine Fásta 15+
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	13%	442,000
2	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	10%	333,000
3	The Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	10%	324,000
4	Gerry Ryan	RTÉ 2fm	09:00-12:00	Luan-Aoine	9%	316,000
5	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	9%	304,000
6	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Sath	9%	291,000
7	Today with Pat Kenny	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	8%	268,000
8	Playback	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Sath	7%	251,000
9	The Saturday Show with William Leahy	RTÉ 2fm	12:00-15:00	Sath	7%	250,000
10	Conversations with Eamon Dunphy	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Sath	7%	248,000
11	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domhnach	7%	247,000
12	Ray D'Arcy Show	Today FM	09:00-12:00	Luan-Aoine	7%	244,000
13	Ian Dempsey Breakfast Show	Today FM	07:00-09:00	Luan-Aoine	7%	236,000
14	The Last Word	Today FM	16:30-19:00	Luan-Aoine	6%	192,000
15	Drivetime	RTÉ Radio 1	17:00-20:00	Luan-Aoine	6%	189,000
16	News / Papers / World Report / Farm Week	RTÉ Radio 1	08:00-09:00	Sath	5%	185,000
17	Michael Cahill	RTÉ 2fm	09.00-11.00	Sath	5%	181,000
=18	The Business / Various	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Domhnach	5%	178,000
=18	Ireland's Biggest Jukebox with John Clarke	RTÉ 2fm	11:00-14:00	Domhnach	5%	178,000
20	News / Papers / Sunday Miscellany	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Domhnach	5%	176,000

Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Jan-Dec 2006 (tns-mrbi)

Uaire Raidió ar RTÉ de réir Seánra



Foinse: RTÉ

RTÉ Radio 1

Tharla athruithe móra i gcúrsaí raidió i 2006. Tuigtear go bhfuil an raidió ar cheann de na hearnálacha meán is iomaíche ar fad. Cé go bhfuil níos mó daoine ná riamh ag éisteacht leis an raidió, tá an lucht éisteachta i bhfad níos géarchúisí agus tá rogha ollmhór ábhar ag an éisteoir sa lá atá inniu ann. Mar thoradh ar chúrsaí iomaíochta agus ar dhéimeagrafaíochtaí agus díol spéise athraitheacha an lucht éisteachta araon, chuir Raidió RTÉ tús leis na hathruithe is forleithne a rinneadh ar an sceideal le blianta fada anuas.

Tá sceideal nuálach ar fad forbartha faoi threoir an Cheannasaí nua, Ana Leddy a thosaigh i mbun oibre go luath i 2006. Tugadh isteach *Mooney*, leagan amach iomlán nua cláir a bhíonn ar an aer díreach roimh *Drivetime*. Is í Mary Wilson a chuireann *Drivetime* i láthair agus tá clár ealaíon nua forbartha freisin *The Eleventh Hour*. Cuireann Eamon Dunphy sraith nua i láthair maidin Dé Sathairn agus athraíodh John Creedon go *Late Date*. Léiríonn an sceideal nua lucht éisteachta atá ag athrú mar aon le próifíl an mhargaidh. Is é an gealltanas a thugaimid caighdeáin arda a choimeád mar aon le cur le mealltacht na gclár.

Cuireann Eamon Dunphy sraith nua i láthair maidin Dé Sathairn. Léiríonn an sceideal nua lucht éisteachta atá ag athrú mar aon le próifíl an mhargaidh.

Tugadh isteach *Mooney* sa bhliain 2006 – clár le meascán de chomhrá, eolas, comhairle agus siamsaíocht.

Drivetime le Mary Wilson.

Athbhreithniú Oibriúcháin
Raidió ar lean

Cuireann John Kelly *The JK Ensemble* i láthair tráthnónta i rith na seachtaine.

Bhí roinnt clár ar bhain fíorthábhacht ar fad leo agus áirítear ar na buaicphointí sin, Ceiliúradh Céad Bliain Beckett, clúdach den scoth ar Chorn Ryder, agus an tóir ar fud na tíre ag lorg tallainne agus ansin *Carousel* ar stáitse agus Ceolchoirm Charúl na Nollag Uile-Éireann.

RTÉ 2fm

Lean an líon lucht éisteachta ar an deireadh seachtaine ag ardú i 2006 ach bhí laghdú ar an lucht éisteachta a bhí ag cláir i rith na seachtaine. Is é an tosaíocht do 2007 an sceideal a atógáil agus sciar den lucht éisteachta a fháil ar ais. Craoladh os cionn 175 uair an chloig de cheol beo ar an aer; chuaigh seisiúin 2fm ar camchuairt go Ceatharlach, go Liatroim agus go Maigh Eo; taifeadadh 30 bannaí nua lena gcraoladh, agus cuireadh beagnach 40 uair an chloig de cheol beo ar fáil do líonra Aontas Craolacháin na hEorpa. D'éirigh go maith le Raidió na hIdirbhliana an tríú bliain as a chéile, agus chuaigh trí bhanna ceoil óga den scoth ar camchuairt ceolchoirme réigiúnach 10 lá faoin mbratach *RTÉ 2fm 2moro2our*. D'éirigh an-mhaith leis an gcainéal ó thaobh tráchtála trí fhógraíocht, trí urraíocht agus trí chothú clár.

RTÉ lyric fm

Bhí bliain den scoth ag RTÉ lyric fm. Rinneadh ceiliúradh ar Chomóradh Dhá Chéad Bliain Mozart leis an tionscnamh tábhachtach *The Rambles of Mozart* (coimisiún ón bhfidléir traidisiúnta Frankie Gavin), bhí ceolchoirmeacha comórtha tábhachtacha eile ann mar aon le craoltaí beo ó Vín. I mí Dheireadh Fómhair, thosaigh beirt láithreoirí den scoth i mbun oibre leis an gcainéal: cuireann John Kelly *The JK Ensemble* i láthair tráthnónta i rith na seachtaine agus reáchtálann Gay Byrne an clár *Sunday Serenade*. D'éirigh le formhór na gclár cur lena lucht éisteachta. Eisíodh cúig dhlúthdhiosca ar lipéad RTÉ Lyric; léiríodh ceann amháin acu, *Christmas Choice*, i gcomhar le Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus scaipeadh saor an aisce é leis an *RTÉ Guide*.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Ceapadh Edel Ní Chuireáin ina Ceannaire ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i dtús na bliana 2006. Léirigh taighde neamhspleách a foilsíodh i mí an Mhárta go raibh ardú 9% go dtí 41% ar líon an lucht éisteachta sa Ghaeltacht ón mbliain 2001. Cuireadh athruithe i bhfeidhm ar an sceideal, cuireadh síneadh 30 nóiméad leis an gclár nuachta agus cúrsaí reatha ar maidin. Cuirtear tús leis an gclár *Adhmhaidin* anois ag 7:30 am. Léiríonn sin an tiomantas láidir maidir le hiriseoireacht thábhachtach atá ag croí an sceidil. Cuirtear seó siamsaíochta nua i láthair san iarnóin *RonánBeo@3*. Snáithe nua seachtainiúil é *Dearc* ina leagtar béim ar na hamharcealaíona. Clár nua spreagúil é *Oideas agus Oidhreacht* atá curtha leis an sceideal sa tráthnóna. Síníodh *Spórt an Lae*, *Nead na Fuiseóige*, agus *Sruth na Maoile* nó cuireadh struchtúr nua orthu mar chuid den ghealltanas feabhas a chur ar an tseirbhís agus lucht éisteachta dílis choimeád. Choinnigh *Géill Slí* ar Anocht fm a lucht éisteachta óg. Déanfar tuilleadh forbartha ar chláir don óige go háirithe i 2007.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Tháinig ardú ar ioncam tráchtála bliain i ndiaidh bliana i margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí. I 2007, cuirfimid le mar a d'éirigh le feachtais mhargaíochtaí mar *livin' the life, lovin' the music* de chuid RTÉ 2fm agus *where life sounds better* de chuid RTÉ lyric fm. Tógadh stiúideo raidió den scoth in Ionad Bhaile Dhún Droma i mBaile Átha Cliath agus beidh Roadcaster nua de chuid RTÉ 2fm ar an mbóthar i 2007. Chun coimeád suas le mar a d'éirigh linn le blianta beaga anuas, beidh sé riachtanach do Raidio 1 agus do 2fm a sciar den lucht éisteachta a fháil ar ais.

Sciar den Lucht Éisteachta Náisiúnta Raidió 2006

RTÉ Radio 1	20.9%
RTÉ 2fm	12.9%
RTÉ lyric fm	1.7%
RTÉ Raidió na Gaeltachta	0.5%
Today FM	12.1%
Stáisiúin Náisiúnta eile	0.9%
Stáisiúin Réigiúnacha/áitiúla	51.0%



Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Ean-Nol 2006 (TNS-mrbi)

Cúrsaí Iomaíochta

Bhronn an BCI an líon ab airde riamh de cheadúnais raidió i 2006. Tháinig athrú ollmhór ar an tírdhreach raidió iomaíoch feadh an speictrim agus ar fud na tíre. Beidh thart ar 40 stáisiún tráchtála ann gan mhoill, iad go léir san iomaíocht lena chéile do chion den sparán fógraíochta céanna.

Ina theannta sin, lean an comhnascadh sa mhargadh i gcás EMAP, UTV agus Communicorp. Is leis na trí stáisiún sin beagnach gach stáisiún raidió i gcomhchathracha ollmhóra na hÉireann anois.

Cuireadh leis an líon stáisiúin raidió atá ar chábla, ar Theilifís dhigiteach, ar sheinnteoirí meán agus ar an idirlíon freisin i 2006. Nuair a chuirtear tionchar na iPods/na seinnteoirí MP3 san áireamh, is léir go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar an margadh iomaíoch agus go bhfuil níos mó dúshláin ná riamh roimh gach stáisiún raidió.

Tá sé i gceist againn córas tomhais lucht éisteachta níos sofaisticiúla mar an ceann atá i bhfeidhm maidir leis an Teilifís a thabhairt isteach i 2007. Tá trialacha déanta ar an gcóras sa Ríocht Aontaithe cheana féin agus bhí torthaí dearfacha air.

Oibriúcháin Raidió

I 2006 bhí sé 80 bliain ó cuireadh tús leis an tseirbhís raidió a bhí ann roimh Raidió RTÉ, is é sin 2RN, agus i 2006 tugadh an tseirbhís isteach sa ré craolacháin dhigitigh agus rinneadh trialacha ar chraoladh digiteach fuaime (DAB). Ciallaíonn teicneolaíocht dhigiteach feabhas ollmhór ar chaighdeán FM, cuirtear fuaim níos glaine ar fáil, cuirtear eolas maidir le clár ar fáil i dtéacs agus tá deis ann do níos mó cainéal agus seirbhísí. Rinneadh trialacha freisin ar DAB-IP, bealach chun cainéil Teilifíse a sheachadadh chuig fearais shoghluaiste trí tharchuradóireachtaí raidió DAB. Chuir raidió freisin leis an méid a bhítear a chur ar fáil ar líne. Faoi dheireadh na bliana, ba é Raidió RTÉ an podchraoltóir clár náisiúnta ba mhó.

Ba é Raidió RTÉ an t-aon stáisiún Éireannach a raibh rochtain chuimsitheach aige ar an K Club. Bhí beagnach tríocha uair a chloig clúdach ag meántonn agus ag fadtonn RTÉ Radio 1 beo ón gcúrsa i rith deireadh seachtaine Chorn Ryder.

Tráchtaire rugbaí Raidió RTÉ, Michael Corcoran.

I mí na Nollaig 2006, mar chuid dá sraith leanúnach imscrúdaitheach, nochtaigh Primetime eolas scanrúil maidir le cleachtais ghnó na ndaoine a bhíonn páirteach i mborradh maoine na hÉireann.

Tógadh os cionn 80,000 teach nua in Éirinn anuraidh, agus ós rud é go bhfuil teacht ag 99% den mhargadh ar theilifís RTÉ ar fud na tíre, is mór an seans go raibh 45% de na líonta tí sin ag féachaint ar Nuacht agus Cúrsaí Reatha Theilifís RTÉ.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Cláir

Léirigh taighde cainníochtúil tacaíocht láidir leanúnach do chláir Nuachta RTÉ agus sheachaid Nuacht Teilifíse agus Raidió araon feidhmíochtaí iomaíocha maithe i 2006. I gcás raidió, choimeád *Morning Ireland* a áit mar an clár ba mhó a raibh lucht éisteachta aige sa tír agus léirigh leathanaigh Nuachta RTÉ ar RTÉ.ie an líon ab airde imprisean leathanach fós.

Chuaigh dhá sraith eile den chlár *Prime Time Investigates*, a bhuaigh duaiseanna, ar an aer i 2006. Áirítear ar na heagráin a raibh tionchar ollmhór acu ar an lucht féachana, cláir maidir le gáinneáil ar dhaoine, seirbhísí A&E, meabharshláinte agus gníomhairí eastát.

Tugadh aghaidh ar dhá théama ar leith i rith na bliana. Tuairiscíodh Sábháilteacht ar Bhóithre sna feasacháin nuachta gach lá agus bhí tuairiscí míosúla breise ar chúiseanna agus ar iarmhairtí thionóiscí marfacha na míosa sin. Sampla amháin de thacaíocht nuálach tras-meáin an láithreán gréasáin speisialta ar RTÉ.ie maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chuir le gnéchláir Nuachta agus a léirigh tionchar an scéil níos mó fós. Bhí téamh domhanda ar an dara téama ollmhór a pléadh ina raibh gnéithe ón gComhfhreagraí Comhshaoil Paul Cunningham lena n-áirítear sraith tuairiscí ón oighearchaidhp sa Ghraonlainn atá ag leá.

Áirítear ar ghnéchláir thráthúla thábhachtacha eile, clár faisnéise Jim Fahy, ar thaithí na n-eisimirceach ón mBrasaíl atá ina gcónaí sa Ghort, i gCo. na Gaillimhe anois agus clár speisialta *Nationwide* ón bPolainn faoi Nollaig. Mar mhalairt air sin, láithrigh an tEagarthóir Eacnamaíochta George Lee anailís dhúshlánach ar an taithí eacnamaíoch le déanaí in Éirinn i ngnéchlár speisialta *Boom*.

Áirítear ar na himeachtaí speisialta i rith na bliana, clúdach cuimsitheach ar shochraid Stáit Charles J. Haughey agus ceiliúradh speisialta ar chomóradh 90 bliain Éirí Amach 1916.

Cur chuige nuálach a bhí i *Nuacht Pobail* do TG4 agus Nuacht RTÉ maidir le craolachán pobail i gceantair Ghaeltachta agus áiríodh ann foireann Nuachta ag cur oiliúint ar phobal áitiúil chun a gclár nuachta féin a sholáthar.

Cheap an Roinn Nuachta Comhfhreagraí Gnóthaí Dlí nua, Comhfhreagraí nua do Bhaile Átha Cliath agus Comhfhreagraí Ealaíon agus Meán.

Oibriúchán

Cuireadh athrú suntasach teicneolaíochta i bhfeidhm maidir leis an Nuacht i 2006. Cuireadh córas nua iNews in áit an chórais ríomhaireachta Newstar a bhí ann le 20 bliain anuas. B'éigean athoiliúint a chur ar an bhfoireann iomlán nuachta. Ag an am céanna a raibh sé sin ar siúl, cuireadh Avid Newscutter in áit an chórais féin-eagarthóireachta físe Editstar agus athraíodh an seomra rialaithe Stiúideo 3 go tarchuradóireacht gan téip. I rith an tsamhraidh, athraíodh 'cuma' na nuachta agus baineadh úsáid as seit nua, beochana agus dearadh grafach i gcás gach feasachán nuachta agus aistríodh gach aschur nuachta chuig formáid scáileáin leathan.

Thaisteal Michael Ryan agus Mary Kennedy ó *Nationwide* chuig an bPolainn chun casadh le roinnt Éireannach a bhfuil Vársá mar bhaile anois acu.

Bíonn scéalta, radhairc agus fuaimeanna Bhaile Átha Cliath an lae inniu i *Capital D* a chuireann Anne Cassin i láthair.

Tá teicneolaíocht nua ábalta ábhar teilifíse a chur i láthair anois ar bhealaí nua-aimseartha, soláthraíonn teicneolaíocht DVB-H/DAB-IP rochtain dhíreach chuig d'fhóin póca agus chuig do PDAnna ar an teilifís go háirithe maidir le clúdach spóirt. Fút féin atá sé anois cá háit agus cén uair a theastaíonn uait féachaint ar an teilifís!

Tá RTÉNL ag croílár chur chun cinn agus sheachadadh an chraolacháin dhigitigh agus leanfaidh RTÉNL ag obair do dlúth lena gcomhpháirtithe sóisialta chun bunú an Chraoladh Digiteach Fuaime agus Teilifís Dhigiteach Trastíre a bhrú chunn cinn.



Athbhreithniú Oibriúcháin
Líonra

Cúrsaí Iomaíochta

Oibríonn fochuideachta RTÉ, RTÉNL Líonra Tarchuradóireachta Craolacháin RTÉ. Cuireann an chuideachta sin seirbhísí Crann Tarchurtha agus Túir coimhdeacha ar cíos ar fáil freisin do raon soláthróirí agus oibritheoirí seirbhísí teileachumarsáide.

Shocraigh an rialtóir teileachumarsáide, ComReg gnó Tarchuireadóireacht Craolacháin Analógach RTÉNL mar chumhacht shuntasach mhargaidh (SMP) cheana féin i margadh Tarchuradóireachta Raidió agus Teilifíse Analógach Náisiúnta. Mar sin féin, is beag ardú atá déanta sa réimse sin, ar an gcéad dul síos is beag minicíochtaí oiriúnacha a bhíonn ar fáil agus ar an dara dul síos, meastar go mbeifear ag aistriú minicíochtaí chuig tarchuradóireacht dhigiteach.

Tá ardú ag teacht ar an margadh do sheirbhísí cíosa Crann Tarchurtha agus Túir ar an iomlán, ach tá sé fíor-iomaíoch go fóill mar gheall ar an líon mór láithreán do chrainn tarchurtha atá ar fáil. Tá infrastruchtúr RTÉNL lonnaithe den chuid is mó in áiteanna arda agus iargúlta nach bhfuil oiriúnach do roinnt teicneolaíochtaí digiteacha nua-aimseartha, mar 3G, a éilíonn dlúthmhéideanna cealla a bheadh gar don tomhaltóir.

Ioncam tráchtála

Tá an t-ardú ar ioncam ó chustaiméirí faoi láthair teoranta agus déantar ardú a thiomáint ón ardú buan ó iontrálaithe nua ar an margadh fóin póca agus leathanbhanda. Tá teicneolaíocht nua 'DVB-H / DAB-IP' (TV ar fhóin póca, PDAs) tagtha ar mhargadh na hÉireann agus rinneadh roinnt tástálacha agus trialacha dearfacha air i 2006. Is beag tionchar ó thaobh ghiniúint ioncaim atá ag an bhforbairt sin go fóill áfach toisc nach bhfuil sé i bhfad ó forbraíodh é.

Cúrsaí Oibriúcháin

Tá infhaighteacht iomlán an chórais chun críche craoltóireachta teilifíse agus raidió inchurtha le blianta eile (99.8% nó níos fearr).

I 2006 thosaigh RTÉ agus RTÉNL i mbun mionscrúdaithe ar chaighdeán Chraoladh Digiteach Fuaime (DAB) mar ní a d'fhéadfadh teacht in ionad teicneolaíocht raidió digitigh FM. I láthair na huaire, baineann an tástáil sin leas as ilphléacs singil ó láithreáin RTÉNL Three Rock agus Clermont Cairn chun seirbhís raidió dhigiteach a sholáthar do Chontaetha Lú, na Mí agus do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Meastar go leanfaidh an tástáil ar aghaidh ar feadh thart ar dhá bhliain.

Mar gheall ar a aois agus a thréithe ídithe cumhachta, táthar ag suiteáil tarchuradóir fadtoinne analógach athsholáthair ach ar Mondiale Raidió Digiteach (DRM) é freisin. Is córas raidió digiteach caighdeánach oscailte é DRM lena úsáid do ghearrthonn, meánthonn/AM agus d'fhadtonn.

Chuir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR) tús le seirbhís thrialach ar Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) ó láithreáin tarchuradóireachta RTÉNL ag Three Rock agus Clermont Cairn. Tá an córas ag iompar na seirbhísí náisiúnta teilifíse agus raidió go léir.

Tá tabhairt isteach DTT agus múchadh na seirbhísí teilifíse analógacha á fheidhmiú ar fud na hEorpa agus tagraítear dó in áiteanna eile sa tuarascáil seo.

Chuir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR) tús le seirbhís thrialach ar Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) ó láithreáin tarchuradóireachta RTÉNL ag Three Rock agus Clermont Cairn.

Rinneadh athdhearadh ar RTÉ.ie, a bhuaigh trí ghradam Golden Spider i 2006, le go mbeidh sé níos cuimsithí agus níos éasca le húsáid. Tugtar cuairt air os cionn 23 milliún uair in aghaidh na míosa agus soláthaíonn RTÉ.ie clúdach nuachta, cúrsaí reatha, spóirt agus siamsaíochta nach bhfuil a leithéid eile le fáil.

I mí na Samhna 2006, sruthaíodh an troid idir Bernard Dunne agus Esham Pickering sa Chraobh For-Choileachmheáchain beo ar www.rte.ie

Athbhreithniú Oibriúcháin
Foilsitheoireacht

RTÉ.ie

Is grúpa láithreán gréasáin meán ceannródaíoch é RTÉ.ie in Éirinn. Cuirtear 23.1 milliún imprisean leathanach ar fáil gach mí (deimhnithe ag ABC leictreonach i mí Dheireadh Fómhair 2006) chuig 1,123,493 milliún úsáideoir uathúil gach mí, ardú 42% in aghaidh na bliana.

Tháinig ardú 30% ar ioncam tráchtála bliain i ndiaidh bliana faoi stiúir den chuid is mó ag urraíocht ar mhicrealáithreáin, urraíocht ar imeachtaí, fógraíocht ar láithreáin agus raon níos mó seirbhísí a bheith ar fáil mar Chomhrá ar an nGréasán agus Micrealáithreáin. Áirítear ar shamplaí de sheirbhísí nua mar sin, láithreán gréasáin *Test the Nation* agus rte.ie/property a seoladh i mí an Mheithimh 2006.

Forbraíodh tairiscintí comhtháite le seirbhísí RTÉ eile freisin. Fuair an feachtas Sábháilteacht ar Bhóithre de chuid Nuacht RTÉ tacaíocht ó láithreán gréasáin cuimsitheach a thug ainmneacha na daoine a bhásaigh mar aon le hagallaimh fhada agus clár fógraí d'úsáideoirí.

Cuireadh feabhas ar sheirbhísí sruthaithe freisin agus bhí imeachtaí ollmhóra mar Chomórtas Amhrán na hÉireann don Eoraip, athimirt Chluiche Cheannais na Mumhan de chuid an CLG, agus bhí os cionn 32,000 sruth acu mar aon le sruthú ar fud an domhain de Chluiche Ceannais Camógaíochta na hÉireann.

I 2006, thug RTÉ.ie isteach seirbhísí Podchraolta ar Fhíseán (*The Mozart Sessions* agus *Crap Rap*) agus ar Chlos araon (*Morning Ireland, Tubridy Show* agus *The Business* chomh maith le cinn eile). D'éirigh leo go léir rátaí arda a bhaint amach sna cairt íoslódála.

Áirítear ar thionscnaimh eile i 2006:
- Athdhearadh láithreáin RTÉ.ie sa chéad ráithe de 2007
- Chuaigh RTÉ.ie le INEX agus chur sin an banda-leithead is fairsinge ar fáil
- Tugadh isteach sruthú físeáin leathanbhanda beo
- D'fhéach os cionn 500,000 úsáideoir ar chraoladh gréasáin *Mooney Goes Wild*.

Áirítear ar na nithe tábhachtacha eile ar éirigh le RTÉ.ie a bhaint amach i 2006:
- Bhuaigh an láithreán An Duais 'The Net Visionary Award' do Mhór-obair Idirlíne Soghluaiste a dhámhaigh Cumann Idirlíon na hÉireann
- Bhí láithreán *Other Voices* ar RTÉ.ie ar an ngearrliosta do na Duaiseanna Prix Europa
- Fuarthas trí dhuais Spider as na nithe a leanas:

1) An Láithreán Gréasáin Nuachta, Meán agus Siamsaíochta is Fearr,
2) An Láithreán Gréasáin Spóirt agus Áineasa is Fearr, agus
3) Buaiteoir Grand Prix.

RTÉ Aertel

Ba bhliain fáis agus forbartha do RTÉ Aertel a bhí i 2006, an tseirbhís eolais atá ar fáil ar sheirbhís teileatéacs analógach agus ar RTÉ.ie. Tháinig ardú ar shroich RTÉ Aertel go dtí os cionn 2 mhilliún lucht féachana, gach dhá sheachtain, mar a thomhas Behaviour & Attitudes. Tá treá 90% ag RTÉ Aertel ar thithe ina bhfuil Teilifís.

An tAonad Idirghníomhach Lucht Éisteachta

Soláthraíonn Aonad Idirghníomhach Lucht Éisteachta Telecom seirbhísí SMS agus IVR do 65 clár feadh Raidió RTÉ agus Teilifís RTÉ agus os cionn 1,300 seirbhísí i 2006 agus áirítear orthu sin clúdach comórtais, línte tuairimí, vótáil agus téacs go scáileán.

Bhí an t-aonad a oibríonn ar bhonn Sciar Ioncaim le raon soláthróirí seirbhísí telecom páirteach i gcruthú os cionn 7 milliún téacs agus teachtaireachtaí IVR i 2006 maidir le cláir Teilifíse agus Raidió.

RTÉ Guide

Choimeád an *RTÉ Guide* a háit mar an iris do thomhaltóirí is mó díol i bPoblacht na hÉireann agus bhí ciorclaíocht sheachtainiúil iniúchta ag an iris de 102,705 cóip ar an meán in aghaidh na seachtaine (Ean-Meith 2006).

Tá an margadh irisí in Éirinn comhdhéanta d'os cionn 300 teideal agus is teidil atá bunaithe in Éirinn iad thart ar 20% díobh sin. Chun túsáite na hirise a choimeád, d'athraigh an *RTÉ Guide* agus d'éirigh leis an iris an méid a bhítear a thairiscint le trí bliana anuas a athrú go leanúnach go dtí Siamsaíocht, Stíl Mhaireachtála agus Liostuithe seachas díreach mar iris ina bhfuil liostuithe. Ardaíodh an praghas go €1.70 i mí Dheireadh Fómhair 2006, léiríonn sin an luach a fhaigheann na tomhaltóirí.

Ainmníodh an *RTÉ Guide* mar Iris Tomhaltóirí na Bliana ag Gradaim PPAI 2006 (Cumann Foilsitheoirí Thréimhseacháin na hÉireann) agus luadh go raibh ar chumas na hirise athrú de réir mhargadh oibre a bhíonn ag athrú agus luadh an fhorbairt eagarthóireachta a rinneadh ag teacht le héilimh athraitheacha an lucht léitheoireachta. Moladh an iris freisin as a gcuid teagmhála le miondíoltóirí.

Meánlion imprisean leathanach ar RTE.ie in aghaidh na míosa (milliúin)



Foinse: RTÉ

Cineál teilitéacs a úsáidtear i ngach teaghlach in Éirinn a úsáideann teilitéacs



Foinse: Nielsen Media Research, Establishment Surveys, 2005 & 2006

I mí Mhéan Fhómhair 2006, chun comóradh a dhéanamh ar bhreith Shostakovich, thug Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ sraith dá 15 siansaí chun críche, tosaíodh orthusan níos luaithe sa tséasúr.

B'fhear dúghabhálach ar go leor bealaí é Shostakovich: chinntigh sé go raibh na cloig go léir ina árasan ag an am céanna agus ba mhinic a sheol sé cártaí aige féin le go bhfeicfeadh sé cé chomh maith agus a bhí an tseirbhís phoist ag obair!

Athbhreithniú Oibriúcháin
Grúpaí Oirfide

Cláir

Ba bhliain den scoth a bhí i 2006 do Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (NSO), áirítear ar na buaicphointí tabhairt chun críche an chéad sraith shiansach Shostakovich iomlán de chuid na hÉireann, tús le sraith shiansach Mahler iomlán agus sraith *The Mozart Sessions* do Theilifís RTÉ. Áirítear ar chlár camchuairte náisiúnta na ceolfhoirne i 2006 an chéad cheolchoirm riamh i gCo an Chláir, agus ba thús cadhnaíochta cónaitheacht pobail na ceolfhoirne i bPort Laoise áit a raibh ceardlanna in ospidéil, i scoileanna agus i bPríosún Lár na Tíre.

Bhí ceolchoirm Ceolfhoireann Choirme RTÉ (CO) agus aschur craolacháin láidir freisin, agus d'éirigh an-mhaith le nithe eile siamsaíochta, ceolchoirmeacha do theaghlaigh agus ó thaobh opera le Opera Ireland. Stiúraigh RTÉ CO leathnú an aschuir ceolfhoirne ar fud na réigiún. Cuireadh camchuairteanna náisiúnta ar siúl le hábhar éagsúil ó "Music in the Classroom" go haschur clasaiceach ar scála beag agus ábhar clasaiceach éadrom mar aon le ceolchoirmeacha siamsaíochta. Áirítear orthu sin na chéad cheolchoirmeacha de chuid na ceolfhoirne riamh i mBéal Feirste.

Chuir an RTÉ Vanbrugh Quartet léirithe den scoth i láthair ina sraith i mBaile Átha Cliath/Corcaigh araon agus i raon leathan ionaid réigiúnacha níos lú. Ba bhuaicphointe eile a bhí sa ról lárnach a bhí acu i bhFéile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí. Lean an dá chór de chuid RTÉ ar shárchaighdeáin, d'éirigh thar cionn le Cór Fiolarmónach RTÉ ina chuid oibre le RTÉ NSO i Shostakovitch and Mahler, agus d'éirigh le Cór na nÓg RTÉ ina gcuid oibre leis an dá cheolfhoireann agus iad i gceolchoirmeacha, ag craoladh leo féin, lena n-áirítear léirithe dá Soilse an tUachtarán McAleese agus don Taoiseach i 2006.

Ba é an sraith RTÉ *Living Music* i 2006 an ceann ab fhearr ar éirigh leis go dtí seo agus d'fhreastail níos mó daoine ar an tsraith seo ná riamh cheana. Thaitin sé go mór le gach aon duine idir léirmheastóirí agus gnáthlucht éisteachta mar bhuaicphointe stair léiriúcháin an cheoil chomhaimseartha in Éirinn. Bhí an dá cheolfhoireann sna RTÉ *Farmleigh Proms* agus sa tsraith am lóin *Summer Lunchtime Choice* agus bhí an-tóir ag daoine ar na himeachtaí sin.

Oibriúcháin

Ba é an príomh dul chun cinn a rinneadh i 2006 gur coimisiúnaíodh agus gur suiteáladh córas eolais bhainistithe nua (OPAS) chun cuidiú leis na nithe seo a leanas a bhaint amach, sruthlíniú agus comhtháthú sceidil ceolfhoirne, cláir a leagan amach agus bainistiú loighistice agus airgeadais. Nuair a bheidh an OPAS i bhfeidhm go hiomlán, cuirfear le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht phleanáil agus oibriúcháin.

Tráchtáil

Tháinig ardú mór ar an sruth ioncaim is mó, díolacháin ticéad i 2006 agus sin faoi stiúir meascán de chláir láidre agus acmhainní margaíochta níos mó. Díoladh níos mó ticéad cé gur coigeartaíodh praghas a chuaigh in airde sa chuid deiridh den bhliain.

D'éirigh le ceolfhoirne RTÉ leas a bhaint as deiseanna tráchtála freisin sa mhargadh saoráidí ó thaobh ceolfhoirneacha a fhruiliú agus tá dhá phríomhchatagóir i gceist: léirithe ceolfhoirneacha a fhruiliú agus fruiliú chun fuaimrianta scannán agus Teilifíse a thaifeadadh.

Ba chóir a lua áfach gur beag obair ar ardchaighdeán atá ar fáil in Éirinn maidir le léiriú ceolfhoirneach. Is mó an scóip atá ann ó thaobh leas tráchtála i gcás fhruiliú d'fhuaimrianta scannán agus Teilifíse a thaifeadadh. Is earnáil í sin áfach nach bhfuil ceolfhoirne RTÉ san iomaíocht inti chomh éifeachtach agus a d'fhéadfadh siad a bheith ó thaobh an chineál oibre atá ar fáil agus atá oiriúnach. Díreofar go cinnte ar chur leis an deis sin do 2007/8.

Is é an glantionchar a bhí ag na príomhfhorbairtí cainéil ioncaim sin gur baineadh amach an chéad chothromú d'ioncam na nGrúpaí Oirfide tar éis sraith arduithe móra le blianta roimhe sin.

Cad atá i ndán do 2007

Tá todhchaí ollmhór don cheol i 2007. Tá dúshláin ann a bhaineann le gnó tráchtála ollmhór, mar nach mór cáilíocht agus raon na seirbhísí a fhorbairt chuig leibhéil chuí, (gá le hioncam níos mó), agus ag an am céanna, caithfear na spriocanna corparáide den chostas/cóimheas ioncaim tráchtála a ardú go 20% i 2010.

I 2006, d'fhógair Niall Doyle, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpaí Oirfide go raibh sé i gceist aige éirí as a ról i 2007 agus bogadh chuig Opera Ireland. D'éirigh leis go leor a bhaint amach ina thréimhse i gceannas Ghrúpaí Oirfide RTÉ, ó thaobh cúrsaí eagraíochta agus ealaíon araon agus guímid gach rath ar ina ghairm beatha amach anseo.

Lucht Éisteachta (agus Léirithe) Grúpaí Oirfide RTÉ

	2005	2006	Lucht Éisteachta (Léirithe) 2005	2006
Foriomlán	212,350	199,848	(240)	(250)
Iomlán Ginearálta	170,052	155,709	(199)	(205)
Iomlán Oideachas	42,478	44,139	(41)	(45)
Iomlán RTÉ NSO	79,221	85,013	(80)	(85)
Ginearálta RTÉ NSO	59,774	68,860	(62)	(67)
Oideachas RTÉ NSO	19,447	16,153	(18)	(18)
Cór Fhiol/RTÉ NSO	8,448	8,056	(9)	(8)
CO RTÉ	117,596	95,939	(112)	(113)
Ginearálta CO RTÉ	94,565	67,953	(89)	(86)
Oideachas CO RTÉ	23,031	27,986	(23)	(27)
VQ RTÉ	3,164	2,923	(28)	(28)
Cóir RTÉ	2,072	3,567	(6)	(10)
Aoi Ensembles	2,029	4,350	(5)	(6)

Gníomhaíochtaí Oideachais Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2005	2006
Iomlán: Gníomhaíochtaí Oideachais	94	91
Gníomhaíochtaí Oideachais	41	45
Ceardlanna etc	22	12
Cainteanna réamhchoirme	31	34

Gníomhaíochtaí ceoil comhaimseartha Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2005	2006
Céadléirithe de shaothar a choimisiúnaigh RTÉ	8	6
Coirmeacha ceoil comhaimseartha tiomanta	11	13

Ceolfhoireann Choirme RTÉ

Súil Eile le 10 mbliana

TG4 celebrating ten years of entertainment

TG4

deich mbliana fáis

Athbhreithniú Oibriúcháin
TG4

Cheiliúir TG4 10 mbliana ar an aer i 2006. Fuair ardchaighdeán na gclár Gaeilge an-mholadh ó lucht féachana agus criticí araon agus baineadh gradaim amach ag féilte sa bhaile agus thar lear. D'fhan figiúirí an lucht féachana daingean i margadh teilifíse atá níos plódaithe agus níos iomaíche ná riamh cheana, d'fhan ioncam tráchtála seasta agus d'éirigh leis an gcainéal dul san iomaíocht do mhaoiniú léirithe breise suntasach agus sin a bhaint amach ó chomhlachtaí poiblí iomchuí.

Cláir
Lean an leagan amach agus an t-ábhar de sceideal cláir measctha ar TG4 ag mealladh lucht éisteacht trí ardáin sheachadta éagsúla in Éirinn agus ar Chraoladh ar an nGréasán thar lear. Lean an soláthar bliantúil de chláir Ghaeilge chuig TG4 ó RTÉ ag 365 uair an chloig, bhí leath den líon sin comhdhéanta den tseirbhís laethúil *Nuacht TG4* méadaithe ag an ngnáthmheascán de léirithe intí RTÉ, cláir agus sraitheanna arna gcoimisiúnú ón earnáil neamhspleách ag RTÉ lena gcraoladh ar TG4, mar aon le roinnt clár cartlann-bhunaithe agus ábhar i dteangacha eile a fuarthas ó RTÉ le hathghuthú a dhéanamh orthu go Gaeilge.

Foinsí seachtracha maoinithe
D'éirigh le tionscadail clár TG4 maoiniú breise a mhealladh ón dá ghníomhaireacht maoinithe in Éirinn atá gníomhach sa réimse sin. Fuair 44 tionscadal Gaeilge in iomlán, le tacaíocht ó TG4, maoiniú de €9.2m ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) sna scéimeanna *Sound and Vision* i 2006. Réimsíonn na tionscadail sin thar fhormhór na bpríomhsheánraí clár agus d'éirigh leis an tsraith drámaíochta Gaeilge *Aifric* do dhéagóirí ina bhfuil 13 mír i measc na gclár próifíl mór a bhaint amach agus é ar cheann de na fiontair ba mhó a bhain cáil amach.

D'éirigh leis an gcainéal Maoiniú Reatha 4m breise a fháil freisin sa leithroinnt a bhí i Leabhar Leasaithe an Rialtais de Mheastacháin Caiteachais do 2006 a foilsíodh i mí Feabhra 2006, thar an leithroinnt a bhí sa chéad Leabhar Meastacháin do 2006 a foilsíodh cúpla mí níos luaithe.

Ina theannta sin, d'éirigh le 22 tionscadal clár Gaeilge maoiniú de €5.5 a fháil ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF) i rith 2006, ina measc *Deis Roc, Adharca Fada, MPH* agus *Ní Gaeilgeoir Mé*.

Tá am-isteach fada ag baint le go leor tionscadal cláir. Tá maoiniú faighte ag go leor acu sin ón BCI nó ILBF cheana féin i rith 2006 ach ní bheidh siad ar an aer ar TG4 go dtí 2007.

Duaiseanna agus Gradaim
Bhuaigh cláir, láithreoirí, margaíocht agus láithreán gréasáin an chainéil os cionn 30 duais agus gradam ag féilte agus ag gradaim éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta i 2006. I measc na gcinn ba mhó le rá bhí *Teanga Rúnda, Mac an Athar, Caitlín Maude agus Rógairí.*

Bhí níos mó éilimh ar láithreán gréasáin TG4 arís i 2006. Tháinig ardú os cionn 125% ar thrácht bliantúil chuig www.tg4.ie le dhá bhliain agus tugadh cuairt air os cionn 30 milliún uair. Aithníodh chomh maith agus a bhí an láithreán gréasáin i 2006 nuair a bronnadh Gradam ríomhRialtais Gaeilge ar TG4.

D'éirigh thar cionn láithreach le Seirbhís Teilifíse Leathanbhanda Beo TG4 a seoladh i mí Lúil. Breathnaíodh ar 24,000 sruth i rith an chéad mhí. Bhí méadú faoi thrí cheana féin ar an líon míosúil sruthanna faoi mhí na Samhna 2006. Is é sin an chéad nuálacht den chineál sin in Éirinn agus bhuaigh www.tg4.tv an Duais Golden Spider don Fheidhmchlár Leathanbhanda is Fearr i 2006.

Oibriúcháin
Bliain ghnóthach a bhí ann do na réimsí oibriúcháin de TG4. Bunaíodh córas IT iomlán nua chun an réimse díolacháin am craolta a riaradh agus bunaíodh córas Bainistíochta Cainéil nua freisin. Cuireadh athrú ollmhór chuig formáid cóimheasa scáileáin 16:9 i bhfeidhm ó mhí Mheán Fhómhair 2006.

An Timpeallacht Iomaíochta
Tá éirithe go maith le TG4 sa 10 mbliana ó bunaíodh é. Baineadh amach sciar náisiúnta bliantúil de 3.2% i 2005, an figiúr ab airde go dtí seo. Cé go bhfuil an figiúr deiridh do 2006 síos beagán ag 3%, sin ceithre uaire go leith fhigiúr 1997.

Tráchtáil
Chruthaigh TG4 glan-ioncam tráchtála de €3.5m do 2006. Bhí sé chomh maith agus a bhí sé i 2005 agus léiríonn sin an iomaíocht leanúnach sa mhargadh.

Stádas Neamhspleách
I mí Lúnasa 2006, d'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha gur chinn an Rialtas go gcuirfear forálacha an Achta Craolacháin 2001 i bhfeidhm agus is é sin TG4 a bhunú mar eintiteas reachtúil neamhspleách. Is é an 1 Aibreán 2007 an dáta bunaithe atá socraithe.

Cad atá i ndán do 2007
Beidh dúshláin nua ann do TG4 sa bhliain amach romhainn nuair a bhunófar é mar eintiteas reachtúil ar leithligh. Beidh níos mó iomaíochta ann agus beidh leagan amach rialála nua i gceist mar aon leis an iarracht leanúnach chun acmhainní breise a fháil. Mar sin féin, tá an stáisiún ullamh chun na dúshláin sin a chomhlíonadh agus chun cur le mar a d'éirigh linn go dtí seo. Tá a lán tallainne laistigh den eagraíocht agus tugadh é sin le fios sna cláir nuálacha a léiríodh le 10 mbliana anuas.

Athbhreithniú airgeadais

Bhí toradh maith ar fheidhmíocht airgeadais RTÉ arís, cruthaíodh Glan-Bharrachas, roimh an ngluaiseacht achtúireach incriminteach ag teacht as feidhmiú FRS17, de €10.2m.

Torthái

I 2006, i gcomhthéacs chúlra ina raibh brúnna costais ardaithe go mór ag baint leis agus inar éirigh linn ioncam maith a ghiniúint freisin, bhí toradh maith ar fheidhmíocht airgeadais RTÉ arís, cruthaíodh Glan-Bharrachas, roimh an ngluaiseacht achtúireach incriminteach ag teacht as feidhmiú FRS17, de €10.2m, ardú €0.9m ar 2005. Tríd is tríd, ba €18.7m Glan-Bharrachas RTÉ, FRS 17 san áireamh (2005: €16.5m).

Tá sócmhainní agus tuilleamh Scéim Aoisliúntais RTÉ (scéim phinsean shochar shainithe ceirde arna mhaoiniú ag rannioca) i bhfad níos mó ná glan-sócmhainní agus glan-bharrachas a urraitheora, RTÉ. Mar gheall go bhféadfadh an fhíric sin tionchar a bheith aige ar thuarascálacha airgeadais RTÉ ó thaobh thuiscint ar fheidhmíocht oibríochta agus airgeadais RTÉ a chur as a riocht, tá an tráchtaireacht thíos bunaithe, mar a bhí sna blianta roimhe seo, ar thorthaí an Ghrúpa agus gan an barrachas a thagann laistigh de Scéim Aoisliúntais RTÉ san áireamh. Leanfar le nochtadh iomlán ar thoradh Iar-FRS 17 laistigh de ráitis airgeadais RTÉ.

Seo a leanas cion gach gnó ar leith laistigh de RTÉ a chur leis an toradh don bhliain:

	2006	2005
	€m	€m
Teilifís	**9.5**	6.0
Raidió	**2.6**	2.1
Nuacht & Cúrsaí Reatha	**(2.6)**	(2.2)
Grúpaí Oirfide	**-**	-
Líonra	**5.4**	5.9
Foilsitheoireacht	**-**	0.6
Ceannáras Corparáideach	**(4.1)**	(3.6)
Coigeartuithe comhdhlúthacháin	**(0.6)**	0.5
Iomlán don Ghrúpa	**10.2**	9.3

Ioncam tráchtála

D'ardaigh ioncam tráchtála mar seo a leanas:	€m
Fógraíocht teilifíse	+15.6
Fógraíocht raidió	+2.7
Tosca eile	+4.1
Méadú ó bhliain go bliain	22.4
Ioncam tráchtála 2005	199.8
Ioncam tráchtála 2006	222.2

Bhí toradh maith ar ioncam fógraíochta teilifíse agus raidió i 2006 arís i margadh atá ag athrú agus atá ag fáil níos iomaíche i gcónaí.

Ioncam ón gceadúnas teilifíse

Is iad An Post na t-aon ghníomhaire arna cheapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus is orthu atá an fhreagracht airgead ó cheadúnais theilifíse a bhailiú ón bpobal i gcoitinne. Is í an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR) atá freagrach as airgead atá dlite don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i ndáil le ceadúnais theilifíse "saor in aisce" a bhailiú. Íocann DCMNR deontas i gcabhair neamh-inaisíoctha de shuimeanna oiriúnacha le RTÉ.

Seo a leanas na príomhthosca ba chúis le fás an ioncaim ón gceadúnas teilifíse i 2006:

	€m
Méadú ar an Táille Cheadúnais	1.9
Méadú ar an líon daoine a cheannaíonn ceadúnas	9.8
Tosca eile	1.0
Méadú ó bhliain go bliain	12.7
Ioncam ón gceadúnas 2005	170.1
Ioncam ón gceadúnas 2006	182.8

Tá an líon daoine áfach nach n-íocann an ceadúnas ag dul in airde i gcónaí ach níl an t-ualach airgeadais a bhaineann leis an líon ard nach gceannaíonn ceadúnais le sonrú chomh mór sin mar gheall ar an líon ard ceadúnas nua a eisítear mar thoradh ar ghlanardú ar líon na dteaghlach nua. Measann RTÉ nach bhfuil ceadúnas bailí teilifíse ag timpeall 16% de na teaghlaigh ar chóir a leithéid a bheith acu. Tuigtear dúinn go bhfuil os cionn dhá oiread daoine gan cheadúnas teilifíse in Éirinn i gcomparáid leo sin atá sa Ríocht Aontaithe.

Leithdháileadh agus úsáid na Táille Ceadúnais

Gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí is ea formhór ghníomhaíochtaí RTÉ, ach bíonn an costas a bhaineann lena soláthar cuid mhór sa bhreis ar an maoiniú poiblí a fhaightear mar ioncam ón Táille Cheadúnais. Mar thoradh air sin, bíonn raon de ghníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha ar siúl ag RTÉ a bhíonn dírithe ar ioncaim thráchtála a chruthú chun an bhearna sa mhaoiniú poiblí a fhaightear a líonadh.

Léiríonn an chairt atá ag gabháil leis seo conas a leithdháileadh na hioncaim ón gceadúnas a fuair RTÉ i rith 2006 ar na gníomhaíochtaí éagsúla seirbhíse poiblí a cuireadh i gcrích. Léiríonn an tábla thíos go leithleach na suimeanna airgid a bailíodh i dtaca le gach táille cheadúnais ar leith agus mar a úsáideadh na suimeanna sin i rith 2006, mar ní fhaigheann RTÉ iomlán na dtáillí ceadúnais a bhailítear.

Úsáid na dTáillí Ceadúnais ar leith a bailíodh

	2006 €	2005 €
RTÉ One	**60.35**	62.84
RTÉ Two	**34.42**	31.03
Fo-Iomlán Theilifís RTÉ	**94.77**	93.87
RTÉ Radio 1	**11.13**	9.98
RTÉ RnaG	**9.07**	8.83
RTÉ lyric fm	**5.32**	5.12
Grúpaí Oirfide RTÉ	**10.78**	10.61
Gníomhaíochtaí iomlána RTÉ	**131.07**	128.41
Tacaíocht do TG4	**7.38**	7.65
An Ciste Craoltóireachta	**7.30**	7.25
Costais bhailiúcháin: An Post/ DCMNR/ DSFA	**9.90**	10.84
Meánchostas gach ceadúnais chraoltóireachta ar leith[1]	**155.65**	154.15

1 : Méadaíodh ar an Táille Cheadúnais ó €152 go €155 le héifeacht ó 1 Aibreán 2005, agus arís ó €155 go €158 ó 1 Deireadh Fómhair 2006.

Leithdháileadh Ioncaim ón gCeadúnas a fuair RTÉ i 2006:

RTÉ One	43.6%
RTÉ Two	24.9%
RTÉ Radio 1	8.0%
RTÉ lyric fm	3.8%
RTÉ RnaG	6.6%
Tacaíocht do TG4	5.3%
Grúpaí Oirfide	7.8%



Costais oibriúcháin

I rith 2006 bhí brúnna seachtracha breise ollmhóra ar RTÉ feadh raon leathan gníomhaíochtaí ó chearta do spóirt idirnáisiúnta agus costas socruithe pá náisiúnta a chomhlíonadh.

Chuidigh ioncaim bhreise a cruthaíodh le tiomantas lánroghnach ó RTÉ le cláir a dhéantar in Éirinn, agus go háirithe le cláir intí a d'ardaigh ag leibhéal níos ísle le trí nó ceithre bliana anuas, sa bhreis ar infheistíocht RTÉ i gcláir arna gcoimisiúnú ag an tríú páirtí.

Seo a leanas achoimre ar na príomhthosca leis an bhfás ar chostais oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh:

	€m
Cláir a dhéantar in Éirinn	+19.7
Cláir a fhaightear ó thar lear	+1.9
Costais craolacháin ghaolmhara	+7.7
Costais dhíolacháin	+1.0
Costais oibriúcháin eile	+2.7
Ardú bliain i ndiaidh bliana	33.0
Costais oibriúcháin 2005	347.5
Costais oibriúcháin 2006	380.5

Leanfar ar aghaidh ag díriú ar iarracht leanúnach ollmhór agus athnuaite i 2007. Beidh sé sin dírithe ar a chinntiú go mbeidh béim leanúnach ar luach ar airgead trí raon tionscnamh rialaithe costais agus eile agus déanfar iad sin a sheachadadh in iarracht cuspóirí straitéiseacha agus corparáideacha fadtéarmacha RTÉ a chomhlíonadh.

Cláir a dhéantar in Éirinn

Léiríonn an t-ardú atá ar chláir a dhéantar in Éirinn bliain shuntasach d'aschur Spóirt RTÉ, go háirithe Corn an Domhain agus Corn Ryder, mar aon le clúdach forleathan ar Chraobhchomórtas an CLG, Rugbaí na Sé Náisiún, Sacar Idirnáisiúnta agus Rásaíocht Chapall.

Díríodh an infheistíocht ar ioncam fógraíochta breise a gineadh i rith na bliana go háirithe ar fheabhsúcháin ar an sceideal i réimsí clár fíorasach agus siamsaíochta. Bhí costais níos airde i gceist le cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha mar gheall ar an gclúdach a rinneadh ar mhórimeachtaí tábhachtacha náisiúnta agus cláir imscrúdaitheach d'ardchaighdeán. Ardaíodh an infheistíocht a dhéantar i gcláir do Dhaoine Óga ar RTÉ Two chun lucht éisteachta níos óige a mhealladh.

Léiríonn an t-ardú atá ar chláir a dhéantar in Éirinn bliain shuntasach d'aschur Spóirt RTÉ, go háirithe Corn an Domhain agus Corn Ryder, mar aon le clúdach forleathan ar Chraobhchomórtas an CLG, Rugbaí na Sé Náisiún, Sacar Idirnáisiúnta agus Rásaíocht Chapall.

Athbhreithniú airgeadais ar lean

I mí na Samhna 2006, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le RTÉ ag tabhairt le fios go mbeadh Ioncam ón Táille Cheadúnais Teilifíse faoi réir cháin chorparáide go díreach le héifeacht ó mhí Eanáir 2007.

Líon na bhfostaithe

Ar 31 Nollaig 2006, gan Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta a bheith san áireamh, bhí 2,283 (2005: 2,239) fostaí ann, agus bhí 399 (2005: 402) díobh ina bhfostaithe páirtaimseartha/ócáideacha.

Anailís ar fhoireann an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2006 (gan STnaG)



Tháinig ardú 44 duine ar ghlan-fhostaíocht (gan STnG san áireamh) ag deireadh na bliana agus sin mar thoradh go príomha ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear:

- Arduithe ar aschur Teilifíse intí dúchasach
- Saoráidí léirithe Teilifíse a bheith á soláthar do thríú páirtithe
- Tuilleadh acmhainní teicniúla a bheith de dhíth chun tacú le léiriú digiteach nua agus teicneolaíochtaí atá bunaithe ar IT a thabhairt isteach.

Cánachas

Ní bhíonn aon dliteanas ar cháin chorparáide ar ioncam grúpa, sin go príomha mar gheall go raibh ioncam ón Táille Cheadúnais Teilifíse díolmhaithe ó cháin chorparáide go dtí an 31 Nollaig 2006 i gcás gach tréimhse ó 1962.

I mí na Samhna 2006, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le RTÉ ag tabhairt le fios go mbeadh Ioncam ón Táille Cheadúnais Teilifíse faoi réir cháin chorparáide go díreach le héifeacht ó mhí Eanáir 2007.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag iarraidh an cead cailliúintí a bhaineann leis an am atá caite a bhí tabhaithe an 31 Nollaig 2006 nó roimhe agus a d'úsáid RTÉ go stairiúil do chríocha cánach fritháirithe a athrú. Tá RTÉ ag ceistiú an chur chuige sin.

Má bhíonn toradh sásúil ar na pléití sin, bhí cailliúintí cánach corparáide ar an nGrúpa an 31 Nollaig 2006 de €1.88 billiún (31 Nollaig 2005: €1.71 billiún).

TG4

Ó bunaíodh TG4 fritháiríodh na hioncaim fhógraíochta de STnG, fochuideachta RTÉ a oibríonn TG4 faoi láthair, i gcoinne na gcostas oibriúcháin i ráitis airgeadais RTÉ a foilsíodh. Creideadh gurb é sin an bealach ab fhearr le nádúr sealadach fhreagracht RTÉ as TG4 a léiriú sula ndéanfar TG4 a scaradh ó RTÉ mar atá socraithe.

I mí Lúnasa 2006, d'fhógair an Rialtas go mbeadh an dara corparáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí na hÉireann le bunú chun gníomhaíochtaí TG4 a chomhlíonadh le héifeacht ó mhí an Aibreáin 2007.

Sreabhadh airgid

Úsáidtear sreabhadh airgid oibriúcháin chun riachtanais airgid oibriúchán RTÉ ó lá go lá a íoc agus le go bhféadfaidh RTÉ cúlchistí fadtéarmacha a bhunú. Is réamhriachtanas riachtanach iad na cúlchistí sin chun a chur ar chumas RTÉ pleanáil do riachtanais chaiteachais chaipitil ollmhóra sna blianta amach romhainn.

Bhí ardú de €8.2m nó 39.5% ar an mbliain roimhe sin ar shreabhadh airgid RTÉ a gineadh ó oibriúcháin ar luach €28.9m i 2006.

Bhí cistí leachtaithe de €81.3m i gceist an 31 Nollaig 2006 i gcomparáid le dliteanais faoi scéimeanna athstruchtúrtha éagsúla de €21.3m. Ag deireadh na bliana 2006, bhí aibíocht de shé mhí nó níos lú ag baint le 78% d'airgead agus de thaiscí téarma an Ghrúpa.

Caiteachas Caipitil

Bhí caiteachas caipitil iomlán RTÉ i 2006 teoranta go dtí €16.8m (2005: €15.1m).

Ar mhaithe le cuspóirí pleanála straitéiseacha RTÉ a chur chun cinn tuilleadh, tá go leor aird dírithe faoi láthair ar an bpleanáil mhionsonraithe atá de dhíth chun tacú le líon tionscadal móra agus casta, seasamh leo agus iad a bhainistiú. Tionscadail iad sin nach mór a dhéanamh sna blianta amach romhainn.

Éileoidh na tionscadail chaipitil fhadtéarmacha seo a leanas acmhainní ollmhóra airgeadais agus eile go háirithe:

- Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT);
- Straitéis Comhtháite Éabhlóidithe Dhigiteach (DEIS);
- Tarchuradóireacht Raidió Digiteach (DAB / DRM);
- Saoráidí a Athnuachan.

Pinsin

Oibríonn RTÉ Scéim Phinsean Shochar Shainithe Ranníocach (DB) mar aon le roinnt Scéimeanna Ranníoca Sainithe Ranníocach (DC) ar son na bhfostaithe.

Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)
An 31 Nollaig 2006, bhí 586 fostaí ag RTÉ ar chomhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Ina theannta sin, leanann RTÉ ag déanamh ranníoca sa scéim sin do 115 iarfhostaí a d'fhág RTÉ faoi phacáistí athstruchtúrtha éagsúla.

Is scéim shochar shainithe é Scéim Aoisliúntais RTÉ ina bhful cistí faoi bhainistíocht an 31 Nollaig 2006 de €1,037m ag luach an mhargaidh. Níor ceadaíodh aon fhostaithe nua sa scéim sin ó mhí lúil 1989.

Ar iarratas ó na hiontaobhaithe, rinne achtúirí na scéime luacháil mhaoinithe achtúireach fadtéarmach agus tuairiscíodh barrachas de €46.9m an 1 Eanáir 2007 (1 Eanáir 2006: €36.8m) trí úsáid a bhaint as an modh aoise sroichte chun dliteanais sheirbhíse amach anseo a ríomh mar aon le bearna infheistíochta 2% a ghlacadh mar phríomhbhonn tuisceana airgeadais.

D'ullmhaigh achtúirí na scéime eolas ar leithligh de réir an mhodh atá sainordaithe ag FRS17 agus tuairiscíodh barrachas ar an mbonn sin de €13.9m an 31 Nollaig 2006 (31 Nollaig 2005: €3.3m).

Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ
Tá gach fostaí de chuid RTÉ nach comhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ incháilithe a bheith ina gcomhaltaí de scéim ranníoca shainithe ranníocach nó táthar incháilithe do shocruithe pinsean de chineál ÁSPC.

Is í Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ an phríomhscéim DC agus tá 1,222 fostaí rannpháirteach inti faoi láthair. Tá idirbheartaíocht ar bun le roinnt ama anois le hionadaithe na bhfostaithe maidir le struchtúr, maoiniú agus riaradh na scéime sin agus socruithe seirbhíse pinsin ghaolmhara.

Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS)

San am i láthair ullmhaíonn RTÉ a ráitis airgeadais de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta i bPoblacht na hÉireann (GAAP na hÉireann).

Cé nach bhfuil sé de dhualgas orthu sin a dhéanamh fós, ach ar son an dea-rialachais chorparáidigh atá socraithe cheana féin, shocraigh RTÉ sprioc na gCaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta a úsáid le héifeacht ón mbliain airgeadais dar tús 1 Eanáir 2007.

Tá socruithe chun cloí leis an tiomantas sin ar lámh agus tá sé beartaithe go mbeidh tionchar ag IFRS aluaite ar ráitis airgeadais an Ghrúpa do 2006 a chur san áireamh i ráitis airgeadais 2007.

Árachas

Coimeádtar clúdach Árachais Cuí in aghaidh raon rioscaí inárachais ábhar, lena n-áirítear mórthubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh iomchuí.

Imeachtaí dlíthiúla

Tá RTÉ agus a fhochuideachtaí ina bpáirtí in imeachtaí dlíthiúla éagsúla, agus tá éilimh curtha i leith RTÉ nó a fhochuideachtaí i gcuid acu sin. Níltear cinnte, ag an bpointe seo, cén toradh a bheidh orthu seo. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle atá faighte acu, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ábhartha fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, le chéile, ar staid airgeadais nó ar leachtacht RTÉ.

Súil ar aghaidh

Tá feidhmíocht trádála go dtí seo, luath i 2007, go maith agus tá ioncam tráchtála ag coinneáil le leibhéil na bliana anuraidh.

I 2007, seo a leanas na príomhthosaíochtaí airgeadais do RTÉ:

- Roinnt Tionscadal Caipitil fadtéarmacha suntasacha a phleanáil;
- Béim leanúnach ar fheabhas leanúnach, luach ar airgead thionscadail rialaithe costais a bhaint amach;
- Foinsí agus líon ioncaim a chosaint agus a fheabhsú

Tá feidhmíocht trádála go dtí seo, luath i 2007, go maith agus tá ioncam tráchtála ag coinneáil le leibhéil na bliana anuraidh.

An tÚdarás

Mary Finan (Cathaoirleach)

Ceapadh Mary ar an Údarás le héifeacht ó 21 Feabhra 2006. Bhí sí ina comhpháirtí bunaithe agus ina príomhfheidhmeannach ar Wilson Hartnell Public Relations agus tá sí anois ina Cathaoirleach neamhfheidhmeach leo. Faoi láthair, tá sí ina Cathaoirleach neamhfheidhmeach ar an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus ar Amharclann an Gheata, tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmeach ar Canada Life (Ireland), ar Chumann Foirgníochta ICS agus ar Opera Ireland. Chomh maith leis sin, tá sí ina comhalta de Chomhairle Údarás Forbartha Cheantar na nDuganna (DDDA) agus bhí sí ar an gcéad uachtarán mná a bhí riamh ar Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath.

Tá B.A. aici ó UCD agus rinne sí clár sa bhainistíocht margaíochta sa Havard Business School.
(Aois 62)

Emer Finnan

Ceapadh Emer ar an Údarás le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Tá sí ina Stiúrthóir Forbartha Straitéisí agus ina Rúnaí ar Chumann Foirgníochta EBS. Roimhe sin bhí sí ag obair sa réimse airgeadais chorparáidigh, le NCB i mBaile Átha Cliath agus le ABN Amro agus Solomon Brothers i Londain.

Tá Emer ina comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá B.Comm. aici.
(Aois 38)

Maria Killian

Ceapadh Maria ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Faoi láthair, tá sí ina Bainisteoir Acmhainní Daonna le cuideachta bainistíochta saoráidí idirnáisiúnta. Bíonn sí ag plé le bainistíocht acmhainní daonna agus d'oibrigh sí thar raon tionscal lena n-áirítear táirgeadh deochanna, seirbhísí airgeadais agus teileachumarsáid.

Céimí de chuid UCD is ea í, áit ar ghnóthaigh sí B.A. agus M.A. sa tSíceolaíocht Eagrúcháin.
(Aois 36)

Patricia King

Ceapadh Patricia ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Tá sí ina Rúnaí ar Réigiún Bhaile Átha Cliath de SIPTU. Comhalta de chuid Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumann atá inti.

Chaith Patricia dhá sheal ina comhalta de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.
(Aois 51)

Dr. Ian Malcolm

Ceapadh Ian ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. D'éirigh leis PhD a bhaint amach le déanaí ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste mar gheall ar thaighde atá déanta aige ar dhearcadh Protastúnach óg i dTuaisceart Éireann i leith na Gaeilge.

D'oibrigh sé roimhe seo le roinnt nuachtán áitiúil agus réigiúnach sa Tuaisceart agus is iriseoir páirtaimseartha i gcónaí é. Scríobhann sé colún ar an nuachtán laethúil Lá agus bíonn sé ag trácht ar pholaitíocht Thuaisceart Éireann sna meáin leictreonacha Ghaeilge.

Tá céim Céad Onórach sa Léann Ceilteach aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
(Aois 43)

Paddy Marron

Ceapadh Paddy ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. D'fhónaigh sé ar an Údarás roimhe sin ar tháinig deireadh lena sheal oifige ar 31 Bealtaine 2005. D'oibrigh sé i dtionscal an bhia ar feadh 33 bliain; le Rowntree Mackintosh in Éirinn ar dtús agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Nestlé Ireland. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Chónaidhm Bia agus Dí na hÉireann ar feadh roinnt blianta, agus ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta IBEC. Tá sé ina mheantóir ar Chlár Meantóireachta Fiontraíocht Éireann.

Is cuntasóir cairte é agus tá B.A. sa tSean-dálaíocht agus Stair na nEalaíon aige ó UCD.
(Aois 69)

Úna Ní Chonaire

Ceapadh Úna ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Oibríonn sí le A-Truss i Ráth Cairn, Co na Mí. Cainteoir líofa Gaeilge atá inti agus tá sí ina tuairisceoir páirtaimseartha le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Nuair nach mbíonn sí ag plé leis an obair sin, bíonn sí ag cabhrú le páistí snas a chur ar a gcuid Gaeilge nó ag imirt camógaíochta, peil ghaelach agus rugbaí.
(Aois 22)

Joe O'Brien

Ceapadh Joe ar Údarás RTÉ le héifeacht ó 14 Meán Fómhair 2005. Is Comhfhreagraí Nuachta le RTÉ é, agus is iad a réimsí speisialtóireachta Talmhaíocht, Bia agus Cosaint. Chaith sé seal ina Chomhfhreagraí Tionsclaíochta. Anuas air sin, tá taithí leathan aige ar thuairisceoireacht a dhéanamh ar ghnóthaí agus ar pholaitíocht na hEorpa agus an Tríú Domhan. Déanann an Rialtas iarrthóir amháin a cheapadh ar an Údarás tar éis d'fhoireann RTÉ an t-iarrthóir sin a roghnú i dtoghchán inmheánach. Ba é Joe rogha na foirne an t-am seo.

Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, rinne sé staidéar ar an Iriseoireacht i gColáiste Tráchtála Ráth Maonais, Baile Átha Cliath agus d'oibrigh sé le nuachtáin san Uaimh agus ina chontae dúchais féin, Ceatharlach.
(Aois 51)



Stephen O'Byrnes

Ceapadh Stephen ar an Údarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Chaith sé seal ar an Údarás deireanach, ar tháinig deireadh lena sheal oifige 31 Bealtaine 2005. Is comhairleoir Caidrimh Phoiblí/Gnóthaí Poiblí é Stephen, atá ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin le Media Relations & Public Affairs Consultants Ltd. Le linn na tréimhse 1986 go 1995, bhí sé ina Stiúrthóir Beartais agus Caidrimh Phreasa leis an bPáirtí Daonlathach agus ina Leas-Phreasrúnaí Rialtais ó 1989 go 1992. Chaith sé 15 bliain ina iriseoir roimhe sin, leis an Irish Independent agus leis an nGrúpa Irish Press. Bhí poist éagsúla eagarthóireachta agus comhfhreagrais aige lena linn sin.

Tá B.A. i Nua-Stair na hÉireann aige ó UCD.
(Aois 57)

Freastal ar chruinnithe Údaráis

Reáchtáladh ocht gcruinniú Údaráis i 2006 agus seo a leanas a d'fhreastail orthu:

Mary Finan*	7
Emer Finnan	8
Maria Killian	7
Patricia King	7
Dr. Ian Malcolm	7

Paddy Marron	6
Úna Ní Chonaire	8
Joe O'Brien	8
Stephen O'Byrnes	8

*Ceapadh Mary Finan an 21 Feabhra 2006 agus d'fhreastail sise ar gach cruinniú ó ceapadh í.

Coistí an Údaráis

An Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta

Reáchtáladh cruinniú amháin i rith na bliana. D'fhreastail Mary Finan (Cathaoirleach), Stephen O'Byrnes agus Maria Killian ar an gcruinniú. Ní raibh Ian Malcolm ábalta a bheith i láthair.

An Coiste Iniúchóireachta

Reáchtáladh 6 chruinniú i rith na bliana.

	Freastal ar Chruinnithe
Paddy Marron, (Cathaoirleach)	6
Emer Finnan	6
Patricia King	5

Coiste na gClár

Reáchtáladh 2 chruinniú i rith na bliana.

	Freastal ar Chruinnithe
Maria Killian, (Cathaoirleach)	2
Úna Ní Chonaire	2
Ian Malcolm	2

An Coiste um Fhorbairt Chorparáideach

Reáchtáladh 3 chruinniú i rith na bliana.

	Freastal ar Chruinnithe
Mary Finan (Cathaoirleach)	2
(bhí cruinniú amháin ar siúl sular ceapadh Mary Finan Uasal)	
Joe O'Brien	3
Patricia King	3
Emer Finnan	3

An Coiste Reachtaíochta

Reáchtáladh aon chruinniú amháin i rith na bliana. D'fhreastail Mary Finan (Cathaoirleach), Emer Finnan, Patricia King, Joe O'Brien agus Stephen O'Byrnes ar an gcruinniú sin.

An Bord Feidhmeannais

Cathal Goan
(An Príomh-Stiúrthóir)

Ceapadh Cathal ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Bhain sé céim amach ó UCD agus thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979. Bhí poist éagsúla aige i Raidió agus i dTeilifís RTÉ sular ceapadh é ina Eagarthóir ar Chláir Ghaeilge i 1990. Ceapadh é ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge i 1994, agus is faoina chúram a bunaíodh an cainéal sin, an tríú seirbhís teilifíse náisiúnta in Éirinn. I Márta 2000, ceapadh é ina Stiúrthóir (agus ina Bhainisteoir Stiúrtha ina dhiaidh sin) ar Theilifís RTÉ, agus ina chomhalta ar Bhord Feidhmeannais RTÉ.

Conor Hayes
(Príomhoifigeach Airgeadais)

Ceapadh Conor ina Phríomhoifigeach Airgeadais le RTÉ i nDeireadh Fómhair 2001 agus is é a mhaoirsíonn RTÉNL (Líonra), an IBD Foilsitheoireachta, Monatóireacht ar Cheadúnais Teilifíse, TE & Teicneolaíocht an Ghrúpa agus Maoin & Seirbhísí. Tá sé ina Chathaoirleach ar Iontaobhaithe Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Céimí Tráchtála de chuid UCD é, atá ina Chomhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina Chomhalta Comhlach den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe. Bhí raon de phoist éagsúla sa tionsclaíocht tráchtála aige sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, lena n-áirítear:

Leas-Chathaoirleach – Cara Treasury; Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Pleroma Group; Príomh-fheidhmeannach – JetPhone; Príomh-fheidhmeannach – Ryanair; Príomhoifigeach Airgeadais – Almarai Group; agus Bainisteoir – SKC Corporate Finance.

Bride Rosney
(Stiúrthóir Cumarsáide)

Ceapadh Bride ina Stiúrthóir Cumarsáide le héifeacht ó Nollaig 2001. Maoirsíonn sí Acmhainní Daonna an Ghrúpa freisin.

Céimí Eolaíochta agus Ríomhchleachtais de chuid UCD agus Choláiste a Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair le RTÉ i ndiaidh di bheith ag obair mar mhúinteoir, mar phríomhoide scoile agus mar shain-chomhairleoir cumarsáide i réimsí na nua-theicneolaíochtaí agus na n-ealaíon. Tar éis 20 bliain a chaitheamh ag plé le hoideachas agus le taighde oideachasúil ag an dara agus ag tríú leibhéal, d'fhónaigh sí mar Chomhairleoir Speisialta do Mary Robinson ar feadh ocht mbliana le linn di siúd a bheith ina hUachtarán ar Éirinn agus ina UNHCHR.

Adrian Moynes (Bainisteoir Stiúrtha Raidió)

Ceapadh Adrian ina Stiúrthóir (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) ar Raidió le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002. Chomh maith leis sin, maoirsíonn sé feidhmiú IBD na nGrúpaí Oirfide.

Tá céim sa Bhéarla aige ó Ollscoil Oxford. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, tar éis a bheith ag múineadh ar feadh cúig bliana ag leibhéal breisoideachais agus ardoideachais. Laistigh de RTÉ bhí poist aige mar Léiritheoir, mar Eagarthóir ar Chláir do Dhaoine Óga agus mar Cheann na Sceideal Teilifíse. Ó 1997 ar aghaidh, bhí sé ina chomhalta d'Oifig an Phríomh-Stiúrthóra, agus dualgas tuairiscithe air i leith Raidió na Gaeltachta, Grúpaí Oirfide RTÉ, agus Saoráil Faisnéise. Bhí sé ina ionadaí ar son na mbainisteoirí ar an mBinse Caidrimh Thionsclaíoch.

Noel Curran (Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse)

Ceapadh Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Theilifís RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Tá céim sa Chumarsáid aige ó DCU. Bhí poist éagsúla aige sna meáin chlóite sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1992. D'oibrigh sé mar thuairisceoir, mar léiritheoir agus mar eagarthóir i dTeilifís RTÉ sular ceapadh ina Eagarthóir Cúrsaí Reatha é sa Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Edward Mulhall (Bainisteoir Stiúrtha Nuacht & Cúrsaí Reatha)

Ceapadh Ed ina Stiúrthóir Nuachta (agus níos faide anonn, i 2003, ina Bhainisteoir Stiúrtha) le héifeacht ó 1997.

Tá céim san Eacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, mar Léiritheoir Raidió i gCúrsaí Reatha. Ó shin bhí sé ina Cheannasaí Cúnta Gnéchlár agus Cúrsaí Reatha (Raidió) agus ina Eagarthóir Clár Nuachta (Teilifís), áit a mbíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar na cláir Six One agus Nine O'Clock News. Ceapadh ina Eagarthóir Stiúrtha é sa Rannán Nuachta i 1994.

Rialachas Corporáideach

Ceaptar comhaltaí ar Údarás RTÉ chun a dheimhniú go bhfuil RTÉ freagrach don Rialtas, do lucht íoctha ceadúnais, don lucht féachana agus éisteachta. Ag feidhmiú dóibh sa ról sin, bíonn comhaltaí Údarás RTÉ tiomanta na caighdeáin is airde a choimeád sa rialachas corparáideach.

Tá glactha ag RTÉ leis an *gCód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit* a d'fhaomh an Rialtas, 2 Deireadh Fómhair 2001, mar aon leis na hoibleagáidí i dtaca le rialachas corparáideach agus eile a leagtar síos san *Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995* agus san *Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001*.

Corparáid reachtúil is ea RTÉ a bunaíodh leis an *Acht um Údarás Craolacháin 1960* agus, dá bharr sin, níl forálacha an *Combined Code on Corporate Governance* (a foilsíodh i 2003) infheidhme i leith RTÉ. Sin ráite, tacaíonn RTÉ a oiread agus is féidir agus ar bhonn deonach leis an *Combined Code* agus tá bearta cuí déanta aige chun cloí leis na príomhriachtanais, sa mhéid is go mbaineann siad le RTÉ. Tacaíonn RTÉ le prionsabail agus le forálacha an *Combined Code* agus chloígh RTÉ leo ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- Is é an Rialtas a cheapann an tÚdarás agus a shocraíonn a luach saothair. Dá thoradh sin, níl feidhm leis na forálacha sin de chuid an *Combined Code* a bhaineann le comhaltaí Údaráis a cheapadh, lena n-áirítear uainiú na gceapachán, comhaltacht an Údaráis agus luach saothair na gcomhaltaí Údaráis;
- Tá RTÉ freagrach don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Níl aon scairchaipiteal ag RTÉ. Dá réir sin, níl na forálacha i dtaca le caidreamh scairshealbhóirí agus iompar na gCruinnithe Ginearálta Bliantúla infheidhme;
- Bíonn luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra laistigh de raon a shocraíonn an tAire Airgeadais agus an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha;
- Ní áirítear san eolas faoi luach saothair na gcomhaltaí Údaráis ar leathanach 34 suimeanna a íoctar le comhaltaí Údaráis ina gcáil fostaithe nó rannpháirtithe cláir, ach áirítear ann suimeanna a íoctar leo i bhfoirm táillí de bharr a gcuid seirbhísí mar chomhaltaí Údaráis;
- Nár cheap an Rialtas Comhalta Udaráis Sinsearach Neamhspleách; agus
- Mar gheall gurb é an Rialtas atá freagrach as comhaltaí Údaráis a cheapadh, ní bhreithníonn an tÚdarás é a bheith cuí polasaí foirmiúil a bhunú i ndáil le meastóireacht feidhmíochta an Údaráis, a Choistí agus a chomhaltaí aonair neamhspleách ghairmiúil a fháil ar chostas RTÉ, de réir mar is gá.

Údarás RTÉ

Comhdhéanamh

De réir théarmaí an *Achta um Údarás Craolacháin, 1960* agus reachtaíochta a ritheadh ó shin, déanann an Rialtas comhaltaí Údarás RTÉ a cheapadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Bíonn idir seachtar agus naonúr comhaltaí ann, agus ceapann an Rialtas duine acu sin ina C(h)athaoirleach. Tá naonúr comhaltaí san Údarás faoi láthair, duine acu a ceapadh de thoradh toghcháin i measc na foirne, agus tiocfaidh deireadh le seal oifige gach comhalta ar 20 Meitheamh 2008.

Baineann comhaltaí an Údaráis le cineálacha éagsúla cúlra. Tá scileanna agus taithí ar leith ag gach duine acu agus úsáideann siad a mbreithiúnas neamhspleách féin agus iad ag plé go deimhnitheach is go ceistitheach leis an bPríomh-Stiúrthóir agus leis an mBord Feidhmeannais d'fhonn cabhrú le forbairt spriocanna straitéiseacha RTÉ. Feidhmíonn siad mar iontaobhaithe ar son an leasa phoiblí, fad is a bhíonn na bainisteoirí feidhmiúcháin freagrach as gnáthoibríochtaí. Tá sonraí beathaisnéise na gcomhaltaí Údaráis le fáil ar leathanaigh 28 agus 29.

Bunaíodh an caidreamh idir RTÉ agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn Poist agus Telegrafa mar a bhí an t-am sin) ar bhonn foirmiúil i 1960. Casann Cathaoirleach an Údaráis agus na bainisteoirí feidhmeacha leis an Rialtas go rialta chun feidhmiú oibriúcháin agus airgeadais a phlé.

Gnásanna an Údaráis

Díreach tar éis a gceaptha, tugtar doiciméid eolais faoi RTÉ agus a chuid oibríochtaí do gach comhalta Údaráis.

Tagann an tÚdarás i gceann a chéile de réir sceideal rialta cruinnithe agus eagraítear cruinnithe ar ócáidí eile, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach. Bíonn gach eolas a theastaíonn ó na comhaltaí le fáil go cuimsitheach tráthúil chun go mbeidh siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Cuirtear páipéir de chuid an Údaráis chuig na comhaltaí in am tráthúil roimh chruinnithe de chuid an Údaráis agus bíonn páipéir nó eolas breise le fáil go réidh ag gach comhalta Údaráis ach iad a iarraidh. Tá deighilt shoiléir ag ceann na heagraíochta idir ról chathaoirleach an Údaráis, nach feidhmeannach é, agus ról an Phríomh-Stiúrthóra.

Bíonn comhairle agus seirbhísí Rúnaí Ghrúpa RTÉ le fáil ag gach comhalta Údaráis. Tá an Rúnaí freagrach as a dheimhniú go gcloítear le gnásanna an Údaráis agus le cibé rialacha agus rialúcháin atá infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ le fáil chun comhairle a chur ar an Údarás, de réir mar a theastaíonn. Is féidir le comhaltaí aonair de chuid an Údaráis comhairle nó traenáil

Tá beartas árachais i bhfeidhm ag an Údarás a shlánaíonn comhaltaí an Údaráis i gcás go dtabharfaí cás dlí ina leith le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a ndualgas mar chomhaltaí Údaráis.

Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choinnítear don Údarás lena phlé agus chun cinneadh a dhéanamh ina leith ina gclúdaítear príomhréimsí de ghnó RTÉ:

- Feidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil a athbhreithniú;
- Pleananna straitéiseacha, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a fhaomhadh;
- Infheistíochtaí agus tionscadail chaipitil ollmhóra a fhaomhadh;
- Polasaí cistíochta agus polasaithe bainistithe riosca;
- Leibhéil údaráis tarmligthe; agus
- Córas na rialuithe inmheánacha a athbhreithniú.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean chuig coistí de chuid an Údaráis, mar atá leagtha amach thíos.

Cuirtear páipéir a bhaineann le gnóthaí an Údaráis go dtí na comhaltaí Údaráis roimh gach cruinniú den Údarás, lena n-áirítear miontuairiscí gach cruinniú coiste a bhí ann ón gcruinniú deireanach den Údarás agus bíonn cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar imeachtaí an choiste le linn chruinnithe an Údaráis, más cuí.

Coistí an Údaráis

Tá trí choiste bhuana bunaithe ag an Údarás chun cuidiú lena fhreagrachtaí a fheidhmiú. Is iad sin an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta agus Coiste na gClár. Cuirtear coistí sealadacha le chéile ó am go ham chun déileáil le hábhair ar leith faoi théarmaí sainithe tagartha. D'fheidhmigh dhá choiste den sórt sin i rith na bliana reatha – an Coiste um Fhorbairt Chorparáideach agus an Coiste Reachtaíochta.

Tá cuntas ar chomhaltacht na gcoistí i dtaca le sonraí faoi freastal ar na cruinnithe le fáil ar leathanach 29.

Is iad comhaltaí an *Choiste Iniúchóireachta* ná triúr comhaltaí de chuid an Údaráis agus meastar gach duine acu a bheith neamhspleách. Is cuntasóirí cairte iad Paddy Marron agus Emer Finnan beirt, agus tá taithí acu ar bheith ag plé le hobair ábhartha airgeadais le déanaí.

Is gnách go mbíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí i láthair ag cruinnithe de chuid an choiste, agus bíonn na hiniúchóirí seachtracha i láthair de réir mar is gá. Bíonn teacht dhíreach neamhtheoranta ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus ag na hiniúchóirí seachtracha, ar Chathaoirleach an choiste i gcónaí. Sa bhreis air sin, bíonn comhphlé ag an gCoiste Iniúchóireachta leis na hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha uair in aghaidh na bliana, ar a laghad, gan bainisteoirí feidhmiúcháin a bheith i láthair, le deimhniú nach bhfágtar aon údar imní gan plé.

Seo a leanas ról agus freagraíochtaí an Choiste Iniúchóireachta:

- Na hiniúchóirí seachtracha a roghnú agus a cheapadh, a dtéarmaí tagartha agus táillí a fhaomhadh agus cineál agus scóip na hoibre iniúchóireachta a shocrú i gcomhar leis na hiniúchóirí seachtracha;
- Athbhreithniú ar fheidhmiú, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha. Lena linn sin, cuireann an Coiste ceisteanna oiriúnacha ar bhainisteoirí agus iniúchóirí inmheánacha;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, scóip agus éifeachtúlacht na hiniúchóireachta inmheánaí (lena n-áirítear ceapadh nó dícheapadh Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí) agus an clár iniúchóireachta inmheánaí don bhliain dár gcionn a chomhaontú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na gnásanna a úsáidtear chun déileáil le líomhaintí ó 'lucht sceite scéil';
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ó bhainisteoirí agus ón iniúchóireacht inmheánach maidir le cé chomh héifeachtach is atá na córais rialaithe imheánaigh. Chuige sin pléitear gach tuairisc iniúchóireachta inmheánaí agus gach freagra a chuireann bainisteoirí ar fáil i dtaobh moltaí agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn cibé beart a bheadh riachtanach. Cuireann Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí tuairisc i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta, ag déanamh achoimre ar obair a rinneadh ón gcruinniú deireanach agus ag díriú ar na réimsí fócais don tréimhse atá le teacht; agus
- Ag athbhreithniú, sula gcuirtear faoi bhráid an Údaráis go foirmiúil iad, ráitis bhliantúla airgeadais an Ghrúpa agus, go sonrach:
  - cibé ábhar tábhachtach a eascraíonn as an iniúchadh seachtrach;
  - na beartais chuntasaíochta;
  - aon cheist a bhfuil breithiúnas le déanamh uirthi;
  - cé chomh soiléir is a nochtar an t-eolas;
  - comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus dlíthiúla infheidhme; agus
  - na ráitis faoi rialú inmheánach.

Tá bacainní curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchóireachta chun a chinntiú nach mbeidh neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha curtha i mbaol. Déannan an Coiste athbhreithniú ar na bacainní seo ag tréimhsí rialta. Tá sé deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúchóireachta go bhfuil siad ag leanúint orthu ag úsáid gnásanna a chinnteoidh nach maolófar a n-oibiachtúlacht ná a neamhspleáchas.

Mar pháirt d'athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta ar leordhóthanacht agus oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí, déanann an Coiste Iniúchóireachta meastóireacht bhliantúil ar leibhéal na seirbhísí neamhiniúchóireachta a sholáthraíonn na hiniúchóirí seachtracha, agus na táillí a bhaineann leo, i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha. Tá mionsonraí faoi chineál na seirbhísí neamhiniúchóireachta a chuir KPMG ar fáil le linn na bliana, agus na táillí a bhain leo, i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

Tá miontéarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta le fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Ceathrar comhaltaí de chuid an Údaráis, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách, atá sa *Choiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta.* Ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ionadaí chun cabhrú leo, de réir mar is cuí. Tá téarmaí tagartha scríofa ag an gCoiste seo agus seo a leanas a ról agus na freagrachtaí atá air:

- Measann an coiste spriocanna, feidhmiú agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra agus cuireann moltaí i láthair an Údaráis sula lorgaítear faomhadh an Rialtais ina leith;
- Forbraíonn an coiste beartas RTÉ maidir le luach saothair na bhfeidhmeannach agus measann/faomhann tuarastail agus téarmaí eile a bhaineann le pacáiste luacha shaothair na mbainisteoirí feidhmiúcháin, i bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le luach saothair bhainisteoirí feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. (Téitear i gcomhairle leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le moltaí luacha shaothair le haghaidh bainisteoirí sinsearacha eile agus lorgaítear comhairle sheachtrach nuair is gá); agus
- Déanann an coiste athbhreithniú ar chonarthaí "ard-tallainn".

Is é an Rialtas a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Údaráis agus, mar thoradh air sin, ní hábhar sonrach don choiste é sin.

Triúr comhaltaí de chuid an Údaráis, a meastar gach duine acu a bheith neamhspleách, atá i *gCoiste na gClár*. Déanann an coiste plé ar fhorbairtí agus ar phleananna lárnacha i dtaca le cláir agus sceidil teilifíse agus raidió. Ag gach cruinniú a bhí acu, chas an Coiste le Bainisteoirí Stiúrtha Raidió, Teilifíse agus Nuachta & Cúrsaí Reatha agus lena gcomhghleacaithe sinsearacha bainistíochta, agus d'athbhreithnigh aschur cláir agus straitéis agus pleananna don am a bhí le teacht. Tá Cathaoirleach Choiste na gClár ina hionadaí ar son an Údaráis ar Chomhairle an Lucht Éisteachta agus choimeád sí an Coiste ar an eolas faoi chinntí na Comhairle sin.

Tá mionsonraí maidir leis an dá choiste Údaráis atá ag feidhmiú i rith 2006 léirithe thíos.

Ceathrar comhalta de chuid an Údaráis atá sa *Choiste um Fhorbairt Chorparáideach*, triúir acu a mheastar a bheith neamhspleách agus duine acu ar fostaí é. Ceapadh an coiste seo le linn na ceathrún deiridh de 2005 chun díriú ar phlean corparáideach cúig bhliana a ullmhú a dhéanfaidh an tÚdarás a mheas agus a nglacfaidh siad leis.

Tá an *Coiste Reachtaíochta* comhdhéanta de chúigear comhalta Údaráis, ceathrar acu a mheastar a bheith neamhspleách agus duine acu ar fostaí é. Ceapadh an coiste i rith 2006 chun athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí an Rialtais maidir le reachtaíocht Craolacháin nua (Dréacht Chinn an Bhille Craolacháin) agus le bheith rannpháirteach i gceacht ríomhChomhairliúchán de chuid Chomhchoiste Oireachtais ar Chumarsáid, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Neamhspleáchas na gComhaltaí Údaráis

Cuireann gach comhalta den Údarás a bhreithiúnas neamhspleách féin ar imeachtaí na Comhairle mar aon le ceisteanna agus éilimh ar leith a bheith acu. Mar a éilítear sa *Combined Code*, rinne an tÚdarás meastóireacht ar neamhspleáchas a chomhaltaí trí úsáid a bhaint as na critéir neamhspleáchais mar atá leagtha amach sa *Combined Code*.

Le haird ar ionracas, charachtar agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Údaráis, glactar leis go bhfuil gach comhalta den Údarás neamhspleách faoi na critéir sin ach amháin Joe O'Brien, ar fostaí de chuid RTÉ é. Ar an ábhar sin amháin, ní mheastar é a bheith mar chomhalta neamhspleách den Údarás de réir chritéir an *Combined Code*.

Rialachas Corporáideach ar lean

Rialú Inmheánach

Tá freagracht iomlán ar an Údarás as córais rialaithe inmheánacha an Ghrúpa, agus as éifeachtúlacht na gcóras sin a athbhreithniú. Dearadh na córais seo mar ráthaíocht réasúnta, murab ionann agus iomlán, i gcoinne míráitis nó caillteanais.

Deimhníonn an tÚdarás go raibh próiseas leanúnach ag feidhmiú ar feadh na bliana d'fhonn rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais. Tá an próiseas sin i gcomhréir leis an Turnbull Guidance - leasaithe *(Internal Control: Revised Guidance for Directors on the Combined Code)*, a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2005.

Is iad na comhpháirteanna lárnacha den chóras rialaithe inmheánaigh atá ann faoi láthair ná:

- Struchtúr eagraíochta dea-shainithe, le teorainneacha údaráis atá sainithe go foirmiúil agus meicníochtaí tuairiscithe go dtí ardleibhéil bhainistíochta agus an tÚdarás;
- Gnásanna seanbhunaithe chun rioscaí lárnacha a aithint, a rialú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe, le buiséid airgeadais bhliantúla a fhaomhann an tÚdarás;
- Tuairisciú tráthúil míosúil, ina ndéantar torthaí iarbhír a thuairisciú i bhfianaise an bhuiséid, a mheasann an tÚdarás ar bhonn míosúil; agus
- Polasaithe agus gnásanna cuimsitheacha a bhaineann le rialú oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear caiteachas caipitil. Teastaíonn cead an Údaráis le haghaidh mórthionscadail chaipitil.

Déanann lucht na hiniúchóireachta inmheánaí na rialuithe seo a athbhreithniú go córasach, le cur chuige riosc-bhunaithe.

Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil athbhreithniú déanta, tríd an gCoiste Iniúchóireachta, ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí na gnéithe seo a leanas sa phróiseas ar ghlac an tÚdarás leis chun éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach a athbhreithniú:

- Measúnú a dhéanamh ar údarás, acmhainní agus comhordú na ndaoine a bhíonn ag plé le rioscaí suntasacha do RTÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus measúnú ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe agus bainistíochta riosca;
- Monatóireacht ar thuairiscí riosca a chuireann bainisteoirí ar fáil;
- Athbhreithniú ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí agus measúnú ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin; agus
- Athbhreithniú ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha a d'fhéadfadh, mar pháirt dá ngnásanna, gnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh a thástáil agus aon laigí suntasacha a bheadh ann a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta.

Gnó leantach

Tar éis dóibh fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Údaráis go bhfuil dóthain acmhainní ag RTÉ, san iomlán, chun leanúint i mbun oibre sa léirthodhchaí. Ar an ábhar sin, tá siad ag cloí le bonn an ghnó leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Luach Saothar Chomhaltaí an Údaráis[1]

	2006 €'000	2005 €'000
Mary Finan[2]	**30**	-
Fintan Drury[3]	**2**	10
Emer Finnan[4]	**17**	4
Maria Killian	**17**	7
Patricia King[5]	**17**	7
Ian Malcolm[5]	**17**	7
Paddy Marron	**17**	12
Úna Ní Chonaire[5]	**17**	7
Joe O'Brien[4,6]	**17**	4
Stephen O'Byrnes[5]	**17**	12
Íocaíocht le comhaltaí an 14ú Údarás[7]	**-**	38
	168	108

1 Níl aon chomhalta de chuid an Údaráis ina fheidhmeannach.
2 Ceaptha 21 Feabhra 2006.
3 D'éirigh as le héifeacht ón 19 Eanáir 2006.
4 Ceaptha le héifeacht ón 14 Meán Fómhair 2005.
5 Chomh maith lena dtáillí údaráis, fuair Stephen O'Byrnes, Patricia King, Úna Ní Chonaire agus Ian Malcolm suimeanna neamhábhartha as a bheith páirteach i gcláir.
6 Bhí Joe O'Brien á íoc mar fhostaí de chuid RTÉ anuas ar a tháillí Údaráis,
7 Tháinig deireadh le téarma oifige an 14ú Údarás an 31 Bealtaine 2005. Ceapadh an 15ú Údarás le héifeacht ón 21 Meitheamh 2005. Áirítear le híocaíochtaí i rith 2005 do chomhaltaí an 14ú Údarás €5,000 an duine do Joe Barry, Anne Doyle, Des Geraghty, Maura Hayes, Gary Hynes agus Mary Peters mar aon le €8,000 do Patrick J Wright ina chumas mar Chathaoirleach.

Chloígh RTÉ leis na treoirlínte a rialaíonn íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Poiblí, a d'eisigh an tAire Airgeadais in Iúil 1992.

Leas Chomhaltaí Údaráis i scairchaipiteal

Níl aon scairchaipiteal ag RTÉ, ó tharla gur Comhlacht Stáit atá ann. Níl aon leas sochrach ag comhaltaí Údarás RTÉ i scairchaipiteal aon ghnóthais de chuid fhochuideachtaí RTÉ.

Luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra

	2006 €'000	2005 €'000
Cathal Goan		
- Buntuarastal	**268**	259
- Riaráistí buntuarastail	**-**	13
- Pá i gcoibhneas le feidhmiú	**44**	42
- Ranníoca	**22**	22
- Sochair eile	**26**	27
	360	363

Ba i leith fheidhmiú 2005 a íocadh an pá i gcoibhneas le feidhmiú i 2006.

Tá Cathal Goan ina chomhalta de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Ba mar seo a leanas na sochair phinsin a thuill sé le linn na bliana agus an pinsean iomlán a bhí fabhraithe faoi 31 Nollaig 2006:

	€'000
Méadú ar phinsean fabhraithe le linn 2006[1]	3
Luach aistriúcháin anmhéadaithe[2]	65
Pinsean fabhraithe iomlán ag deireadh bliana[3]	122

1 Níl boilsciú san áireamh i bpinsean fabhraithe i rith na bliana.
2 Ríomhadh an luach aistrithe úis i bpinsean fabhraithe ar bhonn comhairle achtúireacha. Ní hionann an luach aistrithe sin agus suimeanna íoctha nó dlite, ach is ionann é agus an tsuim a d'aistreodh an scéim phinsin chuig scéim phinsin eile i ndáil leis na sochair a fabhraíodh i 2006 i gcás go bhfagfadh comhalta an tseirbhís.
3 Is ionann an pinsean fabhraithe a léirítear agus an tsuim a d'íocfaí go bliantúil ar an gnáthdháta scoir, bunaithe ar sheirbhís go dtí deireadh na bliana.

Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis

Cuireann comhaltaí Údarás RTÉ a dtuarascáil ar fáil mar aon le ráitis iniúchta airgeadais an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, a sholáthraíonn seirbhísí Teilifíse agus Raidió saor go haer do luchtanna féachana/éisteachta na hÉireann. Chomh maith leis sin, soláthraíonn RTÉ seirbhísí líonra tarchuir agus túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile trí Tharchur Líonra RTÉ Teoranta, fochuideachta atá go hiomlán i seilbh RTÉ. Riarann RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme Náisiúnta RTÉ chomh maith le cóir éagsúla. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide, agus soláthraíonn seirbhís teilitéacs agus raon de sheirbhísí gréasán-bhunaithe ar líne saor in aisce.

Athbhreithniú gnó

Tá athbhreithniú mion ar fheidhmiú le linn 2006 le fáil in athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra ar leathanach 5, san aithbhreithniú oibriúcháin ar leathanaigh 7 go 23 agus san athbhreithniú airgeadais ar leathanaigh 24 go 27. Cuimsíonn na hathbhreithnithe sin na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí atá roimh an nGrúpa chomh maith le hanailís ar phríomhtháscairí feidhmiúcháin, idir tháscairí airgeadais agus tháscairí neamhairgeadais.

Ar leathanaigh 80 go 85, déantar athbhreithniú ar fheidhmiú RTÉ maidir lena ngealltanais dá lucht féachana agus éisteachta mar atá leagtha amach in Ráiteas Gealltanas 2006.

Comhaltaí an Údaráis

Ceapadh an 15ú hÚdarás le héifeacht ó 21 Meitheamh 2005. Ar leathanaigh 28 go 29 tá ainmneacha gach duine a d'fhónaigh mar chomhalta den Údarás in am ar bith le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006.

Rialachas Corparáideach

Leagtar socruithe rialachais chorparáidigh RTÉ amach sa tuarascáil bhliantúil, mar seo a leanas:

- Rialachas corparáideach leathanaigh 32 go 34
- Próifíleanna chomhaltaí an Údaráis leathanaigh 28 go 29
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis leathanach 36

Leabhair agus taifid

Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chearta. Ar na bearta a theastaíonn maidir leis seo tá córais agus gnásanna cuí a úsáid, pearsanra cuntasaíochta le cáilíochtaí gairmiúla agus saintaithí chuí a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar le haghaidh na feidhme airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais an Ghrúpa i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4, seachas leabhair Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, a choimeádtar i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Údaráis a ndualgas chun deimhin a dhéanamh de go gcloítear le gach gné ábhartha d'fhorálacha na rialachán ar a dtugtar European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002 ("na Rialacháin"). Tá gnásanna curtha i ngníomh chun a aithint cén dáta ar a mbíonn sonraisc iníoctha agus deimhin a dhéanamh de go ndéantar na híocaíochtaí faoina leithéid de dháta. Is ráthaíocht réasúnta iad a leithéid de ghnásanna i gcoinne neamhghéilliúlachta ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta a bhí i bhfeidhm le linn na bliana atá faoi athbhreithniú ná cloí le riachtanais na Rialachán.

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas i dtaobh fochuideachtaí agus gnóthas comhlachtaithe i nóta 8 leis na ráitis airgeadais.

Deonacháin pholaitiúla

I dtaca leis an Acht Toghcháin 1997, ní thugann RTÉ aon deonachán polaitiúil uaidh.

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

22 Márta 2007

Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Bíonn sé de dhualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialuithe infheidhme.

De réir reachtaíocht chraolacháin, ní mór d'Údarás RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú le haghaidh gach bhliain airgeadais. Faoi bhun na reachtaíochta sin, shocraigh comhaltaí Údarás RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, is é sin cumasc de dhlíthe infheidhme agus de chaighdeáin chuntasaíochta a eisíonn an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ní mór, de réir dlí, go dtabharfadh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa léargas fíreannach cothrom ar ghnóthaí RTÉ agus an Ghrúpa agus ar fharasbarr nó ar easnamh na tréimhse sin.

Le linn do chomhaltaí Údarás RTÉ a bheith ag ullmhú ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa faoi seach, bíonn iallach orthu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nár chuí glacadh leis go leanfaidh RTÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Bíonn comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas dóibh deimhniú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an reachtaíocht chraolacháin. Bíonn freagracht ghinearálta orthu cibé bearta atá indéanta go réasúnta a dhéanamh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as cothabháil agus iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. Is féidir go mbeidh difríochtaí idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais i bPoblacht Éireann agus reachtaíocht atá i bhfeidhm i gceantair dhlínse eile.

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

22 Márta 2007

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh

Mar Iniúchóirí arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, faoi Alt 25 den Acht um Údarás Craolacháin, 1960, rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ('na ráitis airgeadais') don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006. Tá na ráitis airgeadais sin comhdhéanta de ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa, cláir chomhardaithe RTÉ agus an Ghrúpa, ráiteas um shreabhadh airgid an Ghrúpa, ráiteas an Ghrúpa faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach iontu.

Cuirfear an tuarascáil seo ar fáil don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (an Aire) agus dó sin amháin. Rinneamar ár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimís a lua leis an Aire na nithe sin a bhfuil sé ceangailte orainn a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Feadh lán an mhéid atá ceadaithe de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine eile ach amháin do RTÉ agus don Aire as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as ár dtuairimí.

Freagrachtaí an Údaráis agus na n-iniúchóirí faoi seach

Is sa ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Údaráis, ar leathanach 36, a leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis maidir le hullmhú na Tuarascála Bliantúla agus ráitis airgeadais an Ghrúpa de réir na ndlíthe infheidhme agus na gcaighdeán cuntasaíochta a eisíonn an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Na Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn).

Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na ndlíthe agus na rialuithe ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid daoibh ár dtuairim cé acu a thugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cothrom agus cé acu atá siad ullmhaithe de réir na reachtaíochta craolacháin nó nach bhfuil. Chomh maith leis sin, tuairiscímid daoibh, de réir ár dtuairime, cé acu a choinnigh RTÉ leabhair chuntais chearta nó nár choinnigh agus cé acu atá an t-eolas sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil. Sonraímid freisin cé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach dár n-iniúchadh agus cé acu atá ráitis airgeadais RTÉ i gcomhréir leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Athbhreithnímid, ar iarratas an Údaráis, cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas faoin gcóras rialuithe inmheánaigh atá ar leathanaigh 32 go 34, go bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh na forála sa Chód Cleachtas um Rialáil Comhlachtaí Stáit atá sonraithe i gcomhair athbhreithnithe ag iniúchóirí agus más rud é go léiríonn na ráitis neamhghéilliúlacht an Ghrúpa, tuairiscímid sin a bheith amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn breithiúnas a dhéanamh ar cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird na rioscaí agus na rialuithe ar fad, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Ghrúpa ná a ngnáthaimh i leith rioscaí agus rialuithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid cé acu atá nó nach bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Cuimsíonn an t-eolas eile sin tuarascáil na gComhaltaí Údaráis, ráiteas an Chathaoirligh, athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, an t-aithbhreithniú oibriúcháin, an t-athbhreithniú airgeadais agus an ráiteas faoi rialachas corparáideach. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréir ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní cuid ar bith dár bhfreagrachtaí aon eolas a chlúdach.

Bunús na tuairime iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Is cuid den iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an tÚdarás agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus an ndearnadh iad a nochtadh go leordhóthanach.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis gach eolas agus míniú a mheasamar a bheith riachtanach chun leordhóthain fianaise a fháil agus deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide. Chun teacht ar ár dtuairim mheasamar freisin cé chomh sásúil is a bhí cur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíreannach cothrom, de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí RTÉ agus an Ghrúpa faoi mar a bhí ar an 31 Nollaig 2006 agus ar fharasbarr agus shreabhaidh airgid an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir na reachtaíochta craolacháin.

Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim, choinnigh RTÉ leabhair chuntais chuí. Tá clár comhardaithe RTÉ agus na leabhair chuntais de réir a chéile.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na gcomhaltaí Údaráis i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

KPMG
Cuntasóirí Cairte
Iniúchóir Cláraithe
Baile Átha Cliath
22 Márta 2007

Ráiteas Faoi Bheartais Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais chuntasaíochta seo a leanas go comhleanúnach chun déiléail le míreanna a measadh a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Ghrúpa iad.

Bonn ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo faoi ghnás na gcostas stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta, de réir mar a chraobhscoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Tá na ráitis airgeadais leagtha amach san fhormáid atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náisiúnta, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, faoi bhun na reachtaíochta craolacháin.

Bunús an chomhdhlúthaithe

Áirítear ráitis airgeadais RTÉ agus a chuid fochuideachtaí uile go dtí an 31 Nollaig gach bliain i ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta

Is é atá sa chaiteachas a thabhaíonn Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, fochuideachta a bhfuil seilbh iomlán ag RTÉ uirthi, ná costais chaipitiúla agus oibriúcháin i dtaca le TG4, an stáisiún teilifíse Gaeilge a bunaíodh de réir bheartas craolacháin an Rialtais.

Is é an phríomhfhoinse mhaoinithe le haghaidh chaiteachas caipitiúil Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta ná deontais chaipitiúla (airleacain neamh-inaisíoctha ón Státchiste) ón Státchiste. Amúchtar na suimeanna deontais seo ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Déantar costais oibriúcháin dhíreacha Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, lena n-áirítear caiteachas suntasach ar chláir agus ar riarachán, glan ar fhógraíocht agus ar ioncam eile, a mhaoiniú trí dheontais i gcabhair a fhaightear ón Státchiste. Tá an caiteachas seo frithárithe, sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, i gcoinne na ndeontas i gcabhair gaolmhar.

Déantar deontais i gcabhair réamhíoctha i dtaca le táillí tarchuir a fuarthas ón Státchiste mar dheontais chaipitiúla i dtosach, a amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar an mbonn céanna le dímheas na sócmhainní bunaidh.

Bíonn costais bhreise á dtabhú agus á dtuairisciú go leithleach ag RTÉ i dtaca le tacaíocht bhreise a sholáthar do TG4 le cláir, le tacaíocht innealtóireachta agus le seirbhísí eile do TG4 de réir bheartas craolacháin an Rialtais.

Ioncam

Ní cuid den ioncam iad CBL ná idirbhearta i measc chuideachtaí an Ghrúpa, ach clúdaíonn sé ioncam a ghnóthaítear ó Tháillí Ceadúnais teilifíse, díolacháin fhógraíochta, urraíocht, úsáid shaoráidí agus líonra tharchuir an Ghrúpa, ioncam scaipeacháin agus imeachtaí agus ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar. Sonraítear an t-ioncam glan ar lascainí socraíochta agus méide.

Ioncam ón Táille Cheadúnais

Déanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) gach ioncam ón Táille Cheadúnais atá iníoctha aici ar son daoine atá i dteideal cheadúnas teilifíse 'saor in aisce' a íoc díreach leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR). Bailíonn An Post gach ioncam eile ón Táille Cheadúnais teilifíse agus íocann le DCMNR é, glan ar chostais bhailiúcháin. Íocann an DCMNR "deontas i gcabhair' neamh-inaisíoctha le RTÉ, de réir fhorálacha Alt 8 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976, in ionad na suimeanna a bhailíonn An Post, glan ar chostais bhailiúcháin, agus íocann tobhach 5% leis an gCiste Speisialta Craolacháin, mar aon leis na suimeanna a d'íoc an DSFA léi. Aithnítear ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailíonn An Post sa mhí a eisítear an Ceadúnas Teilifíse. Aithnítear ioncam ón Táille Ceadúnais ón DSFA nuair a fhaightear sin.

Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta nuair a chuirfear feachtas i gcrích. Aithnítear gach ioncam eile fógraíochta i ndiaidh a chraolta/fhoilsithe. Sonraítear ioncam fógraíochta glan ar choimisiúin ghníomhaireachta. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar thréimhse an chláir, an fhoilseacháin srl urraithe.

Ioncam ón líonra agus ó shaoráidí

Tagann ioncam ón líonra agus ó shaoráidí de thoradh ar úsáid agus rochtain líonra tharchuir agus shaoráidí stiúideo an Ghrúpa a chur ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

Ioncam scaipeacháin agus imeachtaí

Tagann ioncam scaipeacháin de thoradh ar fhoilsiú agus scaipeadh an RTÉ Guide agus sonraítear é glan ar tháillí a bhíonn dlite don dáileoir agus don díoltóir deiridh. Aithnítear ioncam de réir líon glan na gcóipeanna a dhíoltar faoi dheireadh na tréimhse díolacháin i gcomhair gach eagráin.

Tagann ioncam imeachtaí de thoradh ar imeachtaí poiblí a eagraíonn Grúpaí Oirfide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a reáchtáiltear na himeachtaí agus de réir mar a dhlitear na suimeanna.

Ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar

Is é atá in ioncam ábhair, marsanachta agus ioncam gaolmhar ná suimeanna a ghnóthaítear ó ábhair RTÉ agus ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe ar shlite éasgsúla, lena n-áirítear saoráidí Idirlín an Ghrúpa, teilitéacs Aertel, díolachán seachtrach ar ábhair RTÉ agus suimeanna a shaothraítear de thoradh ar sheirbhísí tráchtála eile a sholáthraíonn an Grúpa. Aithnítear an t-ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó tar éis na hearraí a chur ar fáil don tríú páirtí.

Caiteachas ar chláir

Déantar costais na léiriúchán intí, na gceart, na gclár coimisiúnaithe agus na gclár ceannaithe (neamhchoimisiúnaithe) a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Costais phinsin

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí pinsin ar son líon mór fostaithe, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Phinsean Ranníoca Sainithe RTÉ agus scéimeanna ranníoca sainithe eile.

I dtaca leis na scéimeanna ranníoca sainithe, déantar ranníocaíochtaí a thabhú agus a aithint san fharasbarr nó sa chaillteanas oibriúcháin sa tréimhse inar thuill na fostaithe iad.

Scéim ranníoca sainithe is ea Scéim Aoisliúntais RTÉ, agus déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime, agus luach reatha dhliteanais na scéime, mar a mheasann achtúire iad de réir mhodh chreidmheas na n-aonad fortheilgthe, a nochtadh mar shócmhainn/dliteanas sa chlár creidmheasa, glan ar cháin iarchurtha (sa mhéid is go mbíonn sé in-aisghabhála). Is í an tsuim a chuirtear de mhuirear an fharasbairr oibriúcháin ná costas na sochar pinsin a gealladh d'fhostaithe le linn na bliana, arna mheas ag achtúire, móide cibé feabhsúcháin ar na sochair a deonaíodh do chomhaltaí le linn na bliana.

Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime Aoisliúntais le linn na bliana, agus an méadú ar dhliteanais na scéime de bharr athraithe na lascaine le linn na bliana a shonrú mar chostais mhaoinithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. Cibé difríocht a bheadh ann idir an toradh ionchais ar shócmhainní agus an toradh a baineadh amach, agus cibé athruithe a bheadh ar na dliteanais de bharr athruithe ar bhoinn thuisceana nó toisc an taithí iarbhír le linn na bliana a bheadh fidriúil ó na boinn tuisceana, déantar iad a aithint mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta.

Costais athstruchtúraithe
Déanann an Grúpa soláthar in aghaidh chostais iomlána clár athstruchtúraithe, fiú má mhaireann na cláir athstruchtúraithe níos faide ná an bhliain reatha. Ar na costais a d'fhéadfaí a áireamh ina leithéid de shuimeanna tá costais a bhaineann le laghdú foirne, lena n-áirítear íocaíochtaí (cnap shuimeanna) agus tuarastal laghdaithe a íoc go ceann tamaill, go dtí go mbeidh na daoine atá i gceist incháilithe i gcomhair theidlíochtaí pinsin, chomh maith le costais ábhartha eile. Déantar an costas iomlán don Ghrúpa a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfógraítear agus ina dtosaítear an clár athstruchtúraithe.

Cánachas
Is de réir rátaí reatha a sholáthraítear cáin chorparáide ar bhrabúis incháinithe atá iníoctha in Éirinn. Tá ioncam an Ghrúpa ón Táille Cheadúnais a tuilleadh roimh 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach difríochta uainithe atá tionscanta ach nach bhfuil freaschurtha ar dháta an chláir chomhardaithe i gcás go bhfuil idirbhearta nó tarlúintí tar éis titim amach ar dháta an chláir chomhardaithe a dtagann de thoradh orthu go bhfuil ceanglas ann chun níos mó cánach a íoc san am atá le teacht, nó ceart chun níos lú cánach a íoc san am atá le teacht. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabúis incháinithe an Ghrúpa agus a chuid torthaí de réir mar a luaitear sna ráitis airgeadais iad a thagann de thoradh ar ghnóthachain agus caillteanais a áireamh i meastacháin chánach i leith tréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is go meastar iad a bheith in-aisghabhála. Meastar iad a bheith in-aisghabhála sa mhéid go meastar, ar bhonn na fianaise go léir atá le fáil, go bhfuil sé níos dóchúla ná a mhalairt go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ann ar féidir freaschur na mbundifríochtaí uainithe a fhritháireamh ina gcoinne.

Sócmhainní seasta inláimhsithe
Táispeántar sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas bunaidh, glan ar dhímheas carntha agus aon soláthar in aghaidh lagaithe.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, seachas talamh ruílse, de réir rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a fhritháireamh, lúide a luach iarmharach measta, ar bhonn líne dírí thar chaitheamh a thréimhse úsáide ionchais. Is mar seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5% – 25%
Gléasra agus trealamh	7.5% – 20%
Daingneáin agus feistis	10% – 25%

Léiríonn tionscadail chaipitiúla ar siúl na costais a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear in úsáid iad. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ón dáta coimisiúnaithe.

Sócmhainní seasta airgeadais
Sonraítear sócmhainní seasta airgeadais ar a gcostas lúide aon soláthar in aghaidh lagaithe.

I gclár comhardaithe RTÉ, luaitear leas i bhfochuideachtaí ar a gcostas lúide aon soláthar in aghaidh lagaithe.

Soláthairtí
Tugtar cuntas ar sholáthairtí de réir FRS 12 'Soláthairtí, dliteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha'. Déantar soláthar le haghaidh chostais oibleagáide reatha i gcás gur dócha go dteastóidh aistriú de luach eacnamaíoch chun an oibleagáid a réiteach agus go bhfuil an Grúpa in ann meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith. Más féidir leis an nGrúpa an caiteachas seo a sheachaint trína ngníomhartha amach anseo a athrú ní aithnítear aon soláthar le haghaidh na hoibleagáide.

Déantar oibleagáidí atá le tabhú sna blianta atá le teacht a lascainiú go dtí a luachanna san am i láthair trí fheidhm a bhaint as ráta lascainithe cuí. Baintear íocaíochtaí den soláthar de réir mar a dhéantar iad agus cuirtear an t-ús gaolmhar de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais ar bhonn bliantúil.

Sócmhainní leachtacha
Is ionann sócmhainní leachtacha agus taiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainní reatha atá inaistrithe go réidh ar shuimeanna airgid aithnidiúla de réir a luachanna carraeireachta, nó gar dóibh, nó a thrádáiltear ar mhargadh gníomhach.

Chun críche an tuairiscithe ar shreabhadh airgid, agus de réir FRS 1 'Ráitis faoi shreabhaidh airgid', pléitear le gach taisce a rangaítear mar 'Airgead ar láimh agus sa bhanc' sa chlár comhardaithe, seachas chuntais reatha agus de thaiscí prapéilimh, mar 'Shócmhainní leachtacha' i ráiteas faoi shreabhadh airgid an Ghrúpa.

Léasanna
Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a chur de mhuirear ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa.

Airgeadra eachtrach
Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir na rátaí malairte iarbhír ar dháta an idirbhearta nó, i gcás gur cuí, de réir an ráta mhalairte i gconarthaí réamh-mhalairte gaolmhara. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte faoi mar a bhí ar dháta an chláir chomhardaithe, nó, i gcás gur cuí, de réir an ráta mhalairte i gconarthaí réamh-mhalairte gaolmhara. Déantar cibé gnóthachan nó caillteanas a thagann de thoradh ar athrú sna rátaí malairte tar éis dháta an idirbhearta a áireamh mar ghnóthachain nó mar chaillteanas malairte sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Idirbhearta páirtithe gaolmhara
Bhain an Grúpa leas as na díolúinte faoi FRS 8 'Nochtadh páirtí ghaolmhair' agus, dá bharr sin, ní nochtann sé idirbhearta idir gnóthais de chuid an Ghrúpa.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006 €'000	2006 Gluaiseacht Incriminteach FRS17* €'000	2006 Iomlán €'000	2005 €'000	2005 Gluaiseacht Incriminteach FRS17* €'000	2005 Iomlán €'000
Ioncam	1	405,021	-	405,021	369,888	-	369,888
Costais oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh		(380,529)	(5,978)	(386,507)	(347,484)	(5,009)	(352,493)
Barrachas oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas agu amúchadh		24,492	(5,978)	18,514	22,404	(5,009)	17,395
Dímheas agus amúchadh	4	(16,134)	-	(16,134)	(15,955)	-	(15,955)
		8,358	(5,978)	2,380	6,449	(5,009)	1,440
Gnóthachan/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		(152)	-	(152)	104	-	104
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní airgeadais		-	-	-	505	-	505
Barrachas fháltais árachais a fuair STnaG thar luachanna sócmhainní gaolmhara	4	-	-	-	1,075	-	1,075
Barrachas roimh ús agus cáin		8,206	(5,978)	2,228	8,133	(5,009)	3,124
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	2	2,392	-	2,392	1,597	-	1,597
Ús iníoctha agus táillí comhchosúla	3	(354)	-	(354)	(445)	-	(445)
Ioncam eile airgeadais	2,13	-	14,485	14,485	-	12,185	12,185
Barrachas ó ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	4	10,244	8,507	18,751	9,285	7,176	16,461
Cáin ar an mbarrachas ó ghnáthghníomhaíochtaí	6	-	-	-	-	-	-
Barrachas don bhliain		10,244	8,507	18,751	9,285	7,176	16,461

* Féach nóta 13.

Is as oibríochtaí leanúnacha a d'eascair gach ioncam agus an barrachas ó ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús agus cháin.

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

Paddy Marron
Chomhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas Faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2006 €'000	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2005 €'000
Barrachas don bhliain airgeadais		18,751	16,461
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní scéim phinsean	13	2,112	(7,140)
Iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireanach		20,863	9,321

Gluaiseachtaí sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31Nollaig 2006

	Nótaí	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2006 €'000	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2005 €'000
Cuntas ioncaim & caiteachais mar a bhí 1 Eanáir		95,547	86,226
Barrachas don bhliain		18,751	16,461
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar shócmhainní scéim phinsean	13	2,112	(7,140)
Cuntas ioncaim agus caiteachais ar 31 Nollaig		116,410	95,547

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

ar 31 Nollaig 2006

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	90,123	91,690
Sócmhainní airgeadais	8	-	-
		90,123	91,690
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	9	69,111	62,402
Airgead ar láimh agus sa bhanc		81,346	67,766
		150,457	130,168
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	10	(104,175)	(89,200)
Glansócmhainní reatha		46,282	40,968
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		136,405	132,658
Deontais chaipitil agus deontais i gcabhair	11	(12,541)	(13,370)
Soláthar do dhliteanas	12	(21,326)	(26,994)
Glansócmhainní gan sócmhainn phinsin		102,538	92,294
Sócmhainn phinsin	13	13,872	3,253
Glansócmhainní agus sócmhainn phinsin san áireamh		116,410	95,547
Cúlchistí			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		116,410	95,547

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

Paddy Marron
Chomhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	Bliain dar críoch 31 Nollaig €'000	Bliain dar críoch 31 Nollaig €'000
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16 (a)	28,862	20,690
Íocaíochtaí faoi chláir athstruchtúraithe	12	(6,022)	(7,040)
Fáltais ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísiú airgeadais	16 (b)	1,670	1,597
Caiteachas caipitil agus infheistíocht	16 (b)	(10,930)	(10,710)
		13,580	4,537
Bainistíocht sócmhainní leachtacha	16 (b)	(10,550)	(5,938)
Méadú/(laghdú) glan ar iarmhéideanna airgid	16 (c)	3,030	(1,401)

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

Paddy Marron
Chomhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Clár Comhardaithe RTÉ

ar 31 Nollaig 2006

	Nótaí	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	7	53,903	56,997
Sócmhainní airgeadais	8	51,355	51,355
		105,258	108,352
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	9	54,764	50,598
Airgead ar láimh agus sa bhanc		81,008	66,832
		135,772	117,430
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	10	(151,683)	(133,542)
Glansócmhainní reatha		(15,911)	(16,112)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		89,347	92,240
Soláthar do dhliteanas	12	(21,326)	(26,994)
Glansócmhainní gan sócmhainn phinsin		68,021	65,246
Sócmhainn phinsin	13	13,872	3,253
Glansócmhainní agus sócmhainn phinsin san áireamh		81,893	68,499
Cúlchistí			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		81,893	68,499

Thar cheann an Údaráis

Mary Finan
Cathaoirleach

Paddy Marron
Chomhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Nótaí atá ina gcuid de ráitis airgeadais an Ghrúpa

1 Príomhghníomhaíocht agus eolas teascánach

Is eagraíocht neamhbhrabúsach é RTÉ agus is é a phríomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí ná raon cuimsitheach de chainéil agus sceidil raidió agus teilifíse saor go haer a chraoladh. Freastalaíonn na seirbhísí seo ar gach catagóir daonra i sochaí na hÉireann, agus clúdaíonn siad raon leathan aschuir agus seánraí éagsúla, is cuma cé chomh mealltach is atá siad do lucht féachana/éisteachta tráchtála, agus cuirtear béim ar leith ar chláir de dhéantús Éireannach. I measc na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile ag RTÉ tá riar Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Cheolfhoireann Choirme RTÉ agus grúpaí oirfide eile agus, laistigh dá rannán foilsitheoireachta, cuireann RTÉ seirbhísí cuimsitheacha gréasánbhunaithe ar fáil ar líne saor in aisce atá díritheе, tríd is tríd, ar luchtanna léite in Éirinn.

Bíonn an costas bliantúil do RTÉ as na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo a sholáthar agus a mhaoiniú cuid mhór níos airde ná an maoiniú poiblí a fhaightear ar Ioncam ón Táille Cheadúnais. Dá réir sin, bíonn gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha ar siúl ag RTÉ, laistigh de Phoblacht na hÉireann den chuid is mó, chun tacú lena ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí. Ina measc seo tá: fógraíocht agus urraíocht a dhíol; an RTÉ Guide a fhoilsiú, ábhair a cheadúnú agus/nó a dhíol, díolacháin marsantachta a bhaineann le cláir, saoráidí léiriúcháin a chur ar cíos agus scaireanna teileachumarsáide/téacs. Chomh maith leis sin, riarann RTÉNL líonra tarchuir analógaigh náisiúnta i gcomhair craolta laistigh de Phoblacht na hÉireann, líonra a chuireann sé ar fáil do chraoltóirí náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear seirbhísí RTÉ féin, ar neamhthuilleamaí. Chomh maith leis sin, cuireann RTÉNL spás barrachais Túir/Crainn ar cíos do roinnt úsáideoirí tríú páirtí nach craoltóirí iad.

Tá oibríochtaí agus bainistíocht RTÉ roinnte i sé cinn de Rannáin Chomhtháite Ghnó (IBDanna): Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Grúpaí Oirfide, Foilsitheoireacht agus Líonra, mar aon le Ceannáras Corparáideach agus Lársheirbhísí Comhroinnte. Tá an IBD Líonra lonnaithe go huile is go hiomlán laistigh d'fhochuideachta atá go hiomlán i seilbh RTÉ agus a bhainistítear go leithleach, is é sin, RTÉNL (féach thuas). Cuimsíonn an Ceannáras Corparáideach na gníomhaíochtaí ginearálta riaracháin agus eile a thagann aníos ag leibhéal eintitis agus a bhaineann le rialú RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Cuimsíonn Lársheirbhísí Comhroinnte na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích go lárnach ar son na IBDanna. Ní dhéantar ach na costais sin a bhaineann le gníomhaíochtaí Lársheirbhísí Comhroinnte, agus a thabhaítear dá bhrí sin go lárnach ar son na IBDanna, a thuairisciú ag leibhéal IBD, cainéil nó seirbhíse. Ní chuirtear costas an cheannárais chorparáidigh, ná an t-ús a ghearrtar ná an t-ús a fhaightear, i leith na IBDanna. Mar chuid den phróiseas leanúnach chun an t-eolas a sholáthraítear san anailís mhíre a fhorbairt agus a athscagadh, rinneadh athbhreithniú i 2006 ar gach gníomhaíocht a rangaíodh mar Cheannáras Corparáideach. Mar thoradh air sin, aithníodh roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a bhreithniú níos cuí mar Lársheirbhísí Comhroinnte. Tá an anailís sin léirithe sna táblaí cuirthe i láthair do 2006, agus tá 2005 aluaite ar bhonn inchomparáide.

I nóta 8 leis na ráitis airgeadais seo, tá liosta mionsonraithe de ghníomhaíochtaí RTÉ, mar aon leis an IBD ina gcuirtear i gcrích iad, agus an t-eintiteas ina dtuairiscítear iad. Teastaíonn na sonraí seo chun an t-eolas teascánach seo a léirthuiscint.

Anailís ar ioncaim, ar chostais agus ar bharrachas/(easnamh) de réir IBD

Sna sceidil a leagtar amach faoi 1(a), tuairiscítear ioncaim tráchtála sa IBD inar gnóthaíodh iad. Seachas IBD amháin, is é sin Nuacht agus Cúrsaí Reatha, tá tuairisciú an Ioncaim ón Táille Cheadúnais laistigh de gach IBD ina fheidhm a bhaineann le leithdháileadh an Ioncaim sin do gach Cainéal agus Seirbhís ar leith (féach thíos). I gcás an IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha clúdaítear na costais go léir le leithdháilte Ioncaim ón Táille Cheadúnais, seachas den aschur Nuachta a sholáthraítear do RTÉ 2fm.

Déantar costais a thabhaíonn IBD nó a thabhaítear go díreach ar son an IBD, a thuairisciú laistigh den IBD sin. I gcás go dtabhaíonn Lársheirbhísí Comhroinnte costais ar son IBD, nó má thabhaíonn IBD amháin costais ar son IBD eile, baintear leas as bunús oiriúnach ionsú lánchostais/leithdháileadh úsáide chun costas cóir réasúnta a fheidhmiú ar son na seirbhísí idir-rannánacha a d'úsáid na IBDanna sin. Déantar na leithdháilte seo a chur i bhfeidhm go comhleanúnach agus de réir phrionsabail chuntasaíocht costas ar féidir iad a chosaint go hoibiachtúil. Chun críche na hAnailíse Teascánaí ar IBDanna (na sceidil a leagtar amach faoi 1 (a)), nochtar costais an IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha go leithleach ó Theilifís agus Raidió.

Sonrascaíonn RTÉNL gach IBD de réir shamhail taraife foilsithe, corrlaigh san áireamh.

Áirítear san eolas a thugtar i dtaca leis na IBDanna Teilifíse agus Nuachta agus Cúrsaí Reatha costais agus muirir a tabhaíodh de thoradh ar dhualgas reachtúil RTÉ cláir a sholáthar do TG4 de réir bheartas an Rialtais (féach 1(b) thíos).

Nótaí (ar lean)

1 Príomhghníomhaíocht agus eolas teascánach (ar lean)

Anailís ar ioncaim agus costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse & seánra craolacháin agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhsheirbhíse poiblí

Sna sceidil a leagtar amach ag 1(b) thíos, tuairiscítear costais agus ioncaim laistigh de chainéil, sheirbhísí agus sheánraí craolacháin ar mhodh a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncaim agus costais a thuairisciú laistigh de IBDanna.

Chun críche na hAnailíse Teascánaí seo ar chainéal, sheirbhís agus sheánra craolacháin, déantar costais an IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha a lán-leithdháileadh do na Cainéil Teilifíse agus Raidió ábhartha ar bhunús úsáide cuí agus de réir na bprionsabal chuntasaíocht costas a fheidhmítear go comhleanúnach agus ar féidir iad a chosaint go hoibiachtúil. Seachas de luach leithdháilte an aschuir nuachta a sholáthraítear do RTÉ 2fm, clúdaítear costais uile an IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha le leithdháilte Ioncaim ón Táille Cheadúnais.

Déantar Ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh go comhuaineach ar na cainéil agus na seirbhísí seirbhíse poiblí a bhféadfadh cumas teoranta a bheith acu chun Ioncam Tráchtála a ghnóthú, ar a gconlán féin, agus a mhaoinítear, de réir riachtanais, le hloncam ón Táille Cheadúnais chun soláthar leanúnach na seirbhíse poiblí a éascú. Is iad na seirbhísí atá i gceist: Grúpaí Oirfide RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm agus costas na tacaíochta a thugtar do TG4.

Ní leithdháiltear aon ioncam ón Táille Cheadúnais ar RTÉ 2fm, mar gnóthaíonn an cainéal seirbhíse poiblí dóthain ioncam tráchtála chun a gcostais a lánchlúdach agus barrachas a chur ar fáil.

Cuimsíonn an maoiniú ar chostais RTÉ Radio 1 na nithe seo a leanas:

- fógraíocht agus urraíocht RTÉ Radio 1;
- barrachais a ghnóthaítear de thoradh ar ghníomhaíochtaí tráchtála neamhchainéil an IBD Raidió agus
- barrachais a chuireann RTÉ 2fm ar fáil

agus comhlíontar an fuílleach le leithdháileadh ioncaim ón táille cheadúnais ina bhfuil dhá ghné ar leith:

- suim is comhionann le costas leithdháilte na seirbhísí a sholáthair an IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha do RTÉ Radio 1; agus
- íocaíocht chothromúcháin (tar éis gach ioncam eile a fháil) i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach a chraoltar ar RTÉ Radio 1.

Tar éis na leithdháilte a gcuirtear síos orthu thuas a bhaint amach, leithdháiltear fuílleach an ioncaim ón Táille Cheadúnais mar íocaíocht i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach laistigh den dá chainéal teilifíse seirbhíse poiblí i RTÉ, RTÉ One agus RTÉ Two. Déantar an tsuim a leithdháiltear ar gach cainéal a ríomh de réir chostais chomhréireacha na gclár de dhéantús baile ag gach cainéal. Ní leithdháiltear cuid ar bith den Táille Cheadúnais chun costas na gclár ceannaithe a mhaoiniú ná costais oibriúcháin seirbhíse poiblí a thabhaíonn na Cainéil ach nach mbaineann le cláir.

Ní dhéantar ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh go díreach ar Fhoilsitheoireacht RTÉ, Líonra RTÉ, Ceannáras Corparáideach ná aon ghníomhaíocht nó seirbhís neamhchainéil eile. Dá bhrí sin, ní leithdháiltear aon chuid den ioncam ón táille cheadúnais ar na seirbhísí poiblí gréasánbhunaithe ar líne a sholáthraíonn RTÉ saor in aisce agus atá á maoiniú faoi láthair ag barrachais a ghnóthaítear ar ghníomhaíochtaí tráchtála laistigh den IBD Foilsitheoireachta.

Déantar fuílleach na ngníomhaíochtaí neamhchainéil agus neamhsheirbhíse a bhailiú faoin gcatagóir “Eile” agus cuimsíonn siad IBD Líonra RTÉ, IBD Foilsitheoireachta RTÉ (níl gníomhaíochtaí “ar líne” san áireamh), gníomhaíochtaí neamhchainéil laistigh de na IBDanna Teilifíse agus Raidió RTÉ, mar aon le cibé coigeartuithe comhdhlúthaithe a bheadh le déanamh.

Eagraítear na sceidil a leagtar amach faoi 1(b), sa chaoi is go ndeighltear go soiléir idir na costais agus na hioncaim a bhaineann le gníomhaíochtaí éagsúla seirbhíse poiblí agus neamhsheirbhíse poiblí RTÉ agus go ndeighltear iad chun críche tuairiscithe. Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, toisc go mbíonn an costas do RTÉ as a raon iomlán gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí cuid mhór níos mó ná méid an ioncaim ón Táille Cheadúnais, níl aon rogha ann ach sciar maith de ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ a mhaoiniú le hioncam tráchtála seachas maoiniú poiblí. Tá na seirbhísí poiblí gréasánbhunaithe ar líne a sholáthraítear saor in aisce á maoiniú go hiomlán sam am i láthair le hioncaim tráchtála ó ghníomhaíochtaí eile laistigh den IBD Foilsitheoireachta agus, dá bharr sin, ní leithdháiltear aon ioncam ón Táille Cheadúnais orthu.

1 Príomhghníomhaíocht agus eolas teascánach (ar lean)

Anailís ar ioncaim, ar chostais agus ar bharrachas/ (easnamh) TG4

In 1(c) thíos, léiríonn an t-eolas teascánach leithleach a leagtar amach i dtaca le TG4 na hioncaim agus na costais a áirítear sa ráiteas ioncaim agus caiteachais ag STnaG féin, mar aon leo sin a thagann aníos i gcodanna eile de RTÉ i dtaca leis na tacaíochtaí a sholáthraítear do TG4. Áirítear i dtacaíocht RTÉ na costais agus na muirir a thagann de thoradh ar an soláthar clár faoi bhun na reachtaíochta agus soláthar seirbhísí eile de réir bheartas an Rialtais.

Déantar na costais a áirítear i ráiteas ioncaim agus caiteachais STnaG féin, glan ar fhógraíocht agus ar ioncam tráchtála eile, a mhaoiniú go príomha ar bhonn bliantúil trí dheontais i gcabhair a fhaightear díreach ón Státchiste agus trí amúchadh na ndeontas i gcabhair a fuarthas cheana. Déantar na costais agus táillí tacaíochta a sholáthraítear do TG4 agus a eascraíonn as codanna eile de RTÉ, a mhaoiniú le leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais mar a luadh thuas.

Anailís ar tháillí líonra ar sheirbhísí RTÉ uile (TG4 san áireamh)

Faoi 1(d) thíos, aithnítear go leithleach na suimeanna a ghearr RTÉNL ar gach seirbhís de chuid RTÉ (TG4 san áireamh).

Anailís ar ghlansócmhainní de réir IBD

In 1(e) thíos, sonraítear na glansócmhainní de réir IBD tar éis sócmhainní agus dliteanais idirchuideachta agus aon bhrabús idirchuideachta a thagann de thoradh ar aistrithe inmheánacha a dhíchur. Áirítear i measc na nglansócmhainní neamh-leithdháilte na sócmhainní seasta, na glansócmhainní reatha agus soláthairtí nach féidir a dháileadh idir na IBDanna ar bhonn a mbeadh brí leis, mar aon le glansócmhainní STnaG, fochuideachta de chuid RTÉ ag a bhfuil na sócmhainní a bhaineann le TG4.

Nótaí (ar lean)

1 Príomhghníomhaíocht agus eolas teascánach (ar lean)

(a) Eolas Teascánach de réir IBD agus de réir struchtúr eagrúcháin RTÉ, an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006:

	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuachta & Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oirfide €'000	IBD Líonra €'000
Ioncam					
Ioncam fógraíochta	139,638	39,519	-	1	-
Ioncam urraíochta	7,051	1,480	-	239	-
Ioncam ó shaoráidí	2,025	238	-	324	-
Ioncam scaipeacháin agus imeachtaí	-	-	-	1,671	-
Ioncam ó tharchur, crainn & túir	-	-	-	-	25,753
Is iad sócmhainní airgeadais an Ghrúpa, de réir shainiú FRS 13, ná:

	2006 €'000	2005 €'000
Féichiúnaithe eile (nóta 9)	1,589	2,200
Airgead ar láimh agus sa bhanc	81,346	67,766
	82,935	69,966

Nótaí (ar lean)

14 Eolas cistíochta (ar lean)

Tar éis conarthaí airgeadraí ar aghaidh a chur san áireamh, ba mar seo a leanas próifíl ráta úis na sócmhainní airgeadais:

Sócmhainní airgeadais ráta chomhlúthaigh:	31 Nollaig 2006 €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Airgeadra		
Euro	82,470	69,680
Dollar SAM	465	13
Sterling	-	273
Iomlán	82,935	69,966

Is é atá i bhformhór na sócmhainní airgeadais ráta chomhlúthaigh ná airgead agus taiscí téarma ar a mbíonn ús de réir rátaí tráchtála.

Is iad dliteanais airgeadais an Ghrúpa, de réir shainiú FRS 13, ná:

	2006 €'000	2005 €'000
Soláthar in aghaidh chostais athstruchtúraithe (nóta 12)	21,326	26,994

Tar éis conarthaí airgeadraí ar aghaidh a chur san áireamh, ba mar seo a leanas próifíl ráta úis na ndliteanas airgeadais:

Dliteanais airgeadais ráta chomhlúthaigh:	2006 €'000	2005 €'000
Airgeadra		
Euro	21,326	26,994

Níl aon ús seachtrach iníoctha ar an soláthar in aghaidh chostas athstruchtúraithe, cé go ndéantar, chun cloí le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa, ús barúlach a chur de mhuirear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais in aghaidh na bliana de réir rátaí a oireann d'aibíocht na ndliteanas.

(b) Nochtadh d'airgeadraí

Léiríonn an tábla seo thíos nochtadh an Ghrúpa d'airgeadraí; i.e. gach nochtadh idirbheartaíoch (nó neamhstruchtúrach) as a n-eascraíonn glanghnóthachain nó glanchaillteanais airgeadra a aithnítear sa ráiteas ioncaim agus caiteachais an Ghrúpa. Is é atá sna nochtaí sin na sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta sin de chuid an Ghrúpa nach n-áirítear in euro. Léiríonn an tábla tionchar na gconarthaí airgeadra ar aghaidh a bhaintear amach chun na nochtaí airgeadra sin a bhainistiú. Seo mar a bhí na nochtaí ar 31 Nollaig:

	Glansócmhainní/(dliteanais) airgeadaíochta in airgeadraí eachtracha			
	Sterling €'000	Dollar SAM €'000	Eile €'000	Iomlán €'000
31 Nollaig 2006	(2,661)	(4,777)	(531)	(7,969)
31 Nollaig 2005	(1,798)	(5,277)	(604)	(7,679)

Is é an euro a úsáideann gach eintiteas de chuid an Ghrúpa mar airgeadra feidhmiúil.

14 Eolas cistíochta (ar lean)

(c) Aibíocht na ndliteanas airgeadais

Ba mar seo a leanas próifíl aibíochta dhliteanais airgeadais an Ghrúpa, seachas creidiúnaithe gearrthéarmacha ar nós creidiúnaithe trádála agus fabhruithe, ar 31 Nollaig:

	2006 €'000	2005 €'000
I mbliain amháin nó níos lú, ar éileamh	5,181	6,470
Breis agus bliain amháin, ach tráth nach faide ná dhá bhliain	3,971	4,864
Breis agus dhá bhliain ach tráth nach faide ná cúig bliana	6,809	9,149
Breis agus cúig bliana	5,365	6,511
	21,326	26,994

(d) Saoráidí iasachta

I bhfianaise leibhéal na gcomharduithe airgid i seilbh an Ghrúpa, níor measadh é a bheith riachtanach aon saoráidí iasachta sainithe a choimeád ar 31 Nollaig 2006 nó 31 Nollaig 2005.

(e) Luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais

Leagtar amach, thíos faoi seo, comparáid de réir catagóra ar luachanna de réir na leabhar agus luachanna córa shócmhainní agus dhliteanais uile an Ghrúpa faoi mar a bhí ar 31 Nollaig:

	2006		2005	
	Luach de réir na leabhar €'000	Luach cóir €'000	Luach de réir na leabhar €'000	Luach cóir €'000
Ionstraimí príomha airgeadais i seilbh nó a eisítear chun oibríochtaí an Ghrúpa a mhaoiniú:				
Airgead ar láimh agus sa bhanc	81,346	81,346	67,766	67,766
Féichiúnaithe eile	1,589	1,589	2,200	2,200
Soláthar in aghaidh chostais athstruchtúraithe (nóta 12)	(21,326)	(21,326)	(26,994)	(26,994)
	61,609	61,609	42,972	42,972
Ionstraimí airgeadais díorthaíocha i seilbh chun nochtadh d'airgeadra de bharr caiteachais a fhálú				
Conarthaí airgeadra ar aghaidh	(135)	(118)	155	395

De thoradh ar a n-aibíocht ghearr, níl difríocht ábhartha idir luach de réir na leabhar agus luach cóir an airgid sa bhanc agus ar láimh. Is ionann luach cóir na míreanna eile uile agus a luach margaidh, i gcás gur cuí sin, nó ríomhadh iad trí shreabhaidh airgid amach anseo a lascainiú de réir ghnáthrátaí úis.

(f) Gnóthachain agus caillteanais ar chonarthaí fálaithe

Mar gheall ar chineál gnéithe áirithe dá ghnó, go háirithe cláir theilifíse cheannaithe agus cearta ó thíortha thar lear, nochtar RTÉ don tionchar a bhíonn ag luaineachtaí i rátaí malairte airgeadraí eachtracha. Chun an nochtadh sin a bhainistiú, chuaigh RTÉ i mbun socruithe éagsúla cistíochta le linn na bliana. Ar 31 Nollaig 2006, bhí an Grúpa tiomanta chun US$14.25m (2005: US$8.50m) agus GBP£1.50m (2005: GBP£1.55m) a cheannach de réir rátaí sonraithe ag dátaí éagsúla le linn 2006.

Faoi láthair, meastar go n-aithneofar glanghnóthachan neamhréadaithe €17,000 i 2007 de thoradh ar ionstraimí fálaithe ar 31 Nollaig 2006. Le linn 2006, aithníodh glanghnóthachan neamhréadaithe €240,000 de thoradh ar ionstraimí fálaithe ar 31 Nollaig 2005.

Nótaí (ar lean)

15 Ceangaltais agus teagmhais airgeadais

(a) Dlíthíocht

Mar gheall ar chineál oibre RTÉ, tá RTÉ páirteach i roinnt caingne dlí, an chuid is mó díobh a bhaineann le líomhaintí clúmhillte agus díospóidí den chineál sin. Cé nach bhfuil sé praiticiúil teacht ar fhigiúr cruinn a chuimseodh na dliteanais a d'fhéadfadh teacht de thoradh na gcaingne éagsúla seo, tá an tÚdarás sásta go bhfuil soláthar réasúnta déanta aige sna ráitis airgeadais in aghaidh na dtorthaí is dócha a bheidh ar na caingne seo.

(b) Ceangaltais chaipitil

	Grúpa		RTÉ	
	2006 €'000	2005 €'000	2006 €'000	2005 €'000
Conarthaí déanta gan soláthar ina gcomhair	1,318	1,588	510	436
Údaraithe ach gan conarthaí déanta	3,435	3,242	3,211	3,058
	4,753	4,830	3,721	3,494

(c) Ceangaltais chun cláir / cearta a cheannach

	Grúpa		RTÉ	
	2006 €'000	2005 €'000	2006 €'000	2005 €'000
Conarthaí déanta gan soláthar ina gcomhair	64,341	82,626	54,976	67,074

(d) Ceangaltais léasanna oibriúcháin

Ceangaltais bhliantúla faoi léasanna oibriúcháin, i leith mótarfheithiclí go príomha, a théann in éag:

	Grúpa		RTÉ	
	2006 €'000	2005 €'000	2006 €'000	2005 €'000
Laistigh de bhliain	96	60	34	23
Laistigh de dhá nó cúig bliana	143	226	76	120
	239	286	110	143

16 Nótaí leis an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid

(a) Réiteach an bharrachais/easnaimh oibriúcháin le heis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2006 €'000	2005 €'000
Barrachas oibriúcháin roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh	18,514	17,395
Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid	5,978	5,009
Amúchadh deontas i gcabhair réamhíoctha	(936)	(1,472)
Méadú ar líon na bhféichiúnaithe	(5,987)	(6,116)
Méadú ar líon na gcreidiúnaithe	11,293	5,874
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúchain	28,862	20,690

(b) Ollsreabhaidh airgid

	2006 €'000	2005 €'000
Fáltais ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadais		
Ús faighte	1,670	1,597

	2006 €'000	2005 €'000
Caiteachas caipitil agus infheistíocht) airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(13,138)	(15,158)
Deontais chaipitil faighte	2,147	868
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe /fáltais árachais	61	1,460
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní airgeadais	-	2,120
	(10,930)	(10,710)

	2006 €'000	2005 €'000
Bainistiú acmhainní leachtachta		
Gluaiseacht i dtaiscí téarma bainc	(10,550)	(5,938)

Nótaí (ar lean)

16 Nótaí leis an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid (ar lean)

(c) Anailís ar athruithe i nglanchistí

	2006 €'000	2005 €'000	Sreabhadh Airgead €'000
Airgead sa bhanc	4,902	1,872	3,030
Acmhainní leachtacha (taiscí téarma)	76,444	65,894	10,550
	81,346	67,766	13,580

(d) Réiteach an ghlansreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí

	2006 €'000	2005 €'000
Méadú / (laghdú) ar airgead	3,030	(1,401)
Méadú ar acmhainní leachtacha	10,550	5,938
Méadú ar ghlanchistí	13,580	4,537
Glanchistí ag tús na bliana	67,766	63,229
Glanchistí ag deireadh na bliana	81,346	67,766

17 Idirbheartaíochtaí páirtithe gaolmhara

Is corparáid reachtúil é RTÉ, arna bhunú faoi bhun an Achta um Údarás Craolacháin, 1960. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann comhaltaí Údarás RTÉ.

Soláthraíonn an Grúpa fógraíocht agus seirbhísí eile den chineál, agus ceannaíonn earraí agus seirbhísí, i ngnáthchúrsa a ghnó, do/ó ranna Rialtais agus do chomhlachtaí atá á rialú ag Rialtas na hÉireann. Bailíonn An Post an Táille Cheadúnais teilifíse ar son na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

18 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais 22 Márta 2007.

Cairt

Sa cháipéis *Cairt um Chraolacháin Seirbhíse Poiblí*, a d'fhoilsigh an Rialtas i mí an Mheithimh 2004, aithnítear na treoirphrionsabail do RTÉ agus áirítear ann roinnt riachtanas tuairiscithe ar leith. Pléadh na riachtanais thuairiscithe sin in áit eile sa tuarascáil seo, seachas mar a leagtar amach thíos.

COMHAIRLE LUCHT ÉISTEACHTA

Bunaíodh Comhairle Lucht Éisteachta i mí na Samhna 2003 ar feadh tréimhse ceithre bliana agus is grúpa comhairleach d'Údarás RTÉ an chomhairle. Tá an Chomhairle comhdhéanta de 22 comhalta.

Struchtúr agus Comhdhéanamh

- Is ionann an Chomhairle agus grúpa comhairleach d'Údarás RTÉ
- Is gnáthchomhalta ex-offico den Chomhairle é Cathaoirleach Fho-Choiste Clár an Údaráis
- Tá an Chomhairle comhdhéanta de chomhaltaí ionadaíocha agus aonair a bhfuil leas ginearálta acu i gcraoltóireacht agus, i gcás ionadaithe, sainleas i gceann amháin nó níos mó de na príomhshnáitheanna clár
- Ceithre bliana an t-achar a mbíonn gach aon Chomhairle i bhfeidhm agus toghtar Cathaoirleach ó na comhaltaí gach bliain. Cuireann RTÉ Rúnaí ainmnithe ar fáil.

Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach ar bhonn deonach agus aisíoctar costais dheimhnithe leo agus sin amháin.

Reáchtáil an Chomhairle cúig chruinniú i rith 2006. Toghadh Mark Connolly gan freasúra mar Chathaoirleach ag cruinniú mhí Eanáir.

Chas Príomh-Stiúrthóir RTÉ, Cathal Goan, leis an gComhairle ag cruinniú Mhí Eanáir. Dheimhnigh sé tiomantas RTÉ d'obair na Comhairle mar aon le tacaíocht iomlán don Chomhairle. D'fháiltigh sé freisin roimh na dlúthnaisc atá bunaithe le Comhairle Chraolacháin BBC Thuaisceart Éireann.

Reáchtáladh cruinniú i gcomhar idir Comhairle Lucht Éisteachta RTÉ agus Comhairle Chraolacháin BBC Thuaisceart Éireann i mí an Mhárta. Ceapadh gur cruinniú dinimiciúil ar éirigh go maith leis a bhí ann ina raibh comhrá comhstádais ar siúl ar réimsí de leas coitinn. Bhí ionadaíocht ag an gComhairle ag ceiliúradh Comóradh 25 bliain na Comhairle Craolacháin freisin i mí Mheán Fómhair.

Chas toscaireacht ón gComhairle le Fo-Choiste Clár Údarás RTÉ i mí Aibreáin. Bunaíodh córas foirmiúil aiseolais i ndiaidh an chruinnithe sin idir an Comhairle agus RTÉ.

Tiocfaidh deireadh le téarma oifige na Comhairle i mí na Nollag 2007. Pléadh cé a bheadh mar chomharba ag roinnt de na cruinnithe i rith 2006. B'údar imní don Chomhairle é go gcaillfí an taithí agus an t-eolas atá curtha le chéile ag an gComhairle dá mbeadh Comhairle nua ann agus moladh gur chóir go mbeadh gné éigin comhleanúnachais ann ó thaobh comhaltachta. I mí Mheán Fómhair 2006 d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Dréacht Chinn an Bhille Craolacháin 2006 ina n-áirítear ann foráil do Chomhairle Lucht Éisteachta a bhunú ar bhonn reachtúil. Áiríodh in aighneacht RTÉ údar imní na Comhairle maidir le comhleanúnachas a chailliúint sa phróiseas comhchomhairle leictreonach a lean.

Bhí agallamh leis an gCathoirleach san *RTÉ Guide* agus sheol seisean Taispeántas Grianghraf Aimsire RTÉ freisin i Leabharlann Bhaile Átha Cliath Láir i rith 2006.

Áirítear ar na topaicí a phléigh an Chomhairle le feidhmeannaigh iomchuí RTÉ: sceidil teilifíse a thiomsú; ioncam tráchtála ar raidió a chruthú, lena n-áirítear prótacail agus bacainní atá in áit; fógraíocht lena mbaineann "ábhar pholaitíochta"; fuaimniú i dteangacha eile seachas an Béarla; podchraoladh ar chláir raidió agus forbairtí teicneolaíochta eile; RTÉ agus na hEalaíona (amharcealaíona, litríocht, ceol agus drámaíocht), Seirbhísí Rochtana RTÉ (fotheidealóireacht agus clos-thuairiscithe do dhaoine dall agus daoine le lagamhairc); cláir spóirt. Pléadh na hathruithe ar sceidil RTÉ Raidió 1 san Fhómhar go mion thar roinnt cruinnithe le feidhmeannaigh sinsearacha Raidió a bhí i láthair.

Coimeádadh an Chomhairle ar an eolas maidir le gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhuaigh seirbhísí éagsúla RTÉ ar fud na bliana.

Cairt (ar lean)

RÁITEAS GEALLTANAS

Sa chéad ráithe den bhliain, d'fhoilsigh RTÉ a Ráiteas Gealltanas, 2006. Dáileadh cóipeanna crua den doiciméad go forleathan agus foilsíodh ar RTÉ.ie. Bhí gealltanais chainníochtúla sa ráiteas maidir le gníomhaíochtaí corparáideacha agus aschuir agus déantar measúnú neamhspleách orthu i gach bliain, ar son an Aire Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá achoimre sna cairteanna seo a leanas ar na gealltanais a tugadh agus an méid a baineadh amach i ngach cás:

Gealltanais Chorparáideacha	Torthaí
Is é a dhéanfaidh RTÉ i 2006:	
• Díriú ar a bhfuil scríofa do bhliain a dó den cháipéis *Prionsabail Stiúrtha – Cur i bhFeidhm na Cairte Craolacháin Seirbhíse Poiblí*. A chinntiú go gcomhlíonann RTÉ riachtanais na Cairte agus go dtugtar tuairisc ar an obair sin. Foilseofar an tríú heagrán agus an ceann deireanach de *Prionsabail – Cur i bhFeidhm na Cairte Craolacháin Seirbhíse Poiblí* ag deireadh 2006.	• Gealltanas comhlíonta
• Leanúint leis an obair leis an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní (DCMNR) d'fhonn an Straitéis is oiriúnaí don Chraoltóireacht Dhigiteach a fhorbairt d'Éirinn lena n-áirítear DTT. An DTT píolótach atá fógraithe ag an Aire a éascú mar is cuí.	• Gealltanas comhlíonta
• A iarraidh ar an Údarás nua meastóireacht a dhéanamh ar ár seasamh maidir le Freagrachtaí Sóisialta Corparáide sa chéad ráithe de 2006 ionas go bhfoilseofar é a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.	• Gealltanas comhlíonta
• A chinntiú go bhfuil ar chumas RTÉ riachtanais uile Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm.	• Gealltanas comhlíonta an méid agus is féidir sin a dhéanamh. Níl RTÉ ainmnithe fós faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
• Cabhrú leis an DCMNR agus Oireachtas Éireann d'fhonn reachtaíocht chraolacháin a fhorbairt.	• Gealltanas comhlíonta an méid agus is féidir sin a dhéanamh. Ról iomlán i ríomhchomhairliúcháin (leis an gCoiste i gComhar ar Chumarsáid, Mara agus Acmhainní Nádúrtha), atá fós ar siúl faoi láthair.
• An plean straitéiseach is déanaí do RTÉ atá ceadaithe ag an Údarás a chur faoi bhráid an DCMNR faoi Aibreán 2006.	• Gealltanas comhlíonta. Curtha faoi bhráid faoi dheireadh mhí an Mhárta 2006.
• Tacú leis an DCMNR nuair a chuireann sé acmhainní riachtanacha ar fáil d'fhonn a chinntiú go mbeidh páirt iomlán shuntasach ag Éirinn san athbhreithniú ata á dhéanamh ar an gcáipéis dar teideal Television Without Frontiers Directive	• Gealltanas comhlíonta
• A chinntiú go bhfuil fáil ar leagan uasdátaithe de *Treoirlínte do Léiritheoirí RTÉ* ar an idirlíon.	• Gealltanas comhlíonta
• A chinntiú go gcuireann RTÉ na hathruithe cuí i bhfeidhm d'fhonn cloí le riachtanais nua na reachtaíochta míchumais atá i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2005.	• Obair ag leanúint ar aghaidh, de réir mar atá leagtha amach agus beidh sé comhlíonta faoin dáta atá leagtha amach.
• Oibriú leis an DCMNR, le ComReg agus leis na húdaráis chuí eile d'fhonn a chinntiú go dtiocfaidh toradh fabhrach d'Éirinn as comhdháil idirnáisiúnta spectrum sa bhliain 2006.	• Gealltanas comhlíonta. Toradh sásúil bainte amach d'Éirinn.
• A chinntiú go mbeidh urraíochtaí corparáideacha ann a chuirfidh deiseanna ar fáil do na IDBanna agus iarracht a dhéanamh urraíocht faoi ainm a lorg nuair is cuí sin. Leanúint leis an obair le Metro Éireann agus leis an gComhairle do Dhrámaíocht Amaitéarach na hÉireann ar ghradaim MAMA agus ar Fhéile Drámaíochta Amaitéarach RTÉ faoi seach.	• Gealltanas comhlíonta
• Leanúint leis an leibhéal ard cuntasachta agus trédhearcachta atá forbartha le blianta beaga anuas.	• Gealltanas comhlíonta

Radio RTÉ

Gealltanais RTÉ Radio 1	Torthaí
80 uair an chloig, ar a laghad, de chláir atá dírithe ar na Réigiúin (gach seánra) lena n-áirítear Craoladh Seachtrach, Talmhaíocht, Clúdach ar Imeachtaí Speisialta sna Réigiúin, Rialtas Áitiúil	Sáraíodh an gealltanas 5%
Spórt – RTÉ Radio 1 – 30 uair de chlúdach eisiach ar Ghalf Chorn Ryder	Gealltanas comhlíonta
1228 uair an chloig de Nuacht & Cúrsaí Reatha	Gealltanas comhlíonta
Gealltanais sheach-chraolta: - Iarracht náisiúnta bhliantúil – Ceoldráma Uile-Éireann	Gealltanas comhlíonta
30 uair an chloig ar a laghad de chláir dírithe ar Shochaí Ilchultúir (gach seánra)	Sáraíodh an gealltanas 20%
Ar an laghad 7 n-uair an chloig de Stair	Sáraíodh an gealltanas 25%
11 uair an chloig dírithe ar Cheiliúradh Céad Bliain Beckett (Ealaíona agus Drámaíocht)	Sáraíodh an gealltanas 182% (31 uair an chloig)

Gealltanais RTÉ 2fm	Torthaí
Rochtain Mac Léinn: - 9 n-uaire an chloig d'fhócas ar scrúduithe - 10 n-uair an chloig de dhéantús clár ó mhic léinn idirbhliana	Sáraíodh an gealltanas 22% 8 n-uaire de chláir ag mic léinn na hldirbhliana
Leanaí & Oideachas - 8 gceardlann	Gealltanas comhlíonta
Beidh na nithe seo a leanas ar na léiriúcháin cheoil nua: - 2 mhórfhéile - 40 seisiún - 45 uair an chloig	Sáraíodh an gealltanas 50% - 3 mhórfhéile 31 seisiún (laghdú ag teacht le fócas níos mó ar aschur ceoil beo). Sáraíodh an gealltanas 362%
Ar an laghad 180 uair an chloig de chláir ó na réigiúin (gach seánra)	Sáraíodh an gealltanas 74%
Ar an laghad 50 uair an chloig de chláir Spóirt	Sáraíodh an gealltanas 6%
Ar an laghad 400 uair an chloig de cheol ailtéarnach	Sáraíodh an gealltanas 4%
Ar an laghad 464 uair an chloig de Nuacht & Cúrsaí Reatha	Gealltanas comhlíonta 91% (laghdú dlite mar gheall ar athruithe ar an sceideal)
Ar an laghad 30 uair an chloig de chláir Fhíorasacha	Sáraíodh an gealltanas 3%
Forbairt Tallann – 40 uair an chloig	Sáraíodh an gealltanas 228%
EBU – 25 tairiscint de cheol taifeadta beo	Sáraíodh an gealltanas 40%

Cairt (ar lean)

Raidió RTÉ (ar lean)

Gealltanais RTÉ Raidió na Gaeltachta	Torthaí
Ar an laghad 21 uair an chloig de chláir Dhrámaíochta	Sáraíodh an gealltanas 5%
Ar an laghad 50 uair an chloig de chláir Fhíorasacha	Sáraíodh an gealltanas 28%
Ar an laghad 30 uair an chloig de chláir do Dhaoine Óga (Leanaí & Oideachas)	Sáraíodh an gealltanas 7%
Ar an laghad 96 uair an chloig de chláir ó na réigiúin (gach seánra)	Sáraíodh an gealltanas 21%
Ar an laghad 874 uair an chloig de Nuacht & Cúrsaí Reatha	Gealltanas comhlíonta

Gealltanais RTÉ lyric fm	Torthaí
Oideachas & For-rochtain – ar an laghad 45 cuairt ar scoileanna	Gealltanas comhlíonta
Ar a laghad 215 Craoladh Seachtrach d'fhéiltí réigiúnach, ionaid agus imeachtaí	167 Craoladh Seachtrach (easnamh mar gheall ar athruithe ar chláir/sceideal i rith na bliana)
Coimisiúin chainte (fíorasach & ealaíne) – 9 n-uaire an chloig fíorasach agus 4 uaire oideachais	Gealltanas comhlíonta
Ar a laghad 141 uair an chloig de Nuacht	Sáraíodh an gealltanas 13%
EBU: - 40 tairiscint - glacadh le 300 tairiscint	95% de ghealltanas comhlíonta (laghdú mar gheall ar athruithe sa pholasaí cláir) Sáraíodh an gealltanas 17%

Teilifís RTÉ

RTÉ One –Gealltanais Bhuaicuaire	Torthaí
Ar laghad 125 uair an chloig de Dhrámaíocht idir shraitheanna nua agus shraitheanna fillteacha	Sáraíodh an gealltanas 2%
Ar a laghad 353 uair an chloig de chláir Fhíorasacha lena n-áirítear na hEalaíona, Oideachas agus Creideamh	Sáraíodh an gealltanas 9%
Ar a laghad 298 uair an chloig de Shiamsaíocht agus Ceol	Gealltanas 95% comhlíonta. (Tá an laghdú ar uaireanta mar gheall ar athruithe ar pholasaithe clár e.g. tá athchraoladh *Tubridy Tonight* á chraoladh anois lasmuigh de bhuaicam agus níor leanadh leis an RTÉ *People in Need Telethon* mar a bhí beartaithe i 2006).
Ar a laghad 592 uair an chloig de Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	Gealltanas comhlíonta

RTÉ Two –Gealltanais Bhuaicuaire	Torthaí
Ar an laghad 138 uair an chloig de Dhrámaíocht	55 uair an chloig. Athraíodh an gealltanas sin agus laghdaíodh é mar gheall ar athruithe ar pholasaithe clár. Go háirithe, maidir le hollchlár *Fair City* a bhí ar an aer lasmuigh de bhuaicam ó lár 2006, agus is mar gheall air sin a bhí laghdú ar dhrámaíocht buaicama do RTÉ Two. Mar sin féin, bhí an líon uaire drámaíochta uile a craoladh ar RTÉ Two i 2006 20% níos airde ná mar a bhí i 2005.
Ar an laghad 80 uair an chloig de Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	Gealltanas comhlíonta 90%. Cé gur comhlíonadh an sprioc Nuachta in iomlán, craoladh comhpháirt na hAimsire den Nuacht go minic lasmuigh de bhuaicam mar gheall ar News on Two a bheith ar an sceideal níos deireanaí. Is é an toradh a bhí leis sin ná easpa de ocht n-uair an chloih (agus bhí méadú comhfhreagrach ar líon iomlán uaireanta Nuachta, Cúrsaí Reatha agus Aimsire).
Ar an laghad 107 uair an chloig de Shiamsaíocht agus Ceol	Sáraíodh an gealltanas 16%
Ar an laghad 44 uair an chloig de chláir Fhíorasacha lena n-áirítear na hEalaíona, Oideachas, Creideamh	Sáraíodh an gealltanas 57%

Teilifís RTÉ - ar an dá chainéal	Torthaí
Fotheidealú – méadú go 4850 uair an cloig	Sáraíodh an gealltanas 23%
Ar an laghad 1090 uair an chloig de Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	Sáraíodh an gealltanas 11%
Ar an laghad 761 uair an chloig de chláir do Dhaoine Óga	Sáraíodh an gealltanas 17%
767 uair an chloig de chláir Spóirt	Sáraíodh an gealltanas 17%

Cairt (ar lean)

Grúpaí Oirfide RTÉ

Gealltanais	Torthaí
• Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (RTÉ NSO) – 65 léiriú	Sáraíodh an gealltanas 3%
• Ceolfhoireann Choirme RTÉ – 77 léiriú	Sáraíodh an gealltanas 12%
• RTÉ Vanbrugh Quartet – 28 léiriú	Gealltanas Comhlíonta
• Cóir RTÉ – 7 léiriú	Sáraíodh an gealltanas 43%
• RTÉ NSO le Cór Fiolarmónach RTÉ – 8 léiriú	Gealltanas Comhlíonta
• Aoi-ensembles – 5 léiriú	Sáraíodh an gealltanas 20%
• 80 léiriú agus ceardlann oideachasúla	Sáraíodh an gealltanas 14%

Foilsitheoireacht RTÉ

RTÉ Guide	Torthaí
Treoirlínte lucht féachana a ionchorpú ar liostaí Teilifíse RTÉ e.g. MA, Gen, PF etc le go mbeidh tuismitheoirí in ann rialú a dhéanamh	Leanúnach agus ar siúl go fóill
RTÉ Guide a athdhearadh le go mbeidh sé níos éasca le húsáid agus níos éasca le léamh.	Gealltanas Comhlíonta. Seolta an 2 Meán Fómhair 2006
Forlíonta breise a tháirgeadh don phríomhiris a thabharfaidh roghanna Stíl Mhaireachtála/Cónaithe mar aon le hábhar Siamsaíochta.	Gealltanas Comhlíonta. Táirgeadh deich bhforlíonadh i 2006 lena n-áirítear faisean, sláinte agus airgeadas.
Caidrimh leis an gceannaitheoir/léitheoir an *RTÉ Guide* a atreisiú trí idirghníomhú eagarthóireachta, grúpaí fócais agus taighde rialta.	Gealltanas comhlíonta

Foilsitheoireacht RTÉ (ar lean)

Ríomhfhoilsitheoireacht	Torthaí
Níos mó ábhar RTÉ a chur ar fáil le scaipeadh ar ardáin leathanbhanda (ríomhairí agus fóin póca) sna réimsí nuachta, spóirt agus siamsaíochta.	Gealltanas Comhlíonta. 400 uair an chloig de shruthú raidió ar éileamh curtha leis gach aon seachtain sa bhreis ar 40 uair an chloig de shruthú Teilifíse ar éileamh. Tharla tuilleadh feabhsúchán sna réimsí podchraolta; sruthú beo ar imeachtaí; ábhar ar éileamh ar fhóin póca etc.
Cur le líon lucht éisteachta ar líne RTÉ reatha trí iarracht a dhéanamh meánlíon míosúil na n-imprisean leathanach a mhéadú 20%, ar a laghad.	Gealltanas comhlíonta. Méadaíodh an trácht 43% in aghaidh na bliana agus tháinig méadú 48% ar líon na n-úsáideoirí uathúla in aghaidh na bliana (Deireadh Fómhair 2006 i gcomparáid le Deireadh Fómhair 2005). Foinse: *ABC Electronic, Electronic Media Audits Limited.*
Cáilíocht na seirbhísí ilmheán ar líne a fheabhsú trí chaighdeáin ionchódaithe nua a thabhairt isteach.	Gealltanas comhlíonta
Bealaí nua chun cláir ar éileamh RTÉ a scaipeadh, mar íoslódil agus podchraoladh.	Gealltanas comhlíonta
Láithreán Maoine nua a sheoladh ar RTÉ.ie	Gealltanas comhlíonta. Seolta i mí Iúil 2006.
Leanúint ar aghaidh ag coimeád RTÉ Aertel mar sheirbhís eolais ginearálta a bhfuil tóir air ar theilitéacs agus ar an ngréasán.	Gealltanas comhlíonta. Déanann 2.06m duine rochtain ar sheirbhís Aertel RTÉ. Foinse: *Behaviour & Attitudes in 2006.* Tháinig ardú 24% ar an líon daoine a bhí ag déanamh rochtaine ar RTÉ.ie (Deireadh Fómhair 2006 i gcoinne Deireadh Fómhair 2005).
Seirbhís a sholáthar do mhuintir na hÉireann thar lear le nuacht baile tráthúil agus cuimsitheach ar ár láithreán gréasáin.	Gealltanas comhlíonta. Bíonn gach ábhar nuachta ar fáil don lucht éisteacht idirnáisiúnta. Bíonn rochtain ag 207,000 úsáideoir uathúil atá lonnaithe thar lear ar ábhar nuachta ar RTÉ.ie gach mí. Cruthaíonn sé sin 2.1 milliún imprisean leathanach gach mí.
Tús a chur le forbairt Téacs Digiteach	Gealltanas comhlíonta.
Cur an méid agus is féidir le húsáid teicneolaíochtaí nuálacha chun cur le hidirchaidreamh lucht éisteachta agus cumarsáid idir chláir Teilifíse agus Raidió agus a lucht féachana/lucht éisteachta.	Gealltanas comhlíonta. Bhí 5 oiread níos mó daoine rannpháirteach i *'Test the Nation'* trí SMS ná mar a bhí ar an idirlíon.
Iompar lucht éisteachta a mheas agus freastal ar athruithe trí ábhar RTÉ a sholáthar i bhformáidí ilmheán.	Gealltanas comhlíonta. Buaicphointí spóirt CLG ar fáil ar fóin póca; sruthú beo de chláir ar an ngréasán; Aertel RTÉ píolótach don fhón póca etc.

Cairt (ar lean)

CLÁIR AGUS SEIRBHÍSÍ GAEILGE

Raidió RTÉ

Raidió na Gaeltachta

Is í seirbhís craolacháin speictream iomlán RTÉ Raidió na Gaeltachta croílár agus bunchloch aschur Raidió Gaeilge RTÉ. Tá stiúideonna ag Raidió na Gaeltachta i ngach ceann de na príomh Ghaeltachtaí mar aon le líonra forleathan de stiúideonna agus naisc rannpháirteacha eile ar fud na tíre. Léiríonn Raidió na Gaeltachta an saol trí Ghaeilge agus cuirtear daoine ar an eolas trí mheán na Gaeilge, go príomha sa chlúdach nuachta agus cúrsaí reatha áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. D'fhéadfaí a rá gurb í an tseirbhís phoiblí craoltóireachta sin an fóram poiblí is tábhachtaí ó thaobh na teanga. Tá forbairt an sceidil leagtha amach chun lucht éisteachta nua a mhealladh (cuireadh tús le *Anocht fm* i 2005, seirbhís nua do dhaoine óga), chun tacú leis an gcuraclam *(Gaeilge na hArdteiste)*, agus le go ndéanfaí scéalaíocht a fhorbairt trí ghnéchláir nua, cláir faisnéise agus sraitheanna drámaíochta. Tá cartlann den scoth den teanga agus den chultúr ceoil agus béaloidis cruthaithe ag RTÉ Raidió na Gaeltachta anois agus bítear á chothabháil go leanúnach. Is féidir leis an bpobal agus le mic léinn teacht ar an gcartlann sin gan stró trí chomhpháirtíochtaí le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, le hIonad an Bhlaoscaoid agus Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh.

RTÉ Radio 1

Bhí go leor cláir Ghaeilge ar RTÉ Radio 1, iad seo a leanas ina measc:

- *Céiliúradh ar Ó Cadhain*, sraith chuimhneacháin 5-chlár ar an scríbhneoir Máirtín Ó Cadhain a rugadh céad bliain ó shin.
- *Cré na Cille,* léiriú drámatúil dhá uair a chloig ar an raidió de shárshaothar Uí Chadhain.
- *Faobhar an Chorráin*, an dráma a bhuaigh gradaim san Fhéile Náisiúnta Drámaíochta. Taifeadadh beo ar an láthair é in Iarthar Chorcaí le hAisteoirí Gobnatain.
- Fearg, monalóg a coimisiúnaíodh go speisialta de chuid Máire Mhac an tSaoi, arna léiriú ag Niall Tóibín.
- *Hags, Queens and Wise Women* (dhátheangach), turas Ghearóid Uí Chrualaoich trí litríocht na Gaeilge agus tríd an mbéaloideas sa tóir ar bhandia ársa Éireannach agus mar atá sí ag teacht chun cinn arís sa lá atá inniu ann
- *Songs from a Hidden Ulster* (dhátheangach). Sraith sé chlár ar mhuintir na nGael, ar stair agus ar thraidisiún amhránaíochta an Oirialla á gcur i láthair agus á gcanadh ag Padraigín Ní Uallacháin

Craolann RTÉ Radio 1 seirbhísí Nuachta laethúla, bítear rannpháirteach i Seachtain na Gaeilge, déantar sraith drámaíochta Gaeilge a choimisiúnú agus a léiriú, déantar ceiliúrthaí cultúir a chomóradh mar chomóradh 100 bliain Mháirtín Uí Chadhain agus bíonn téamaí ceoil traidisiúnta, béaloidis, staire agus litríochta le sonrú sna sceidil seachtainiúla.

Teilifís RTÉ

Rinne RTÉ ceiliúradh ar chomóradh céad bliain an t-sárscríobhneora Máirtín Ó Cadhain le clár faisnéise aon uair a chloig a coimisiúnaíodh go speisialta *Máirtín Ó Cadhain – Rí an Fhocail.* Ba iad Seán Ó Cualáin agus Mac Dara Ó Curraighin a léirigh an clár agus bhuaigh an clár gradam IFTA ina dhiaidh sin mar an clár Gaeilge ab fhearr an bhliain sin.

Léirigh foireann intí *Léargas* roinnt snáitheanna nua ar éirigh thar cion leo – *Oileán*, a thug léargas grinn ar roinnt oileán amach ón gcósta; *Talamh an Achrainn*, a scrúdaigh conspóidí talún agus d'fhill *Scannal* ar an scáileán. Mheall an clár sin lucht éisteachta mór ag an am sin den tráthnóna, am atá fíor-iomaíoch, 19.30 ar RTÉ One.

Thacaigh RTÉ le Seachtain na Gaeilge arís feadh na n-ardán go léir. Craoladh sraith teilifíse a coimisiúnaíodh go speisialta i rith an imeachta; thacaigh na Láithreoirí Teilifíse go mór leis an tseachtain; bhí Raidió RTÉ agus Foilsitheoireacht RTÉ rannpháirteach freisin. Mhaoinigh RTÉ Dlúthdhiosca freisin de chláir a craoladh roimhe sin i rith Sheachtain na Gaeilge agus cuireadh ar aghaidh chuig gach scoil é.

Craoladh sraith bunaithe ar an CLG i dTuaisceart Éireann a bhí cómhaoinithe ag an ILBF, *Scéal Ó Thuaidh*, i rith an Fhómhair.

Cuireann RTÉ cláir uair a chloig sa lá ar fáil do TG4, baineann leath uair an chloig le cúrsaí nuachta agus bíonn an leath eile comhdhéanta de chláir a dhéantar in Éirinn, de chláir coimisiúnaithe agus de chláir a cheannaítear. D'fhill *Ardán, An Tuath Nua, Cruinneas*, agus *Bean an Tí* i 2006 agus beidh sraitheanna nua ag teacht ar an aer i 2007.

ROCHTAIN UILÍOCH AR SHEIRBHÍSÍ

Lean RTÉNL ag uasghrádú roinnt córas craolacháin pobal beag i 2006. Laistigh de Thionscadail Chórais Phobail/Féin Chabhrach RTÉNL 2006, tugadh roinnt seanláithreán féinchabhrach nó córais chraolacháin phobail nach raibh á gcothabháil ag RTÉ chuig caighdeáin chothabhála agus shábháilteachta inghlactha le go bhféadfaí iad a chur ar liosta láithreáin oifigiúla RTÉNL. Dhírigh tionscadal 2006 ar 11 láithreán. Coimisiúnaíodh na láithreáin sin go léir agus tá na hoibreacha go léir críochnaithe ach amháin láithreán amháin ag Mossy Glen, ceannaíodh an trealamh iomchuí ach ní chuirfear tús leis an gcoimisiúnú go dtí luath 2007.

Seo a leanas na láithreáin a coimisiúnaíodh agus a críochnaíodh i 2006:

Droim Mór, Co. Dhún na nGall
Cnoc Fola, Co. Dhún na nGall
An Choill Bhán, Co. An Chláir
Croimghlinn Thoir, Co. na Gaillimhe
Séipéal na Carraige, Co. Chorcaí
Curransport, Co. Dhún na nGall
Gleann Charthaigh, Co. Dhún na nGall
Seanadh Farracháin, Co. na Gaillimhe
Rinn Mhaoile, Co. na Gaillimhe
Morleys Bridge, Co. Chiarraí

Tá Mossy Glen, Co. Dhún na nGall le coimisiúnú i 2007.

Eolas Staitisticiúil Eile

Aonad Eolais RTÉ - fiosrúcháin a láimhseáladh



Iarratais ar Shaoráil Faisnéise chuig RTÉ (gan STnaG san áireamh)



Breithnithe an BCC ar ghearáin maidir le cláir RTÉ



* I 2006 seasadh le 2 ghearán in aghaidh chlár raidió amháin, seasadh le 2 ghearán in aghaidh fógraí a craoladh ar RTÉ agus seasadh le gearán amháin in aghaidh chlár teilifíse.

Ina theannta sin bhí 25 gearán a raibh baint acu le Caoinbhéasa nó Cuibheas nach raibh an BCC ábalta breithniú a dhéanamh ina leith mar nach raibh an Cód Caighdeáin Cláir atá le bheith ann i 2007 i bhfeidhm i 2006.

Eolas Staitisticiúil Eile (ar lean)

DUAISEANNA NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA A BRONNADH AR RTÉ I 2006

Imeacht 2006	Iontráil	Catagóir
Irish Medical Media Award	Prime Time Investigates: Home Truths	Gradam Mheáin Chraolacháin na dTomhaltóirí
Irish Medical Media Award	Fergal Bowers, RTÉ Health Corr.	Iriseoir Leighis na Bliana
Western Development Commission Awards	Eileen Magnier, North Western Corr.	Gradam Teilifíse Náisiúnta
Justice Media Awards	Prime Time: Padraig Nally	Buaiteoir Foriomlán
Justice Media Awards	Morning Ireland: Road Safety	An Gradam sa Chatagóir Raidió
Justice Media Awards	For Frances	An Gradam do Thuairisciú ó Chúirteanna (An Roinn Craolacháin)
Justice Media Awards	The Neary Report	Deimhniú Fiúntais
Justice Media Awards	Prime Time: Padraig Nally	Gradam sa Chatagóir Teilifíse
Harambee International Awards for Africa	When You Say A Thousand Goodbyes	Buaiteoir sa Chatagóir Neamh-Afracach
Golden Spiders IT Awards	www.rte.ie	Grand Prix
Golden Spiders IT Awards	www.rte.ie	Nuacht, Ceol agus Siamsaíocht is Fearr
Golden Spiders IT Awards	www.rte.ie	Spórt, Sláinte agus Caitheamh Aimsire is Fearr
Periodical Publishers Assn.of Irl. (PPAI)	RTÉ Guide	Iris Tomhaltóirí na Bliana
Net Visionary Award (Irish Internet Association)	Mobile Internet Contribution	188 ainmniúchán agus 20,000 vóta ón bpobal
Irish Association Of Promotional Marketing	RTÉ 2fm	Buaiteoir Chatagóir na Meán, Gradam Cré-Umha agus Ainmní Eorpach
New York Festival	Lyric: Before and After Science	Bonn Domhanda Cré-Umha: Ceol Speisialta
New York Festival	Indian Ocean Tsunami	Deimhniú d'Iomaitheoir Ceannais: Próifílí/Portráidí Pobail
New York Festival	Twenty Seven	Bonn Domhanda Óir : Dráma Speisialta is Fearr
New York Festival	The Convict Of The Road	Bonn Domhanda Cré-Umha: Anailís ar Spóirt
Oireachtas na Bealtaine Gradaim Chumarsáide	Liam Mac Con Iomaire	Buaic-Ghradam Cumarsáide an Oireachtais (Hall of Fame Award)
Oireachtas na Bealtaine Gradaim Chumarsáide	Adhmhaidin	Clár Raidió na Bliana (Radio Programme of the Year Award)
Oireachtas na Bealtaine Gradaim Chumarsáide	Mártan Ó Ciardha, Eagraí Spóirt RnaG	Colúnaí na Bliana (Columnist of the Year)
Oireachtas na Bealtaine Gradaim Chumarsáide	Gemma Ní Chionnaith, Anocht fm	Gradam Phearsa Raidió na Bliana (Radio Personality of the Year)
PPI Awards: Raidió na Gaeltachta	Seachtar Laoch	An Clár Faisnéise is Fearr
PPI Awards: RTÉ Radio 1	Today with Pat Kenny: Sri Lanka	Cúrsaí Reatha is Fearr
PPI Awards: RTÉ Radio 1	Nomads	Dráma is Fearr
Third Coast Internat. Audio Festival, Chicago	Flux	Bonn Óir: Clár Faisnéise Idirnáisiúnta is Fearr. 258 iomaitheoir idirnáisiúnta
Agricultural Journalism Awards	Micheál Ó Muircheartaigh	Gradam Speisialta do Chumarsáid leis an bPobal faoin Tuath
Celtic Film Festival 2006	John McGahern:A Private World	Clár Faisnéise Ealaíon is Fearr
Celtic Film Festival 2006	Stew	Sraith Siamsaíochta is Fearr
Celtic Film Festival 2006	Jellybaby	Gearr-scannán is fearr
Celtic Film Festival 2006	Final Words - Hurling 04	Próifíl Spóirt is Fearr
EBU Connect Conference 2006	The Year London Blew Up	Catagóir Deartha is Fearr
MAMA Multi-Cultural Awards	One Minute Workshop	Gradam Meán-Amhairc
PROMAX USA	Free To Air	Ór Domhanda: An Cur Chun Cinn is Fearr do Chlár Spóirt
PROMAX USA	The Six Nations	Ór Domhanda: An Úsáid is Fearr as Ceol i gCur Chun Cinn
PROMAX USA	RTÉ News	Bonn Airgid Domhanda: An Cur Chun Cinn is Fearr do Chlár Nuachta
PROMAX USA	Light Up Christmas Movies	Bonn Airgid Domhanda: Saothar Bunaidh do Chur Chun Cinn
Radharc Awards	When You Say A Thousand Goodbyes	Gradam Radharc
Sharks Advertising and Promotions Awards	Prime Time : A & E	Cré-Umha: Nuacht agus Cúrsaí Reatha is Fearr
Sharks Advertising and Promotions Awards	Scary Movie	Cré-Umha: Scríobh Scripte is Fearr
Sharks Advertising and Promotions Awards	Christmas on RTÉ 2	Cré-Umha: Aithint Stáisiúin is Fearr
Sharks Advertising and Promotions Awards	Moments Shared	Ór: Cur Chun Cinn Spóirt is Fearr. 1,000 iontrálaí idirnáisiúnta san iomaíocht
Sharks Advertising and Promotions Awards	Beckett 100	Airgead: Siamsaíocht is Fearr
Sharks Advertising and Promotions Awards	In A World	Airgead: Úsáid is Fearr as Greann (Scannáin)
Smart Telecom TV Now Awards	David Mitchell, Fair City	An Réalta Fir is Fearr
Smart Telecom TV Now Awards	Return To Tsunami	An Clár Faisnéise is Mó Tóir
Smart Telecom TV Now Awards	The Clinic	An Dráma is mó Tóir
Smart Telecom TV Now Awards	Kathryn Thomas	Láithreoir Teilifíse Mná is Mó Tóir
Smart Telecom TV Now Awards	Derek Mooney	Láithreoir Teilifíse Fir is Mó Tóir
Smart Telecom TV Now Awards	You're A Star	Seó Réalaifíse is Mó Tóir
Smart Telecom TV Now Awards	The Podge and Rodge Show	Seó Teilifíse is Mó Tóir
VIP Magazine	Pamela Flood	Gradam don Bhean is Fearr a bhfuil Stíl aici
Agricultural Journalism Awards	Ear to the Ground	Catagóir Craolacháin Náisiúnta: Helen Carroll
EBU Connect Conference 2006	Beckett 100	Buaiteoir: Feachtas Trasmheán is fearr
International Visual Comms. Assn (IVCS)	Beckett 100	Gradam Speisialta Clarion do Bhuaicghnóthachtáil
World Media Festival, Hamburg	When You Say A Thousand Goodbyes	Gradam Golden Globe
US International Film and Video Festival	When You Say A Thousand Goodbyes	Ceamara Órga
Chicago International Film Festival	When You Say A Thousand Goodbyes	Comórtas Idirchum Gold Hugo,
International Angel Awards, USA	When You Say A Thousand Goodbyes	Aingeal Airgid
New York Festival	When You Say A Thousand Goodbyes	Bonn Domhanda Cré-Umha
Worldfest Heuston, USA	When You Say A Thousand Goodbyes	Remi Cré-Umha

Mar chuid de thiomantas leanúnach RTÉ maidir le cláir réigiúnacha, chraol an stáisiún ó roinnt ionad ar fud na tíre ar bhonn rialta.

Áirítear orthu sin an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl i gCo. Cheatharlach

Innéacs

A
Acht Um Údaráras Craolacháin 1960 32
Áireamh fostaithe 26, 63
Anailís ar fhoireann 26
Ár gcuid oibre 2
Athbhreithniú airgeadais 24
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra 5
Athbhreithniú oibriúcháin 7

B
Bainistíocht riosca airgeadais (nóta 14) 73
Beartais chuntasaíochta 38
Bille craolacháin (Leasú) 2006 4
Bord Feidhmeannais 30
Buaicphointí 1

C
Caighdeáin Tuariscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) 27
Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí 79
Caiteachas caipitil (nóta 7) 64
Cánachas (nóta 6) 63
Ceadúnas teilifíse, ioncam 24
Clár Comhardaithe
- Grúpa 42
- RTÉ 44
Cláir agus seirbhísí Gaeilge 86
Cláir a rinneadh in Éirinn 9
Cód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit 32
Coiste Iniúchóireachta 29, 32
Coiste na gClár 29, 32
Coiste Reachtaíochta 29, 33
Comhairle Luch Éisteachta 5, 79
Coiste um Luach Saothair agus Forbairt Bainistíochta 29, 33
Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC) 87
Coiste um Fhorbairt Chorporáideach 29, 33
Combined Code 32
Costais oibriúcháin 25
Craoladh digiteach fuime (DAB) 13, 17
Creidiúnaithe (nóta 10) 68

D
DAB 13, 17
Daoine nach n-íocann an ceadúnas 24
Deontais chaipitil (nóta 11) 69
Deontais i gcabhair réamhíochta faighte (nóta 11) 69
DTT 4, 5, 17
Duaiseanna 88

E
Eolas cistíochta (nóta 14) 73
Eolas teascánach (nóta 1) 45

F
Fás ar ioncam tráchtála 24
Faomhadh na ráiteas airgeadais (nóta 18) 78
Feichiúnaithe (nóta 9) 68
Fís Clúdach taobh istigh
Fochuideachtaí (nóta 8) 65
Foilsitheoireacht (IBD) 19
Freastal ar chruinnithe Údaráis 29
Freagracht chorporáideach 5
Freagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis 36
FRS 17 24, 70

G
Gluaiseachtaí sa chuntas ioncaim agus caiteachas 41
Grúpaí Oirfide (IBD) 21

I
IBD Foilsitheoireachta 19
IBD Grúpaí Oirfide 21
IBD Líonra 17
IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha 15
IBD Raidió 11
IBD Teilifíse 7
Ioncam tráchtála 24
Ioncam ón gceadúnas teilifíse 24
Iniúchóirí, Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách 37
Iniúchóirí, a luach saothair 62

L
Léasanna oibriúcháin (nótaí 4 agus 15) 62, 76
Leithdháile na Táille Ceadúnais 24
Líon na bhfostaithe 26, 63
Líonra (IBD) 17
Luach saothair na n-iniúchóirí 62
Luach saothair na gcomhaltaí Údaráis 34

M
Misean Clúdach taobh istigh

N
Nótaí leis na ráitis airgeadais 45
Nuacht agus Cúrsaí Reatha (IBD) 15

P
Pinsin 27, 70
Plean corporáideach stráiteasach 4, 5

R
Raidió (IBD) 11
Ráiteas ioncaim agus caiteachais 40
Ráiteas an Chathaoirligh 4
Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta 38
Ráiteas faoi fhreagrachtaí na gcomhaltaí Údaráis 36
Ráiteas faoi iomlán na ngóthachan agus
na gcaillteanas aitheanta 41
Ráiteas faoi shreabhadh airgid 43
Ráiteas Gealltanas 80
Rialachas corporáideach 32
Rialú inmheánach 34

S
Saoráil faisnéise 87
Scéim Ginereálta don Bhile Craolacháin 4, 5
Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta 23, 26
Sócmhainní airgeadais (nóta 8) 65
Sócmhainní inláimhsithe seasta (nóta 7) 64
Soláthairtí in aghaidh dliteanas (nóta 12) 70
Stair airgeadais 91
Structúr na hEagraíochta 3

T
Táille Ceadúnais, leithdháile 24
Táille Ceadúnais, úsáid 25
Teilifís dhigiteach trastíre (DTT) 4, 5, 17
Teilifíse (IBD) 7
TG4 23
TG4, deighilt 5
Tuairisc Chomhaltaí Údaráis 35
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta 37

U
Uaireannta de réir seánra
- Teilifís 9
- Raidió 11
Údarás 28
Ús infhaighte (nóta 2) 61
Ús iníochta (nóta 3) 61
Úsáid na Táille Ceadúnais 25

Stair Airgeadais

	2006 €'000	2005 €'000	2004 €'000	2003 €'000	2002 €'000
IONCAM & CAITEACHAS					
Táillí Cheadúnas Teilifíse	182,836	170,131	166,164	157,425	114,051
Ioncam tráchtála	222,185	199,757	176,718	155,247	157,947
Ioncam iomlán	405,021	369,888	342,882	312,672	271,998
Costais oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas & amúchadh [1]	(380,529)	(347,484)	(315,308)	(290,491)	(276,140)
Barrachas oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas & amúchadh [1]	24,492	22,404	27,574	22,181	(4,142)
Dímheas & amúchadh	(16,134)	(15,955)	(15,672)	(19,486)	(17,795)
Dímheas luathaithe/lagú foirgnimh	-	-	(19,039)	-	-
Gnóthachan/(caillteanas) ó dhiúscairt sócmhainní	(152)	1,684	16,619	(673)	59
Costais athstruchtúraithe	-	-	-	-	(35,368)
Barrachas roimh ús agus cáin [1]	8,206	8,133	9,482	2,022	(57,246)
Ús infhaighte	2,392	1,597	1,160	1,055	1,706
Ús iníoctha	(354)	(445)	(571)	(816)	(482)
Barrachas/(easnamh) roimh cháin roimh FRS 17	10,244	9,285	10,071	2,261	(56,022)
Cáin	-	-	(3,266)	-	-
Barrachas/(easnamh) tar éis cháin roimh FRS 17	10,244	9,285	6,805	2,261	(56,022)
Tionchar FRS 17	8,507	7,176	11,899	Féach nóta 1	Féach nóta 1
Barrachas roimh cháin ar bhonn FRS 17	18,751	16,461	18,704		
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní inláimhsithe	90,123	91,690	93,643	118,019	127,455
Sócmhainní airgeadais	-	-	1,615	1,615	1,615
Glansócmhainní reatha	46,282	40,968	36,003	15,443	25,697
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha	136,405	132,658	131,261	135,077	154,767
Deontais chaipitil	(12,541)	(13,370)	(14,663)	(16,081)	(16,501)
Soláthairtí do dhliteanas agus táillí	(21,326)	(26,994)	(33,589)	(42,792)	(64,323)
Glansócmhainní ar 31 Nollaig gan sócmhainní phinsin	102,538	92,294	83,009	76,204	73,943
Sócmhainn phinsin	13,872	3,253	3,217	51,546	5,479
Glansócmhainní ar 31 Nollaig agus sócmhainní phinsin san áireamh	116,410	95,547	86,226	127,750	79,422
SREABHADH AIRGID					
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	28,862	20,690	30,821	24,842	(5,180)
Míreanna eisceachtúla neamhoibriúcháin	(6,022)	(7,040)	(9,773)	(19,535)	(22,166)
Torthaí ar an infheistíocht	1,670	1,597	1,159	1,047	1,460
Cánachas	-	-	(3,266)	-	-
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	(10,930)	(10,710)	7,022	(10,013)	(11,001)
Glanchistí ar 1 Eanáir	67,766	63,229	37,266	40,925	77,812
Glanchistí ar 31 Nollaig	81,346	67,766	63,229	37,266	40,925
ÁIREAMH FOSTAITHE					
Bunaíocht roimh thabhairt chun rialtachta	1,970	1,926	1,820	1,712	1,692
Meastachán iardhearcach den líon foirne a bhí fostaithe mar chonraitheoirí roimhe seo	313	313	313	313	313
RTÉ (gan TG4)	2,283	2,239	2,133	2,025	2,005
TG4	109	107	110	110	103
Iomlán ar 31 Nollaig	2,392	2,346	2,243	2,135	2,108

[1] Déantar costais oibriúcháin, an barrachas oibriúcháin roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh agus an barrachas roimh ús agus cáin a ríomh thuas ar an mbonn a leagtar amach roimh FRS 17, agus is go leithleach a léirítear tionchar FRS 17 sa ráiteas ioncaim agus caiteachais le haghaidh 2004, 2005 agus 2006. Tá na cláir chomhardaithe ar 31 Nollaig 2002, 2003 agus 2004 aluaite do ghlacadh FRS 17.